Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

# TUARSCÁIL AR MHEASÚNÚ TIONCHAIR TIMPEALLACHTA

## Tionscadal Feabhsúcháin Bealaí Tosaíochta TEN-T, Dún na nGall

## Imleabhar A Achoimre Neamhtheicniúil




TT_MGT0337-RPS-P3-ZZ-RP-E-EN0001

EIAR

Márta 2026

# Clár Ábhair


**1 RÉAMHRÁ ....... 1**
1.1 Cuspóirí Forbartha Beartaithe ....... 2
1.2 Riachtanas EIA ....... 6

**2 CÚLRA AGUS RIACHTANAS NA FORBARTHA BEARTAITHE ....... 7**

**3 COMHTHÉACS NA PLEANÁLA & AN PHOLASAÍ ....... 9**
3.1 Comhthéacs an Pholasaí Idirnáisiúnta ....... 9
3.2 Comhthéács an Pholasaí Eorpaigh ....... 10
3.2.1 Railacháin an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair ....... 10
3.2.2 An Railachán maidir le Bonneagar Breosla Malartaigh Airteagal 3 ....... 10
3.2.3 An Comhaontú Glas don Eoraip ....... 10
3.3 Comhthéacs an Pholasaí Náisiúnta ....... 10
3.4 Comthéacs an Pholasaí Réigiúnaigh ....... 12
3.5 Comhthéacs an Pholasaí Áitiúil ....... 12

**4 CUR SÍOS AR AN TIONSCADAL ....... 14**
4.1 Forbhreathnú ....... 14
4.2 Dearadh ....... 15
4.3 Clár ....... 15
4.4 Oibreacha Cur chun Cinn / Cumasúcháin ....... 16
4.5 Tógáil ....... 16
4.6 Cuid 1 ....... 17
4.7 Cuid 2 ....... 18
4.8 Cuid 3 ....... 20
4.9 Oibriúchán ....... 23

**5 MEASÚNU AR ROGHANNA ....... 24**
5.1 Roghanna Malalartacha Bótharbhunaithe don Fhorbairt Bheartaithe ....... 25
5.2 Roghanna Malalartacha Bótharbhunaithe don Fhorbairt Bheartaithe ....... 25
5.3 Gan Rud ar Bith a Dhéanamh ....... 25
5.4 An Íosmhéid a Dhéanamh ....... 25
5.5 Rud Éigin a Dhéanamh ....... 26
5.6 Roghanna Eile Conair Bealaigh: Próiseas Ginearálta ....... 26
5.6.1 Cuid 1 ....... 27
5.6.2 Cuid 2 ....... 28
5.6.3 Cuid 3 ....... 30
5.7 Céim 3 Forbairt Dearaigh: Gach Cuid den Fhorbairt Bheartaithe ....... 30

**6 TRÁCHT & IOMPAR ....... 31**

**7 DAONRA ....... 33**
7.1 Timpeallacht Bhonnlíne ....... 33
7.2 Measúnú Tionchair agus Bearta Maolaithe ....... 33
7.2.1 Céim na Tógála ....... 33
7.2.2 Céim Oibríochta ....... 34

**8 SLÁINTE AN DUINE ....... 37**
8.1 Modheolaíocht ....... 37
8.2 Timpeallacht Bhonnlíne ....... 37
8.3 Measúnú Tionchair ....... 38

**9 BITHÉAGSÚLACHT ....... 40**
9.1 Caibidil 9A: Bithéagsúlacht - Talamh ....... 40
9.1.1 Modheolaíocht ....... 40

9.1.2 Timpeallacht Bhonnlíne .....40
9.1.3 Measúnú Tionchair .....41
9.1.4 Bearta Maolaithe .....42
9.1.5 Tionchair Iarmharacha .....42
9.1.6 Conclúid .....42
9.2 Caibidil 9B: Bithéagsúlacht - Uisce .....43
9.2.1 Modheolaíocht .....43
9.2.2 Timpeallacht Bhonnlíne .....43
9.2.3 Measúnú Tionchair agus Bearta Maolaithe .....44
9.2.4 Tionchair Iarmharacha .....44

**10 TALAMH, ITHREACHA & HIDRIGEOLAÍOCHT .....45**

**11 UISCE .....47**
11.1 Timpeallacht Bhonnlíne .....47
11.2 Caighdéan an Uisce .....48
11.3 Tuilte .....48
11.4 Toinchair Iarmharacha .....48

**12 CAIGHDEÁN AN AEIR .....49**

**13 AIRÁID .....51**

**14 TOREANN & TONNCHRITH .....53**

**15 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA: TALMHAÍOCHT .....54**

**16 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA: NEAMHTHALMHAÍOCHT .....56**
16.1 Fóntais .....56
16.2 Dramhaíl .....56
16.3 Tógáil Talaimh Neamhthalmhaíochta .....58

**17 OIDHREACHT CHULTÚRTHA .....59**

**18 TÍRDHREACH & AMHAIRC .....62**

**19 IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ & ÉIFEACHTAÍ CARNACHA .....64**
19.1 Modheolaíocht .....64
19.2 Idirghníomhachtaí .....64
19.3 Éifeachtaí Carnacha .....65
19.4 Éifeachaí Trasteorann .....65

**20 RIOSCAÍ MÓRTHIMPISTÍ AGUS TUBAISTÍ .....66**
20.1 Céim 1 Scagagh .....66
20.2 Céim 2 Scóipeáil .....66
20.3 Céim 3 Measúnú .....67
20.4 Bearta Maolaithe .....67
20.5 Monatóireacht .....67
20.6 Éifeachtaí Iarmharacha .....67

**21 SCEIDEAL NA NGEALLTANAS TIMPEALLACHA .....68**

## Tables

Tábla 17.1 Tionchair sa Chéim Tógála ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha ....59
Tábla 17.2 Tiorchair sa Chéim Oibríochta ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha ....59
Tábla 17.3 Tábla na hÉifrachta ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha ....60
Table 17.4 Tábhacht Iarmharach na hÉifeachta ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha ....61

## Figures

Fior 1-1: Tionscadal Feabhsúchán Bealaí Tosaíochta TEN-T, Dún na nGall ....1
Fior 1-2: Nascacht leis an iarthuaisceart ó chartracha náisiúnta, ionaid réigiúnacha agus taobh istigh de NWCR ....4
Fior 1-3: Léarscáil suímh, ilmhódúlacht agus rogha idirghabhála cumaisc ....5
Fior 1-4: Gréasan fairsing de thaisteal gníomhach san Fhorbairt Bheartaithe (63km) ....5
Fior 3-1: Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe ....9
Fior 4-1: Cuid 1 Leagan amach na Forbartha Beartaithe ....17
Fior 4-2: Cuid 2 Leagan amach na Forbartha Beartaithe ....19
Fior 4-3: Cuid 3 Leagan amach na Forbartha Beartaithe ....22
Fior 5-1: Cuid 1 Rogha Roghnaithe - Rogha 1G lena n-áirítear Nasc Bealach Féich Rogha E ....28
Fior 5-2: Cuid 2 Rogha Roghnaithe - Rogha 2D ....29
Fior 5-3: Cuid 3 Rogha Roghnaithe - Rogha 3B2 ....30

**Liosta na nAcrainmneacha taobh istigh den Achoimre Neamhtheicniúil.**

| Acrainm | Ciall |
|---|---|
| AADT | Meántrácht Laethúil Bliantúil |
| AAV | Méanlimistéar Talmhaíochta |
| ABP | Pleanáil Ghníomhaíochtbhunaithe |
| CDDP | Pleanáil Forbartha Chontae Dhún na nGall |
| CIA | Measúnú ar Thionchar Carnach |
| DAERA | An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe |
| DCC | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| DHLGH | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| DMRB | Lámhleabhar Dearrha do Bhóithre agus do Dhroichid |
| DN | Gan Rud ar Bith a Dhéanamh |
| DS | Rud Éigin a Dhéanamh |
| DVO | Oifig Tréadliachta Ceantair |
| EIAR | Tuarascáil ar Mheasúnacht ar Thionchar Timpeallachta |
| EIS | Ráiteas maidir le Tionchar Timpeallachta |
| END | Treoir maidir le Torann Comhshaoil |
| EOP | Plean Oibríochtaí Comhshaoil |
| EPA | An Ghníomhaíocht um Chaomhnú Comhshaoil |
| AE | An tAontas Eorpach |
| GWB | Comhlacht Screamhuisce |
| IEF | Gnéithe Tábhachtacha Éiceolaíochta |
| IEL | Ceadúnas Astaíochtaí Tionscaíocha |
| IPC | Rialú Comhtháite Truaillithe |
| MCA | Anailís Ilchritéir |
| NRDO | An Oifig Náisiúnta um Dhearadh Bóithre |
| NWRA | Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair |
| KPH | Ciliméadar in aghaidh na huaire |
| LAP | Plean Ceantair Áitiúil |
| LCA | Limistéar Carachtar Tírdhreacha |
| LI | Tábhachtach go háitiúil |
| LiDAR | Brath agus Raon Solais |
| LLO | Oifigeach Idirchaidrimh Talún |
| LVIA | Measúnacht ar Thionchar Amhairc Tírdhreacha |
| NIFTI | An Creat Náisiúnta Infheistíochta don Iompar in Éirinn |
| TÉ | Tuaisceart Éireann |

| Acrainm | Ciall |
|---|---|
| NWCR | Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt |
| NRA | An tÚdarás Bóithre Náisiúnta |
| OPW | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| PAGs | Treoirlínte maidir le Bainistíocht Tionscadail |
| PLO | Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail |
| PMG | Treoirlínte maidir le Bainistíocht Tionscadail |
| POR | Réamhthurascáil Measúnaithe Roghanna |
| PÉ | Poblacht na hÉireann |
| SAC | Limistéir Chaomhantais Speisialta |
| SPA | Limistéar faoi Chosaint Speisialta |
| SUDs | Córais Draenála Inbhuanaithe |
| TEN-T | An Gréasán Iompair Tras-Eorpach |
| TTM | Bainistíocht Tráchta Shealadach |
| TII | Bonneagar Iompair Éireann |
| UK | An Ríocht Aontaithe |
| WTC | Conair Iompair an Iarthair |
| WFD | Creat-Treoir Uisce |

### Aonaid a úsáidtear sa Tuarascáil Achoimre Neamhtheicniúil


| Tomhas Paraiméadair | Aonad |
|---|---|
| Achar | Heicteáir |
| Achair Fhada | Ciliméadar (km) |
| Achair Ghearra | Méadar (m) |
| Fuaimdhéine | Deicibéil (dB) |

# 1 RÉAMHRÁ

Is é an rud atá i gceist leTionscadal Feabhsúcháin Bealaí Tosaíochta TEN-T, Dún na nGall (an Fhorbairt Bheartaithe) ná idirghabháil spriocdhírithe agus chuí ar thrí chuid de ghréasán bóithre náisiúnta TEN-T/ i nDún na nGall. Cuimsíonn an idirghabháil feabhsú agus uasghrádú ar line, seachbhóthar thrí ionad uirbeacha, ath-athlíniú bealaigh lena n-áirítear líonra de thaisteal gníomhach, substaintiúil, deighilte.

Tá trí chuid san Fhorbairt Bheartaithe mar a a thugtar achoimre thíos agus mar a léirítear in **Fior 1-1**:

- **Cuid 1 – N15/N13 Réigiún Uirbeach Bhealach Féich/Srath an Urláir**
  *Taisteal gníomhach, moil mhódacha, seachbhóthar uirbeach*
- **Cuid 2 – N56/N13 Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagái**
  *Taisteal gníomhach ar líne/uasghrádú, ath-ailíniú bealaigh, seachbhóthar uirbeach (Leitir Ceanainn)), mol modúil*
- **Cuid 3 – N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear/An Srath Bán/A5**
  *Taisteal gníomhach, ath-ailíniú bealaigh, seachbhóthar uirbeach (Leifear) agus rochtain ar nasc trasteorann (Leifear/An Srath Bán), moil mhodúil*




**Fior 1-1: Tionscadal Feabhsúchán Bealaí Tosaíochta TEN-T, Dún na nGall**

Aithníodh na trí chuid mar na codanna is airde tosaíocht de líonra TEN-T i nDún na nGall a bhfuil idirghabháil de dhíth orthu. Is é Bonneagar Iompair Éireann (TII) an tÚdarás Ceadaithe don Fhorbairt Bheartaithe. Is í Comhairle Contae Dhún na nGall an Ghníomhaireacht Urraíochta agus Oifig Dearaidh Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall ag feidhmiú mar Bhainisteoir Tionscadail.

Tá an Fhorbairt Bheartaithe á cur i bhfeidhm de réir Threoirlínte Bainistíochta Tionscail (PMGs) TII, a nuashonraíodh go deireanach in 2025.

## 1.1 Cuspóirí Forbartha Beartaithe

Seo a leanas cuid de phríomhghnéithe na Forbartha Beartaithe agus an sainról atá acu maidir le cuspóirí an tionscadail a bhaint amach:

- **4.4 km de dhébhealach de Chineál 1 leis an ghréasán atá ann cheana féin a bharrfheabhsú agus a athnuachan**
  Is feabhsaithe móra na hoibreacha seo ar athléimneacht an líonra agus téann siad i ngleic le saincheisteanna suntasacha sábháilteachta oidhreachta.

- **30.9 km de bhóthar roinnte de Chineál 2 a chruthaíonn seachbhóithre uirbeacha i Leitir Ceanainn (Lárionad Réigiúnach), Bealach Féich, Srath an Urláir, Leifear-An Srath Bán**
  Cumasaíonn na bealaí seachbhóthair nua seo taisteal gníomhach, athghiniúint uirbeach agus feabhsaíonn siad an timpeallacht lena n-áirítear caighdeán an aeir agus an torainn i gcriosanna uirbeacha. Cuireann na seachbhóithre go mór le hiontaofacht agus le sábháilteacht am turais.

- **3.1 km de bhóthar roinnte Cineál 3 (Ceanglóir Príomhbhóthair an N15)**
  Bóthar nua roinnte a nascann an N13 atá beartaithe leis an N15 atá ann faoi láthair, ó thuaidh de Shrath an Urláir.

- **1.8 km de charrbhealach aonair bóthar náisiúnta**
  Feabhsúcháin ar an ghréasán bóithre náisiúnta san áit a bhfuil comhéadan aige leis an Fhorbairt Bheartaithe

- **40.3 km de charrbhealach nua bóthar neamhnáisiúnta**
  Feabhsúcháin ar an ghréasan bóithre neamhnáisiúnta san áit a bhfuil comhéadan aige leis an Fhorbairt Bheartaithe.

- **63 km gréasán de thaisteal gníomhach lándeighilte nua**
  Tá an t-infreastruchtúr mór-athraithe módúil seo ceangailte leis an Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta, Eurovelo atá ann faoi láthair agus atá beartaithe, Glasbhealaí TII agus Gréasán Glasbhealaí Réigiún an Teorann. Tá sé comtháite go forleathan fosta leis na líonraí rothaíochta/coisithe atá ann cheana féin agus le príomhbhailte agus cinn scribe lena n-áirítear scoileanna, áiseanna pobail etc,), rud a fheabhsaíonn ‘an míle deireanach’.

- **Ocht mol nua maidir le haistriú módúil (áiseanna páirceála agus comhroinnte/ rothaíochta)**
  Is forbairtí nuálacha réamhghníomhacha iad seo a chomhtháthaíonn go réidh agus go héifeachtach taisteal gníomhach ~ iompar poiblí agus modhanna feithiclí príobháideacha ar mhaithe le rogha ilmhódach níos fearr agus spreagann siad roghanna taistil idir-uirbeacha glana agus ísealcharbóin.
- **Gréasán nua agus feabhsaithe féideartha de bhonneagar/ rochtain ar bhreosla malartach**
  Tá suíomhanna le stáisiúin bhreosla ísealcharbóin malartach a éascú nó a sholáthar á bhforbairt taobh istigh de na hocht suíomh mol módúil agus ag áiteanna féideartha scíste agus athluchtaithe speisialta ar líne. Is tosaíocht é comharthaíocht a bheith ann de na suíomhanna r-mhuirearaithe agus de bhreosla malartach atá ann faoi láthair agus atá beartaithe.

- **Seacht mórthrasnú ar dhroichid abhann**
  Tá siad seo i gCuid 1: Abhainn na Finne (Bealach Féich), Backlees, An Chloch Rua; Cuid 2: an tSúileach; agus Cuid 3: Sruthán na Súilí, An Daoil agus Abhainn na Finne (Leifear).

- **Struchtúir eile**
  Cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe 17 dtardhroichead bóthair, 16 fhodhroichead bóthair, 3 dhroichead de thaisteal gníomhach, 12 fhobhealach de thaisteal gníomhach agus cóiríochta, 9 mballa coinneála, 12 thúr freastail comharthaíochta bóthair, agus thart ar 3.7 km de bhacainn torainn timpeallachta ar feadh iomlán na Forbartha Beartaithe.

- **Ceangail Bóithre, Acomhail agus Druidim Bóithre**
  Cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe ceangail leis an ghréasán bóithre atá ann faoi láthair, 7 n-acomhal grád-scartha agus 10 dtimpeallán ag grád a chruthú, agus roinnt bóithre atá ann cheana féin a bhlocáil, a dhruidim agus/nó a bhaint ar shiúl leis an Fhorbairt Bheartaithe a éascú.

- **Draenáil**
  Tá lionra draenála fairsing san áireamh leis an Fhorbairt Bheartaithe agus cuimsíonn sé linnte maolaithe (bogaigh hibrideacha), limistéir stórála tuilte agus sruthanna éalaithe.

- **Oibreacha coimhdeacha**
  Oibreacha coimhdeacha amhail líneáil agus stodaí bóthair, comharthaíocht agus túir freastail chomharthaíochta, bacainní sábháilteachta, sconsaí, soilsiú, duchtú.


- **Atreoraithe fóntais**
  Leis an Fhorbairt Bheartaithe a thógáil beidh gá le seirbhísí agus fóntais atá ann cheana féin (e.g. leictreachas, uisce, fuíolluisce) a atreorú, lena n-áirítear línte lastuas 110 kv ESB atá ann faoi láthair.

- **Tionscnaimh éagsúla timpeallachta lena n-áirítear bearta maolaithe agus monatóireachta**
  Cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe tionscnaimh fhairsinge timpeallachta agus bearta coigilte carbóin. Cuirfear bearta maolaithe agus monatóireachta timpeallachta i bhfeidhm mar atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS).

- **Gan Glanchaillteanas Bithéagsúlachta:**
  Cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe bearta le Gan Glanchaillteanas (NNL) bithéagsúlachta a bhaint amach i gcomhréir le beartas pleanála BIO-P-3(d) de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030. Rinneadh measúnú ar an Fhorbairt Bheartaithe iomlán chomh maith le gach cuid ina haonar, agus ullmhaíodh tuarascáil ar leith chuige: *No Net Biodiversity Loss Report* agus lena chois *Biodiversity Management Plan*.


Soláthraíonn gach feabhsú bealaigh atá beartaithe, go háirithe na seachbhóithre agus an chuid nua ath-ailínithe iontaofacht ama turais. Sin príomhchuspóir de chuid na Forbartha Beartaithe agus tá sé ag teacht le sprioc NPF 2040 maidir le meánluas idiruirbeach de 90 kph idir na cúig chathair náisiúnta agus cúig ionad réigiúnacha (Leitir Ceanainn san áireamh) (Féach **Fior 1-2**).

Tacaíonn na feabhsuithe bealaigh uilig le nascacht uile-oileáin tríd an chomhéadan le Mórbhóthar beartaithe T3 i dTuaisceart Éireann agus nascfaidh sin le A5 Conair Iompair an Iarthair (A5 WTC) i dTuaisceart Éireann. Cuireann an Fhorbairt Bheartaithe feabhas breise ar 34% de ghréasán iompair Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt (NWCR) (Leitir Ceanainn-Doire-An Srath Bán) (Féach **Fior 1-2**).  Tacóidh sin go mór le poitéinseal fáis an NWCR agus a gheilleagar.





**Fior 1-2: Nascacht leis an iarthuaisceart ó chartracha náisiúnta, ionaid réigiúnacha agus taobh istigh de NWCR**

Soláthraíonn **Fior 1-3** agus **Fior 1-4** sonraí faoi shuíomh, ilmhódúlacht agus idirghabhálacha na Forbartha Beartaithe agus faoin méid atá sa ghréasán iomlán deighilte de thaisteal gníomhach.




**Fior 1-3: Léarscáil suímh, ilmhódúlacht agus rogha idirghabhála cumaisc**




**Fior 1-4: Gréasan fairsing de thaisteal gníomhach san Fhorbairt Bheartaithe (63km)**

## 1.2 Riachtanas EIA

Tá na trí chuid a mheastar a bheith san Fhorbairt Bheartaithe mar thrí chomhpháirt de thionscadal amháin. Tá EIAR curtha i gcrích den Fhorbairt Bheartaithe ina hiomláine, i.e. na trí chuid le chéile. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag déanamh iarratais faoi alt 51(2) d'acht na mBóithre 1993 (arna leasú) chuig An Choimisiún Pleanála ('an Coimisiún') ar cheadú i ndáil leis an Fhorbairt Bheartaithe. Comhlíonann tréithe na Forbartha Beartaithe na ceanglais reachtacha maidir le EIA, go sonrach an sainmhíniú ar chineálacha forordaithe d'Fhorbairt Bheartaithe faoi Rialachán 8(a) de na Rialacháin um Bóithre, 1994, (arna leasú), agus faoi alt 50(1)(a)(iv) d'Acht na mBóithre, 1993, (arna leasú). Sáraíonn gach cuid den Fhorbairt Bheartaithe chomh maith leis an Fhorbairt Bheartaithe fhoriomlán (i.e. gach ceann de na trí chuid le chéile) na critéir íosta do chineál forordaithe d'fhorbairt bóthair bheartaithe mar atá leagtha amach i Rialachán 8 agus dá bhrí sin tá EIA éigeantach. Tá achoimre ar shaintréithe sonracha thíos:

- I gCuid 1 Bealach Féich/ Srath an Urláir cuimsítear cuid de phríomhlíne an débhealaigh atá ceithre lána ar leithead agus atá thart ar 9.7 km ar fad. Cuimsíonn Cuid 1 fosta tógáil droichead nua thar Abhainn na Finne thart ar 360 m ar fad.

- I gCuid 2 Leitir Ceanainn/ Mainéár Uí Chuinneagáin cuid de phríomhlíne an débhealaigh atá ceithre lána ar leithead chomh maith le cuid de phríomhlíne de dhébhealach athailínithe agus feabhsaithe atá ceithre lána ar leithead ar feadh ina iomláine thart ar 8.8 km ar fad. Cuimsítear fosta i gCuid 2 tógáil droichead nua thar an tSúileach thart ar 234 m ar fad.

- I gCuid 3 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear cuimsítear cuid de phríomhlíne de dhébhealach atá ceithre lána ar leithead agus thart ar 17.5 km ar fad. I gCuid 3 chomh maith tá tógáil droichead nua thar Abhainn na Finne thart ar 260 m ar fad.

- I ngach ceann de na trí Chuid tá tógáil bóthar nua ina bhfuil ceithre lána nó níos mó agus/nó ailíniú nó leathnú bóthair atá ann cheana féin le go mbeidh ceithre lána nó níos mó ann, más rud é go mbeidh an bóthar nua, ailínithe nó leathnaithe níos mó ná 8 km ar fad i gceantar tuaithe agus/nó 500 m ar fad i gceantar uirbeach.

- I ngach ceann de na trí Chuid tá tógáil droichead nua, gach ceann acu thar 100 m ar fad.

Mar chineál forbartha bóthair forordaithe mar a thuairíscítear in Alt 50 d'Acht na mBóithre, 1993, (arna leasú) tá cur i gcrích EIA éigeantach agus ní mór an EIAR seo a chur isteach.

Mar a luaitear in Airteagal 3(1) de Threoir 2011/92/EU arna leasú ag Treoir 2014/52/AE ( "Treoir EIA "),caithfidh EIA breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha díreacha agus na héifeachtaí indíreacha ó na tosca a leanas: daonra agus sláinte an duine, bithéagsúlacht agus aird ar leith ar speicis agus ar ghnáthóga arna mheas faoi Threoir 92/43/EEC agus faoi Threoir Directive 2009/147/EC, ithir, aer, uisce, agus aeráid, sóchmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha agus an tírdhreach, agus an t-idirghníomhú idir na gnéithe.

# 2 CÚLRA AGUS RIACHTANAS NA FORBARTHA BEARTAITHE

I gCaibidil 2 den EIAR seo tugtar cúlra na Forbartha Beartaithe agus an riachtanas atá léi.

Mar gheall ar theorainneacha geografacha agus polaitiúla tá Co. Dhún na nGall ar na réigiúin is dícheangailte agus is imeallaithe, ní hamháin in Éirinn ach san Eoraip. Níl bun-nascacht bonneagair i nDún na nGall le réigiún an iarthuaiscirt agus taobh istigh de. Clúdaíonn sin nascacht trasteorann agus idirnáisiúnta idir Dún na nGall agus an chuid eile d'Éirinn, Tuaisceart Éireann agus an Eoraip. Mar thoradh air sin, bíonn tionchar criticiúil ar phríomhthiománaithe eacnamaíocha, lena n-áirítear cumas an Iarthuaiscirt leibhéil leordhóthanacha nó choibhéiseacha infheistíochta isteach, poist agus tallann a mhealladh isteach i gcomparáid leis an chuid eile d'Éirinn. Bíonn drochthionchar ag an easpa nascacht iompair fosta ar fheidhmíocht na bpríomhthiománaithe eacnamaíocha atá ann cheana féin i nDún na nGall, mar atá, na tionscail seo - turasóireacht, feirmeoireacht, iascaireacht agus fuinneamh in-athnuaite, a bhfuil gach ceann acu ag brath go mór ar inrochtaineacht iontaofa agus éifeachtach do phaisinéirí agus do lasta.

Tá Dún na nGall ag brath go hiomlán ar iompar ar bhóithre do gach turas chuig príomhionaid réigiúnacha agus réigiúin chathrach lena n-áirítear Doire, Gaillimh, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath chomh maith le gach mol iompair idirnáisiúnta ar fud na hÉireann.

Tagann easpa nascachta Dhún na nGall as gan bonneagar a bheith ann nó drochnasc bonneagair ann ar fud gach modha. Tá Contae Dhún na nGall nasctha leis an chuid eile d'Éirinn trína phríomhghréasán náisiúnta bóithre, an N13, N14, agus N15. Cé gur cuireadh feabhas ar chodanna áirithe, glactar leis go bhfuil drochbhail ar chodanna suntasacha oidhreachta den ghréasán bóithre náisiúnta i nDún na nGall agus ar chaighdeán agus acmhainn, rud is cúis le brú tráchta suntasach.

I measc na bpríomhfhadhbanna a bhaineann leis an bhonneagar atá ann faoi láthair tá na rudaí a leanas:

- Na staitisticí faoi thaismí níos airde ná an meán náisiúnta;
- Trasghearrthaí neamhchaighdeánacha;
- Rochtain phríobháideach go minic;
- Ailínithe faoi bhun an chaighdeáin;
- Os cionn an mheáin ag acomhail ghrád agus acomhail faoi bhun an chaighdeáin;
- Brú tráchta is cúis le méadú ar astaíochtaí truaillithe aeir;
- Droch-athléimneacht líonra;
- Faoin mheánluas bóthair inmhianaithe.

Dá bhrí sin, tá na saincheisteanna áirithe seo a leanas mar thoradh ar na heasnaimh feadh an chroíghréasáin iompair:

- Drochfheidhmíocht Sábháilteachta
- Brú Tráchta i lár Bailte
- Seirbhís Iompair Phoiblí Neamhiontaofa, Neamhéifeachtach
- Droch-Athléimneacht Líonra
- Gluaiseacht Neamhéifeachtúil Earraí
- Riachtanais Timpeallachta agus Sláinte
- Easpa Athrú Módail agus easpa Roghanna um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ríthábhachtach leis an Fhorbairt Bheartaithe a aithint tá Rialachán (AE) 2024/1679 ó Phairlimint na hEorpa agus ó Chomhairle 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais maidir le forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T"). Is é an gá atá leis an Fhorbairt Bheartaithe ná gealltanais na hÉireann faoi Rialachán TEN-T a chomhlíonadh. Tá an Fhorbairt Bheartaithe ina cuid de ghréasán cuimsitheach TEN-T mar a leagtar amach i Rialachán TEN-T.

Aithníodh leis an pholasaí náisiúnta atá ag teacht chun cinn go bhfuil riachtanais náisiúnta bhreise a ndéanfaidh an Fhorbairt Bheartaithe seo iarracht aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear an Fhorbairt Bheartaithe i múnlú bonnlíne 'Gnó mar is gnách' an Rialtais a rinneadh le cuidiú le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide i ndiaidh a chéile agus taobh istigh de bhonnlíne agus spriocanna carbóin earnála atá bunaithe. Dá bhrí sin, tá lorg carbóin na Forbartha Beartaithe san áireamh i ngach samhail réamhaisnéise faoi Ghníomhaithe náisiúnta ar son na hAeráide. Ar a bharr sin, is gá go gcuideoidh an Fhorbairt Bheartaithe seo le dul i ngleic le dícharbónú san earnáil iompair trí réimsí a fheabhsú lena n-áirítear:

- An easpa deiseanna atá ann faoi láthair d'athrú módúll
- Soláthar íosta breoslaí malartacha ísealcharbóin
- Córas iompair poiblí neamhéifeachtúil agus neamhéifeachtach

Go hachomair, caithfidh an Fhorbairt Bheartaithe na rudaí a leanas a dhéanamh:

1. Na spriocanna a leagtar amach i Rialachán TEN-T an AE don ghréasán chuimsitheach a bhaint amach.

2. An bhunchloch a leagan le haghaidh aistriú cothrom chuig líonra iompair níos ísle carbón.

3. 'Leibhéalú suas' a dhéanamh ar na scórtha bliain de thearc-infheistíocht agus éagothroime go náisiúnta chun Réigiún an Iarthuaiscirt a athrú ó bhonn.

4. Na feabhsuithe bunúsacha lárnacha agus ilmhódacha iompar a sholáthar atá riachtanach le héagothroime réigiúnach agus dúshláin eacnamaíocha a shárú, lena n-áirítear na dúshláin sin a eascraíonn as an Ríocht Aontaithe a bheith ag fágáil an AE.

5. Tacaíocht d'acmhainneacht fáis Bhealach Féich/Srath an Urlair, Leitir Ceanainn, Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt (Leitir Ceanainn-Doire-an Srath Bán) agus an geilleagar uile-oileáin mar a shamhlaítear faoin Chéad Athbhreithniú ar an Chreat Náisiúnta Pleanála (2025).

# 3 COMHTHÉACS NA PLEANÁLA & AN PHOLASAÍ

Is é atá i gceist leia an Fhorbairt Bheartaithe ná feabhas a chur ar chodanna de thrí phríomhbhóthar náisiúnta: N13, N14 agus N15, a dtugtar tús áite dóibh le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna Reatha oibríochtúla agus sábháilteachta agus le moil shuntasacha de thaisteal gníomhach agus iompair a chur ar fáil. Ar a bharr sin, cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe nasc tanáisteach náisiúnta straitéiseach an N56 isteach i Leitir Ceanainn a bhfuil tús áite tugtha dó le dul i ngleic le saincheisteanna acmhainne agus oibríochtaí reatha. Cuimsíonn na hoibreacha atá beartaithe feabhsuithe ar bhonneagar foriomlán roinnt bailte taobh istigh den chontae agus i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.

## 3.1 Comhthéacs an Pholasaí Idirnáisiúnta

D'fhoilsigh na Náisiúin Aontaithe (NA) 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGs) in 2015(Error! Reference source not found.). Bunaíodh na SDGanna seo lena chinntiú go ndéantar inbhuanaitheacht a chomhtháthú i gceapadh beartas ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bunaíodh na STGs mar aitheantas go gcaithfidh "deireadh a chur le bochtaineacht agus díothachtaí eile dul lámh ar láimh le straitéisí a fheabhsaíonn sláinte agus oideachas, a laghdaíonn éagothroime, agus a spreagann fás eacnamaíoch, agus san am chéannna ag dul i ngleic le hathrú aeráide agus ag obair lenár n-aigéin agus ár bhforaoisí a chaomhnú. (Náisiúin Aontaithe, 2015).




**Fior 3-1: Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe**

Tá SDG 9 (Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar) agus SDG 11 (Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe) thar a bheith ábhartha don Fhorbairt Bheartaithe.

Cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe codanna fairsinge de ghréasán nua Taistil Ghníomhaigh (e.g. 63 km de choisíocht agus rothaíocht) mar aon le hocht mol ilmhódach (áiseanna páirceála agus comhroinnte/rothaíochta) ag suíomhanna straitéiseacha agus ar imealla bailte atá ann faoi láthair. Cuirfidh infheistíocht i bhfeabhsúcháin ar ghréasán cuimsitheach TEN-T mar atá beartaithe faoi Phlean Forbartha Náisiúnta Rialtas na hÉireann bonneagar nua iompair ar fáil lena n-áirítear an líonra Taistil Ghníomhaigh agus cuirfidh sé forbairt inbhuanaithe chun cinn sa Réigiún i gcomhréir le SDG 9 fosta. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe seo rochtain ar chórais iomair shábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe ar fáil do gach duine, rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre ag cuidiú le SDG 11 a bhaint amach.

## 3.2 Comhthéács an Pholasaí Eorpaigh

### 3.2.1 Railacháin an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair

Cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe cuid de ghréasán cuimsitheach TEN-T in Éirinn. Tá an Fhorbairt Bheartaithe dírithe ar thart ar 33km de na codanna oidhreachta is boichte den 120 km den ghréasán chuimsitheach TEN-T i gContae Dhún na nGall.

I gcúinsí ina gcuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe feabhas ar phríomhchodanna de ghréasán cuimsitheach bóithre TEN-T an AE i réigiún imeallach in Éirinn, tá tábhacht staitéiseach ag baint leis an Fhorbairt Bheartaithe i gcomthéacs na hEorpa, agus beidh ról lárnach aici maidir le brú tráchta a mhaolú, nascacht réigiúnach a fheabhsú, taisteal gníomhach agus roghanna iompair inbhuanaithe a sholáthar, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus comtháthú eacnamaíoch a chothú.

### 3.2.2 An Railachán maidir le Bonneagar Breosla Malartaigh Airteagal 3

Leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán an AE maidir le Bonneagar Breosla Malartaigh [(EU) 2023/1804], dá ngairtear AFIR chomh maith, spriocanna maidir le bonneagar athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha de shaothar éadrom. Ceanglaítear le AFIR go gcuirfí achar uasta 60 km eatarthu ar fáil do linnte athluchtaithe atá inrochtana ag an phobal atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha de shaothar éadrom ar ghréasán bóithre TEN-T.

Éascóidh an Fhorbairt Bheartaithe muirearú EV ar féidir é a chur ar fáil ag na hocht modúl ilmhódacha atá beartaithe ag suíomhanna straitéiseacha ar an ghréasán bóithre agus ar imeall na mbailte tábhachtacha sa chontae.

### 3.2.3 An Comhaontú Glas don Eoraip

Tá an Fhorbairt Bheartaithe ailíinithe leis na cuspóirí atá ag 'Comhaontú Glas don Eoraip', sraith de thionsacdail bheartais a bhfuil sé mar fheidhm idirghabhálach acu an Eoraip a dhéanamh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Tá an Fhorbairt Bheartaithe ailínithe fosta le reachtaíocht agus straitéisí ábhartha an AE atá gaolmhar leagtha amach thíos:

- An Dlí Aeráide Eorpach (2021) lena mbunaítear creat dlíthiúil leis na spriocanna sa Chomhaontú Ghlas don Eoraip a bhaint amach agus a leagtar amach sprioc atá ceangailteach ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050.
- An Straitéis um an tSoghluaiseacht Inbhuanaithe (2020) arb é a aidhm an AE a chur ar an bhealach le córas soghluaiseachta inbhuanaithe agus athléimneach a chruthú agus na hathruithe bunúsacha is gá a chur i gcrích le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach.
- An pacáiste 'Fit for 55' (2021), inar leasaíodh na hionstraimí beartais ábhartha uilig is gá le sprioc aeráide 2030 a bhaint amact.
- Creat Nua AE na Soghluaiseachta Uirbí (2021) ina leagtar amach treoir faoin dóigh ar féidir le cathracha astaíochtaí a laghdú agus soghluaiseacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí phleananna soghluaiseachta uirbí inbhuanaithe

## 3.3 Comhthéács an Pholasaí Náisiúnta

Cuidíonn an Fhorbairt Bheartaithe le spriocanna an Chreata Náisiúnta Pleanála, an chéad athbhreithniú (2025) a bhaint amach. Go háirithe, cuireann an Fhorbairt Bheartaithe feabhas díreach ar nascacht réigiúnach (NSO4) agus éascaíonn sí seachadadh NSOs eile mar a thuairiscítear thíos.

San Fhorbairt Bheartaithe tá feabhsuithe ríthábhachtacha ar bhonneagar riachtanach iompair taobh istigh de Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair lena n-áirítear bóithre náisiúnta ar ghréasán chuimsitheach TEN-T. Dá bhrí sin, tá an Fhorbairt Bheartaithe ag teacht le cuspóirí an pholasaí agus na NSOs atá mar bhonn agus taca leo sa Réigiún agus tá sí riachtanach le cuspóirí an pholasaí a bhaint amach. Go sonrach, éascóidh an Fhorbairt Bheartaithe fás dlúth inbhuanaithe i Leitir Ceanainn, rud a chuirfidh ar chumas an bhaile a ról

straitéiseach a chomhlíonadh mar lárionad scála réigiúnach inrochtana i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus feabhsóidh sí na naisc trasteorann le Doire agus leis an tSrath Bán.
Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn agus taca le cur chun cinn feidhme rathúil an NDF. I measc na dtosaíochtaí infheistíochta atá leagtha amach sna straitéisí earnála iompair san NDP athbhreithnithe faoi NSO2 tá siad seo a leanas i gContae Dhún na nGall:

- N15/ N13 Seachbhóthar Bhealach Féich/Srath an Urláir;
- N56/ N13 Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagáin; agus
- N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear/ an Srath Bán/ A5.

Ailíníonn an Fhorbairt Bheartaithe leis na dúshláin a aithníodh in An Creat Náisiúnta Infheistíochta don Iompar in Éirinn (NIFTI) 2121 agus ailíníonn sé leis na ceithre thosaíocht infheistíochta, go háirithe an tosaíocht le nascacht réigiúnach agus tuaithe a fheabhsú. Sna cuspóirí atá ag an Fhorbairt Bheartaithe tá bearta le hathrú soghluaiseachta inbhuanaithe a chur chun cinn trí na moil agus trí bhonneagar suntasach taistil ghníomhaigh, lena gcumasaítear feabhsuithe ar sheirbhísí iompair phoiblí trí aghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta i gceantair uirbeacha, a thacaíonn le haistriú chuig modhanna níos inbhuanaithe ag cur le dícharbónú.

Tá trí chuid san Fhorbairt Bheartaithe a bhaineann le codanna sonracha de ghréasán chuimsitheach TEN-T sa chontae, agus aithnítear gach ceann acu in NDPs i ndiaidh a chéile mar bhonneagar straitéiseach iompair atá riachtanach leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a sheachadadh sa NPF. Tá an Fhorbairt Bheartaithe san áireamh taobh istigh den tsamhail ‘Gnó mar is Gnách’ a cuireadh i gcrích le bonn eolais a chur faoi Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide i ndiaidh a chéile agus taobh istigh de bhonnlíne agus spriocanna carbóin earnála. Dá bhrí sin, cuirtear lorg carbóin na Forbartha Beartaithe seo san áireamh sna spriocanna náisiúnta dícharbónaithe atá ann cheana féin taobh istigh de CAPs i ndiaidh a chéile.

Is bonneagar ríthábhachtach an Fhorbairt Bheartaithe seo atá riachtanach le spriocanna bonneagair straitéiseacha iompair agus pleanála úsáidte talaimh a bhaint amach maidir le nascacht agus forbairt réigiúnach chothrom. Tá Contae Dhún nan Gall i suíomh imeallach gan aon nasc iarnróid leis an chuid eile den tír. Aithníodh i ndiaidh measúnú mionsonraithe ar roghanna go bhfuil gá le réiteach spriocbhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na codanna oidhreachta is measa den ghréasán bóithre náisiúnta agus le spás bóithre sna bailte sin a athúsáid le soláthar a dhéanamh do mhodhanna iompair inbhuanaithe.

Ailíníonn na feabhsuithe ar an ghréasán chuimsitheach le beartas iompair TEN-T an AE agus soláthraíonn siad nascacht réigiúnach fheabhsaithe. San Fhorbairt Bheartaithe tá moil ilmhódacha, bonneagar fairsinge nua deighilte do choisithe agus do rothaithe agus éascaítear seirbhísí iompair phoiblí agus fágtar gur féidir muirearú EV a bheith ann, gach gné a fheabhsaíonn bearta aeráide/ inbhuanaithe go díreach taobh istigh den scéim nó a éascaítear leis an scéim. Tá an Fhorbairt Bheartaithe seo réasúnta agus meastar go bhfuil sé inmharthana faoi NIFTI.

Rinneadh an Fhorbairt Bheartaithe a phleanáil, a dhearadh, a fhorbairt agus a scagadh lena héifeachtúlacht charbóin maidir le hoibriúchán agus tógáil a uasmhéadú agus inoiriúnacht aeráide chomh maith le tuilleadh gníomhartha suntasacha ar son na haeráide a éascú agus a chumasú.

Leis an Fhorbairt Bheartaithe, cuirtear an Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2021 go 2024 i gcrích faoi Réimsí Tosaíochta Idirghabhála an Chórais Shábháilte infheidhme agus gníomhartha ábhartha, mar atá, bóithre agus taobhanna bóthair sábháilte agus modhanna taistil sábháilte agus sláintiúla.

Tá an Fhorbairt Bheartaithe ailínithe le cuspóirí Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe: Pleanáil d’Éirinn atá Athléimneach ó thaobh an hAeráide de 2024 ag iarraidh leochaileacht an phríomhbhonneagair iompair a laghdú maidir leis an tionchar dhiúltach atá ag athrú aeráide agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ann a aithníodh sa SAF iompair (NAF 2024 Aguisín 3).

Seo a leanas beartais náisiúnta eile a ailíníonn leis an Fhorbairt Bheartaithe agus a bhfuil an Fhorbairt bheartaithe ailínithe leo:

- Beartas Náisiúnta um an tSoghluaiseacht Inbhuanaithe
- Beartas Forbartha Tuaithe Ár dTodhchaí Tuaithe 2021-2025
- An Beartas Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí
- 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 na hÉireann
- Plean Bithéagsúlachta TII

## 3.4 Comthéacs an Pholasaí Réigiúnaigh

Is é RSES Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020-2032 an príomhbheartas réigiúnach a thacaíonn le cur chun feidhme na mbeartas TEN-T in Éirinn.

Léiríonn an RSES acmhainneacht Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) conair eacnamaíoch a chruthú feadh chósta an iarthair leis an réigiún a fhás, le nascacht leis an réigiún agus taobh istigh den réigiún a fheabhsú agus le geilleagar an réigiúin a neartú. Aithníonn an RSES gur bonneagar cumasúcháin ríthábhachtacha iad tionscadail TEN-T agus tá líonra TEN-T leabaithe sna prionsabail agus sna cuspóirí maidir le cruthú áiteanna ar fud cheantar an iarthuaiscirt agus lárionad réigiúnach Leitir Ceanainn.

Liostaítear in RSES an Fhorbairt Bheartaithe atá le tógáil taobh istigh de shaolré RSES go sonrach:

- N13 Seachbhóthar Bhealach Féich/ Srath an Urláir;
- N13/ N14/ N56 Seachbhóthar Leitir Ceanainn agus débhealach go Mainéar Uí Chuinneagáin; agus
- N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear.

## 3.5 Comhthéacs an Pholasaí Áitiúil

Tá an Fhorbairt Bheartaithe taobh istigh de limistéar feidhme Chomhairle Contae Dhún na nGall. Tá na príomhbheartais pleanála áitiúla a thacaíonn le measúnú an Iarratais ar Cheadú sna pleananna agus sna cláir forbartha seo a leanas:

- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, arna athrú
- Plean Ceantair Bhealach Féich / Srath an Urláir Area 2024-2030
- Dréachtphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029;
- Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2029;
- Plean Leitir Ceanainn agus Plean Iompair Áitiúil 2023-2029

Tá an Fhorbairt Bheartaithe ag ailíniú agus agus ag cuidiú le seachadadh na gcuspóirí iompair a leanas atá ag Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, mar atá siad éagsúil: T-O-1, T-O-2, T-O-3, T-O-5, T-O-10, T-O-11, T-O-12, T-13, T-O-14 agus T-O-15 agus beartais iompair T-P-3, T-P-5, T-P-8, T-P-9, T-P-10 agus T-P-11. Baineann Cuspóir T-O-11 agus beartais T-P-10 agus T-P-11 go sonrach leis na feabhsuithe atá beartaithe ar líonra TEN-T.

Tá Plean Ceantair Bhealach Féich/Srath an Urláir i gCuid 2 de CDDP (Caibidil 19). Is é Polasaí BS-T-P-1 an tacaíocht pholasaí don Fhorbairt Bheartaithe i mBealach Féich/ Srath an Urláir a bhfuil Cuspóir BS-T-O-1 mar bhun taca aige, a thugann tús áite don Fhorbairt Bheartaithe thar gach foráil eile sa Phlean Ceantair.

Tá an Fhorbairt Bheartaithe ag teacht le spriocanna ardleibhéil (HLG) Dhréachtphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall 2023-2029, go sonrach HLG5.

Maidir le Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall, laghdóidh an Fhorbairt Bheartaithe, brú tráchta taobh istigh de Bhealach Féich/ Srath an Urláir, Leitir Ceanainn agus Leifear trí dheireadh a chur le scrogaill ar an ghréasán bóithre náisiúnta. Cuirfidh sin le héifeachtúlacht an ghréasáin iompair, rud a ailíníonn go hiomlán le cuspóirí iompair TR 2 agus TR -3, mar aon le soláthar nua fairsinge do choisithe agus rothaíochta agus moil ilmhódacha.

Tá an Fhorbairt Bheartaithe ag teacht leis an Bheartas LTP-T-P-1 agus leis an Chuspóir LTP-T-O-1 agus cuideoidh sí le spriocanna agus uaillmhianta foriomlána Phlean Leitir Ceanainn agus Phlean Iompair Áitiúil a sheachadadh. Cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe fosta bonneagar fairsing de thaisteal gníomhach agus dá bhrí sin, cloíonn sí go hiomlán le beartais agus cuspóirí taisteal gníomhach Phlean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn: LTP-AT-O-1, LTP-AT-O-3, and LTP-AT-O-4.

# 4 CUR SÍOS AR AN TIONSCADAL

## 4.1 Forbhreathnú

Sa chaibidil seo tá cur síos ar an Fhorbairt Bheartaithe, sonraí ar dhearadh innealtóireachta, riachtanais talaimh agus riachtanais tógála agus oibríochtúla. Forbraíodh dearadh na Forbartha Beartaithe go dtí an pointe gur féidir na tionchair thimpeallachta uilig a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus a mheasúnú go hiomlán

Tá na príomhbhóithre N13, N14 agus cuid de phríomhbhóithre náisiúnta N15 mar chuid den TEN-T chuimsitheach i nDún na nGall, ar rogha é de chonairí straitéiseacha iompair ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) a sainaithníodh a bhfuil ról lárnach acu i soghluaiseacht earraí agus paisinéirí tríd an AE. Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle 13 Meitheamh 2024 maidir leis an ghréasán thras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 1315/2013, leagtar amach na ceanglais maidir le gréasán TEN-T

Ceanglaíonn na bealaí straitéiseacha TEN-T seo i nDún na nGall leis an phríomhghréasan bóithre ó thuaidh agus soir i dTuaisceart Éireann agus soir ó dheas go Baile Átha Cliath (trí thrasnú A38 thar Abhainn an Fheabhail agus an A5 atá ann faoi láthair) agus ó dheas go Luimneach/Gaillimh (tríd an N17 agus N15 go Sligeach). Is croí-bhonneagar straitéiseach agus eacnamaíoch ríthábhachtach iad na bealaí. Tá siad thar a bheith tábhachtach don turasóireacht agus don tionscal, agus is iad an t-aon rochtain ar mhoil réigiúnacha agus idirnáisiúnta iad. Is iad na bealaí an t-aon rogha iompair atá ar fáil go dtí an t-iarthuaisceart mar gheall ar an easpa bonneagair iarnróid (agus Sligeach agus Doire ina bpaisinéirí amháin) nó rochtain ar chalafoirt nó ar aerfoirt Leibhéal 1 taobh istigh de 100 km ón réigiún.

Déantar cur síos leathan ar bhealaí TEN-T i nDún na nGall thíos:

- **N13**: Bealach straitéiseach a nascann Leitir Ceanainn le Cathair Dhoire, Tuaisceart Éireann, ó thuaidh agus tríd an NI5 Bealach Féich/ Srath an Urláir go Sligeach agus Gaillimh/Luimneach (ar N17) ó dheas. Ceanglaíonn an N13 le trí bhealach náisiúnta eile, lena n-áirítear: an N14 go Leifear, an N56 (bealach tanáisteach náisiúnta) go Leitir Ceanainn agus tuaisceart Dhún na nGall agus an N15 i mBealach Féich/Srath an Urláir.

- **N14**: Bealach straitéiseach a nascann Leitir Ceanainn le Leifear agus a nascann trí dhroichead Leifear thar Abhainn an Fheabhail leis an A5 agus an Srath Bán atá ann cheana féin i gContae Thír Eoghain, Tuaisceart Éireann. Téann an A5 atá i dTuaisceart Éireann cheana féin, ar an bhealach ó Chathair Dhoire go Baile Átha Cliath, téann taobh thiar den Srath Bán, taobh le teorainn an chontae le Dún na nGall, agus is é an príomhbhealach é a nascann iarthuaisceart na hÉireann agus Dún na nGall tríd an N14 agus an N15 leis an N2 i Muineachán agus ar aghaidh go Baile Átha Cliath.

- **N15**: Bealach straitéiseach a nascann ó Shligeach go Dún na nGall agus a leanann soir ó thuaidh trí Bhealach Féich/ Srath an Urláir go Leifear, áit a nascann sé leis an N14 agus nascann sé leis an Srath Bán i gContae Thír Eoghain, Tuaisceart Éireann. Níl an chuid idir Srath an Urláir agus Leifear ina chuid de líonra TEN-T.

Is é atá san Fhorbairt Bheartaithe ná na codanna a leanas den ghréasán bóithre i nDún na nGall:

- **Cuid 1** – N15/N13 Réigiún Uirbeach Bhealach Féich/ Srath an Urláir
- **Cuid 2** – N56/N13 Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagáin
- **Cuid 3** – N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear/Srath Bán/Nasc A5

## 4.2 Dearadh

Tá an Fhorbairt Bheartaithe deartha le cloí le caighdeáin dearaidh Bhonneagar Iompair Éireann (TII) do bhóithre náisiúnta. I measc na n-oibreacha a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe tá siad seo a leanas:

- Thart ar 4.4 km de phríomhlíne débhealaigh Cineál 1
- Thart ar 30.9 km den phríomhlíne (nasc Bhun na Gaoithe san áireamh) bóthar roinnte Cineál 2
- Thart ar 3.1 km de phríomhbhóthar N15 Príomhcheanglóir Bóthair bóthar roinnte Cineál 3
- Thart ar 1.8 km de bhóthar náisiúnta aon-charrbhealaigh ath-ailínithe
- Thart ar 40.3 km de Bhóthar Neamhnáisiúnta Carrbhealaigh Aonair
- Thart ar 63 km d'áiseanna comhroinnte taistil ghníomhaigh do choisithe/ rothair
- 7 mórthrasnú droichead abhann lena n-áirítear Abhainn na Finne (Bealach Féich), Backlees, an Chloch rua, Súiligh, Sruthán na Súilí, an Daoil agus Abhainn na Finne (Leifear)
- 7 n-acomhal scartha le grád
- 10 n-acomhal timpealláin chomhréidhe
- 17 dtardroichead bóthair
- 16 fho-dhroichead bóthair
- 3 dhroichead taistil ghníomhacha
- 8 mol aistrithe mhódúla (saoráid páirceála agus comhroinnte / rothaíochta)
- Thart ar 3,727m de Bhacainní torainn
- 12 Thúr freastail comharthaíochta bóthair
- Taisteal gníomhach do choisithe agus íosbhealaí cóiríochta
- 9 mBalla coinneála
- 110 lintéár draenala (>réise 2m)
- Atreoraithe fóntais lena n-áirítear atreorú agus athrú ar línte lastuas ESB 110kv atá ann cheana féin
- Córas draenála, lena n-áirítear sruthanna éalaithe maolaithe
- Tírdhreachú agus bearta maolaithe timpeallachta; leis na hoibreacha coimhdeacha agus iarmharacha uilig.

Tá an phríomhlíne atá beartaithe ceangailte leis an ghréasán bóithre atá ann cheana trí shraith acomhal, slipbhóithre agus nascbhóithre. Ag na naisc seo bíonn tionchar ar an ghréasán bóithre atá ann cheana féin agus dearadh ath-líniú nó modhnú. Tugtar taobh-bhóithre (nó bóithre áitiúla) ar na codanna seo den ghréasán bóithre. Tá droichead ar gach taobh-bhóthar, sin nó tá sé ailínithe nó druidte.

Beidh bóithre rochtana ar fáil le rochtain a thabhairt ar thailte atá gearrtha ag an Fhorbairt Bheartaithe. Freastalaíonn siad fosta ar mhaoine ina bhfuil tionchar cheana ar an rochtain atá ann faoi láthair.

Tá an Fhorbairt Bheartaithe deartha fosta le gan aon ghlanchaillteanas sa bhithéagsúlacht a bhaint amach le teacht le Polasaí BIO-P-3 de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030, mar atá éagsúil.

## 4.3 Clár

Má thógtar na trí chuid den Fhorbairt Bheartaithe ag an am chéanna, beidh tréimhse tógála 60 mí (cúig bliana) de dhíth. Mar sin féin, d'fhéádfaí cur chuige tógála céimnithe a ghlacadh chomh maith. I gcúinsí den chineál sin, meastar go dtógfaidh gach cuid den Fhorbairt Bheartaithe 36 mí lena tógáil (3 bliana do gach ceann). Tá na cinntí sin ag brath ar an phróiseas dearaidh mhionsonraithe agus ar fhormheas buiséadach a d'fhéadfadh a bheith de dhíth i ndiaidh ceadú ar bith a dheonódh an Coimisiún don Fhorbairt Bheartaithe.

D'fhonn tionchair tógála na Forbartha Beartaithe a mheas, tá EIAR i ndiaidh breathnú ar an chás is measa, is é sin tógáil trí chuid den Fhorbairt Bheartaithe ag an am chéanna thar thréimhse 60 mí, rud a fhágfaidh forluí idir tógáil na gcodanna.

## 4.4 Oibreacha Cur chun Cinn / Cumasúcháin

Sula ndéantar an conradh tógála a sholáthar, d'fhéadfaí tabhairt faoi oibreacha cur chun cinn/cumasacháin le haghaidh na rudaí a leanas:

- Imscrúdú talaimh dearbhaithe
- Imscrúduithe seandálaíochta
- Cóireáil agus bainistíocht Speiceas Plandaí Coimhthíocha Ionracha (IAPS)
- Atreoraithe Fóntais.
- Fálú agus imréiteach suímh
- Suirbhéanna struchtúrtha/ riochta roimh thosú

## 4.5 Tógáil

Beidh thart ar 688 heictéar de thalamh de dhíth go buan leis an Fhorbairt Bheartaithe a thógáil agus a oibriú agus beidh thart ar 8.5 heicteár de thalamh de dhíth go sealadach leis an Fhorbairt Bheartaithe agus na bábhúin tógála gaolmhara a thógáil. Taobh istigh den talamh riachtanach seo, déanfar sealbhú ar 37 Uimh. teach cónaithe, agus foirgnimh sheachtracha ghaolmhara, 4 theach neamhúsáidte, 17 maoin neamhchónaithe (lena n-áirítear foirgnimh thráchtála, foirgnimh thalmhaíochta, foirgnimh sheachtracha agus foirgnimh neamhúsáidte) agus 1 teach caidéil don Fhorbairt Bheartaithe. Tabharfar tailte a fuarthas go sealadach leis an Fhorbairt Bheartaithe a thógáil ar ais i riocht den chineál chéanna ina bhfuarthas iad, seachas gnéithe tógála ar bith ar nós athghrádú rochtana nó iad siúd a aontaíodh leis an úinéir talaimh.

Beidh oibreacha scartála de dhíth do na cineálacha struchtúr seo a leanas a mbíonn tionchar díreach ag an Fhorbairt Bheartaithe orthu: maoine cónaithe tí, foirgnimh feirme, foirgnimh tráchtála, bonneagar bóithre atá ann cheana féin ag suíomhanna ceangail.

Déanfar bainistíocht tráchta le linn na tógála de réir Phlean Bainistíochta Tráchta Tógála (CTMP). Beidh gá le druidim sealadach bóithre le linn na tógála le hoibreacha ceangail, naisc fóntais agus freastal ar ghníomhaíochtaí tógála sonracha eile a chríochnú.

I dtús na tógála, déanfar oibreacha glanta suímh le haghaidh fásra taobh istigh de na tailte atá de dhíth le haghaidh tógála.

Is é an rud a bheidh i gceist le hoibreacha talaimh barrithreach, fo-ithir agus carraig a bhaint as lorg na Forbartha Beartaithe. Sa chás go bhfuil ábhar tochailte le stóráil go sealadach, cuirfear é i stoc-chairn ábhair a bhainisteofar de réir na dtreoirlínte agus na gcaighdeán ábhartha. Déanfar an t-ábhar fóirsteanach agus inghlactha uilig a athúsáid taobh istigh de theorainn na Forbartha Beartaithe.

Aithníodh sé shuíomh tógála bábhún, dhá cheann i ngach ceann de na trí chuid.

Tarlaíonn an chuid is mó den tógáil don Fhorbairt Bheartaithe as líne ón ghréasán bóithre atá ann faoi láthair. Dá réir sin, iomprófar bunús na n-ábhar a ghintear taobh istigh den tsuíomh (i.e., oibreacha cré) ar bhealaí tarlaithe taobh istigh den tsuíomh agus ní chaithfear é a iompar feadh na ngréasán Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla.

Tá achoimre ar thógáil gach cuid den Fhorbairt Bheartaithe ar fáil thíos.

## 4.6 Cuid 1

Tá an chonair bhealaigh i gCuid 1 thart ar 9.7 km ar fad agus ritheann sé ón deisceart ó thuaidh agus siar go Bealach Féich/ Srath an Urláir, amharc **Fior 4-1**. Áirítear leis seo:


- 1.1 km de Charrbhealach Aonair Cineál 1.
- 8.6 km de Bhóthar Roinnte.
- 2.1 km Carrbhealach Aonair Cineál 2, Nascbhóthar Bhealach Féich Thuaidh/Theas
- 3.1 km de Bhóthar Roinnte Cineál 3, Nascóir Príomhbhóthair N15
- 10.6 km de bhóithre Carrbhealaigh Aonair breise Cineál 1, Cineál 2 agus Cineál 3 san áireamh mar chuid de Chuid 1.

I gCuid 1 tá sé shuíomh acomhail ag na suíomhanna seo a leanas:

- Trí acomhal ilairde ag Cabraigh, Taobh Mhic Muaí agus Tír Challann.
- Trí acomhal timpeallláin chomhréidhe ag an Dubhais, Trian an Mhuilinn agus Meenavoy.

Moltar na struchtúir seo a leanas:

- 360 m ar fad, droichead seacht réise thar Abhainn na Finne agus an tuilemhá ag Bealach Féich/Srath an Urláir.
- Dhá dhroichead abhann/srutháin (an Chloch Rua agus Backlees).
- Seacht dtardhroichead.
- Cúig fhodhroichead.
- Trí íosbhealach (lena n-áirítear íosbhealach coisithe/mamach).
- Lintéir, túir freastail agus bacainní timpeallachta




**Fior 4-1: Cuid 1 Leagan amach na Forbartha Beartaithe**

Cuimsíonn na líonraí de thaisteal gníomhach ar fud Chuid 1 thart ar 21 km d'áiseanna comhroinnte coisithe/ rothar. I measc na n-áiseanna seo tá cosáin coisithe/rothaíochta atá suite in aice leis na príomhlínte atá beartaithe agus ar shiúl uathu, naisc leis an ghréasan bóithre áitiúil agus naisc le limistéir áiseanna áitiúla agus áiteanna spéisiúla, lena n-áirítear trí shaoráid pháirceála agus roinnte/rothaíochta, ceann amháin cóngarach don Dubhais, Cabraigh, agus Meenavoy.

Moltar limistéir stórála cúitimh tuilte do na limistéir a leanas taobh istigh de Chuid 1: ag Abhainn Shruthán Daurnett ag an cheangal a mholtar leis an N15 atá ann faoi láthair ó dheas ó Bhealach Féich ó Phríomhlíne Chuid 1.1, ag Abhainn na Cloiche Rua taobh leis an cheangal leis an N13 atá ann cheana féin ó thuaidh ó Shrath an Urláir ón Phríomhlíne Cuid 1.3, agus ag trasnán Abhainn Mhullach an Gharraí taobh leis an cheangal leis an N15 atá ann soir ó Shrath an Urláir ó Nascóir Príomhbhóthair N15.

Ag roinnt áiteanna, tá sé beartaithe na cosáin sreafa nádúrtha de shrutháin atá ann cheana a athrú beagán le crosairí lintéir atá beartaithe a ailíniú go cuí le hailíniú an bhóthair. Is atreoraithe iad seo atá réasúnta beag i ngach cás ach i gcás amháin atá de dhíth le freastal ar an droichead atá molta ar Abhainn na Cloiche Rua (Príomhlíne Cuid1.3 ag Chainage Ch00+300 m).

Cuirtear draenáil ar fáil ar fud na Forbartha Beartaithe agus sa líonra draenála tá codanna de dhraenáil shéalaithe, 39 lintéar, 22 lochán maolaithe agus 1 abhantrach insíothlaithe. Beidh na linte maolaithe uilig de dhearadh bogaigh hibrideach.

Tá thart ar 218 heicteár talaimh de dhíth ar Chuid 1 le bheith sealbhaithe go buan agus leis sin thart ar 4 heictéar talaimh le bheith sealbhaithe go sealadach, leis an Fhorbairt Bheartaithe agus oibreacha gaolmhara a thógáil.

Ginfear thart ar 2.70 milliún $m^3$ d'abhár tochailte agus 2.06 milliún a mheastar a bheith ina ábhar tógála fóirsteanach. Taobh istigh de lorg na Forbartha Beartaithe sainaithníodh 15 limistéar eastósctha agus taiscthe ábhair (MED). Líonfar aon easnaimh in ábhair chré-oibreacha le hábhar a fhaightear ó na limistéir MED. Déanfar aon ábhar cré-oibreacha breise a athúsáid mar líonadh neamhstruchtúrtha taobh istigh de theorainn na Forbartha Beartaithe nó a thaisceadh taobh istigh de limistéir MED.

Le Cuid 1 a thógáil caithfear 14 theach chónaithe, agus 6. mhaoin tráchtála/fhoirgneamh sheachtracha/cineálacha eile foirgnimh a leagan.


Beidh dhá bhábhún tógála taobh istigh de theorainn na forbartha ag feidhmiú le linn thógáil Chuid 1, ceann i ngach ceann de na bailte fearainn Cabraigh agus Trian an Mhuilinn.

Cuimsíonn Cuid 1 oibreacha d'fhóntais, lena n-áirítear líonra ESB, seirbhísí Uisce Éireann (uisce agus fuíolluisce) agus cáblaí teileachumarsáide.

## 4.7 Cuid 2

Tá Cuid 2 suite ó dheas agus soir ó Leitir Ceanainn agus tá trí sciathán ar leith ann ina bhfuil thart ar 9.1 km de bhóthar príomhlíne (féach **Fior 4-2**), lena n-áirítear:

- 0.3 km de Charrbhealach Aonair Cineál 1.
- 4.2 km de Dhébhealach Cineál 1 (ath-ailínithe agus feabhsaithe).
- 4.5 km de Bhóthar Roinnte Cineál .
- 12.1 km de Charrbhealaí Aonair Cineál 1, Cineál 2 agus Cineál 3, bóithre Faoisimh Uirbeacha agus bóithre rochtana san áireamh fosta mar chuid de Chuid 2.




**Fior 4-2: Cuid 2 Leagan amach na Forbartha Beartaithe**

I gCuid 2 tá sé shuíomh acomhail ag na suíomhanna seo a leanas:

- Acomhal amháin atá scartha ó ghrád ag Tromra ina bhfuil struchtúr tardhroichid, dhá thimpeallán, slisbhóithre agus nascanna le bóithre áitiúla ath-ailínithe.
- Cúig acomhal timpealláin chomhréidhe ag Lios Teileáin, An Droim Mór, Dry Arch, Bun na Gaoithe, agus Baile Raithin lena n-áirítear ceangail le bóithre rochtana atá ann cheana féin

Moltar na struchtúir seo a leanas:

- Droichead trí réise 235m ar fad amháin ag dul thar an tSúileach ag Leitir Ceanainn (235 m ar fad).
- Trí thardhroichead.
- Trí fhodhroichead.
- Tardhroichead bóthar taistil ghníomhaigh amháin.
- Trí fhobhealach do thaisteal gníomhach/cóiríochta.
- Droichead abhann do thaisteal gníomhach amháin.
- Lintéir, túir freastail, bacainní torainn timpeallachta agus struchtúir bhalla coinneála éagsúla.

Cuimsíonn na líonraí do thaisteal gníomhach atá san áireamh ar fud Chuid 2 thart ar 16 km d'áiseanna comhroinnte do choisithe / rothair. I measc na n-áiseanna tá cosáin coisithe/rothaíochta in aice leis na háiteanna seo a leanas agus ar shiúl uathu - príomhlínte beartaithe, naisc leis an ghréasán bóithre áitiúil agus naisc le limistéir áiseanna áitiúla agus áiteanna spéisiúla, lena n-áirítear saoráid le haghaidh páirceála agus áis chomhroinnte/rothaíochta taobh le Timpeallán Dry Arch.

Tá limistéir stórála cúitimh tuilte beartaithe ó thuaidh ón Timpeallán Acomhal Bhun na Gaoithe atá beartaithe. Maolaíonn na limistéir cúitimh tuilte go héifeachtach na tionchair a bheidh ag an ailíniú bealaigh beartaithe ar thionchar tuilte go háitiúil.

Ag roinnt áiteanna, tá sé beartaithe na cosáin sreafa nádúrtha de shrutháin a athrú beagán le crosairí lintéir atá beartaithe a ailíniú go cuí le hailiniú an bhóthair. Is atreoraithe iad sin atá réasúnta beag i ngach cás seachas cás amháin: sruthán na Fearsaide Móire maidir le 3 uimh. lintéar a shuiteáil (S2-CUL.30, S2-CUL.31, S2-CUL.32) agus ath-athlíniú suas an sruth den lintéar N13 atá ann faoi láthair.

Cuirtear draenáil ar fáil ar fud na Forbartha Beartaithe agus sa líonra draenála tá codanna de dhraenáil shéalaithe, 37 lintéar, agus 12 lochán maolaithe. Beidh na linnte maolaithe uilig de dhearadh bogaigh hibrideach. Suiteálfar draenáil réamhchré-oibreacha leis an uisce a atreorú ó limistéar na n-oibreacha.

Tá thart ar 165 hecteár de thalamh de dhíth ar Chuid 2 le bheith sealbhaithe go buan, agus ar a bharr sin thart ar 3.5 heicteár de thalamh le bheith sealbhaithe go sealadach, leis an Fhorbairt Bheartaithe agus oibreacha gaolmhara a thógáil.

Ginfear thart ar 1.91 milliún m$^3$ d’ábhar tochailte agus measfar gur ábhar tógála fóirsteanach é thart ar 1.53 milliún m$^3$. Taobh istigh de lorg na Forbartha Forbartha, sainaithníodh 21 limistéar eastósctha agus taiscthe ábhair (MED). Líonfar aon easnaimh in ábhair chré-oibreacha le hábhar a fhaightear ó na limistéir MED. Déanfar ábhar créafóige ar bith breise a athúsáid mar líonadh neamhstruchtúrtha taobh istigh de theorainn na Forbartha Beartaithe nó a thaisceadh taobh istigh de limistéir MED.

Le Cuid 2 a thógáil, caithfear 8 dteach cónaithe a leagan, agus 8 maoin tráchtála/bhfoirgneamh sheachtracha agus cineálacha eile foirgnimh.

Beidh dhá bhábhún tógála taobh istigh den teorainn forbartha ag feidhmiú le linn thógáil Chuid 2, ceann amháin i ngach ceann de na bailte fearainn an Lorgaigh agus Achomhal Bhun na Gaoithe.

I gcuid 2 tá oibreacha d’fhóntais, lena n-áirítear líonra ESB, seirbhísí Uisce Éireann (uisce agus fuíolluisce) agus cáblaí teileachumarsáide.

## 4.8 Cuid 3

Tá conair phríomhlíne Chuid 3 thart ar 18.1 km ar fad agus síníonn sí ó thart ar 0.3 km siar ó Thimpeallán na Pluice N13/N14 (comhéadan le Cuid 2 ) go dtí an teorainn le Tuaisceart Éireann ar Abhainn na Finne go dtí ó dheas ó Leifear. Moltar na bóithre a leanas mar chuid de Chuid 3 (féach **Fior 4-3**):

- 0.3 km de Dhébhealach Cineál 1 ó Thimpeallán na Pluice N13/N14 atá beartaithe go dtí an comhéadan le Cuid 2.
- 17.5 km de Bhóthar Roinnte Cineál 2 ag síneadh ó Thimpeallán na Pluice atá beartaithe go dtí an N15 ag Leifear.
- 0.3 km de Bhóthar Roinnte Cineál 2, Nasc N14/N15 go A5 (Achomhal Leifear go dtí an teorainn le Tuaisceart nah Éireann in Abhainn na Finne).
- 16.0 km de Charrbhealaí Aonair Cineál 1, Cineál 2 agus Cineál 3 á n-ailíniú mar chuid den Fhorbairt Bheartaithe.

Aithníodh cúig shuíomh acomhail do Chuid 3 ag na suíomhanna seo a leanas:

- Acomhal trí ghrád-scartha ag Droim Eochaille, R236 Baile na Leice agus Baile an Droichid.
- Dhá acomhal timpeálláin chomhréidhe ag an Phluc N13/N14 agus N14/N15 Leifear.

Moltar na struchtúir a leanas:

- Droichead glanréise 287 m ar fad, thar Abhainn na Finne ag Nasc N14/N15 go A5 atá beartaithe, ó dheas ó Leifear.
- Dhá dhroichead abhann
- Seacht dtardhroichead bóthair
- Ocht bhfodhroichead bóthair

- Dhá íosbhealach do thaisteal gníomhach
- Ceithre íosbhealach cóiríochta
- Tardhroichead amháin do thaisteal gníomhach
- Teach sciatháin leathair i gcomharsanacht Bhaile an Droichid
- Íosbhealach fia/mamach amháin
- Lintéir, túir freastail, agus bacainní torainn timpeallachta éagsúla


Sna líonraí do thaisteal gníomhach ar fud Chuid 3 tá thart ar 26 km d'áiseanna comhroinnte coisithe/rothaíochta. I measc na n-áiseanna sin tá cosáin do choisithe/rothaíocht atá suite in aice leis na príomhlínte atá beartaithe, naisc leis an ghréasán bóithre áitiúil agus naisc le limistéir áiseanna áitiúla agus limistéir spéisiúla, agus ar shiúl ó na háiteanna sin, lena n-áirítear áiseanna páirceála/ rothaíochta i gcomharsanacht Thimpellán na Pluice N13/N14, Achomhal Bhaile na Leice R236, agus acomhal Leifear N14/N15.

Níl aon limistéir stórála cúitimh tuilte taobh istigh de Chuid 3.

I roinnt áiteanna, moltar na cosáin sreafa nádúrtha atá ann cheana féin a athrú beagán leis na crosairí lintéir atá beartaithe a ailíniú go cuí le hailíniú an bhóthair. Is athruithe measartha beag iad i ngach cás seachas cás amháin: Fo-abhainn Shruthán na Súilí (ainm EPA Droim Beag Suíomh W3-12) ag Tulaigh Rap, beidh ath-ailíniú fairsing de dhíth uirthi thar fhad de thart ar 1 km (C.9+200 go 10+200).

Cuirtear draenáil ar fáil ar fud na Forbartha Beartaithe agus cuimsíonn an líonra draenála codanna de dhraenáil shéalaithe, 34 lintéar, agus 24 lochán mhaolaithe. Beidh na locháin mhaolaithe uilig de dhearadh bogaigh hibrideach. Suiteálfar draenáil réamhchré-oibreacha le huisce dromchla a atreorú ó limistéir na n-oibreacha.

Tá thart ar 305 heicteár de thalamh de dhíth ar Chuid 3 le bheith sealbhaithe go buan, agus thar tar 1 heicteár de thalamh le bheith seabhaithe go sealadach, leis an Fhorbairt Bheartaithe agus oibreacha gaolmhara  a thógáil.




**Fior 4-3: Cuid 3 Leagan amach na Forbartha Beartaithe**

Ginfear thart ar 3.35 milliún $m^3$ d'ábhar tochailte agus measfar gur ábhar tógála fóirsteanach é thar tar 2.83 milliún $m^3$. Taobh istigh de lorg na Forbartha Beartaithe sainaithníodh 9 limistéar eastósctha agus taisce ábhair (MED). Líonfar aon easnaimh in ábhair chré-oibreacha le hábhar a fhaightear ó limistéir MED. Déanfar aon ábhar cré-oibreacha breise a athúsáid mar líonadh neamhstruchtúrtha taobh istigh de theorainn na Forbartha Beartaithe nó a thaisceadh taobh istigh de limistéir MED.

Le Cuid 3 a thógáil caithfear 8 dteach cónaithe (lena n-áirítear cinnneamhúsáidte/foirgnimh sheachtracha/cineálacha eile foirgnimh) a leagan, agus 3 mhaoin tráchtála.

Beidh dhá bhábhún tógála taobh istigh de theorainn na forbartha ag feidhmiú le linn Cuid 3 a thógáil, ceann amháin i ngach ceann de na bailte fearainn, an Phluc agus Baile na Leice.

I cuid 3 tá oibreacha d'fhóntais, lena n-áirítear líonra ESB, seirbhísí Uisce Éireann (uisce agus fuíolluisce) agus cáblaí teileachumarsáide.

## 4.9 Oibriúchán

Beidh gníomhachtaí oibriúcháin agus cothabhála de dhíth do na rudaí a leanas:

- Struchtúir lena n-áirítear iniúchadh agus cothabháil, deisiúcháin ar dhromchla deic droichid, imthacaí droichid agus ailt ghluaiseachta.
- Líonraí draenála, lena n-áirítear iniúchadh agus cothabháil ar chainéil uisce dromchla féir, draenacha scagaire, idircheapóirí ola peitril, locháin mhaolaithe agus bogaigh.
- Dromchlaí pábhála lena n-áirítear iniúchádh agus cothabháil, deisiúcháin agus athdhromchlú iomlán.
- Plandáil tírdhreacha lena chinntiú go soláthraíonn bearta scagthástála an t-íosleibhéal scagthástála mar atá leagtha amach san EIAR agus go gcomhlíonann na gnáthóga iarthógála na ceanglais le gan aon ghlanchailltenas bithéagsúlachta a bhaint amach.

# 5 MEASÚNU AR ROGHANNA

Caibidil 5: Soláthraíonn Measúnú ar Roghanna Réasúnta eolas ar fhorbairt deartha agus ar an dóigh ar cuireadh eolas faoin timpeallacht san áireamh i ndearadh na Forbartha Beartaithe.

Ba phróiseas céimnithe agus atriallach thar thréimhse fhada roghana malartacha a shainaithint agus a mheasúnú ag tosú in 2014 agus ag dul ar aghaidh go dtí deireadh Chéim 3 Dearadh agus Meastóireacht Timpeallachta agus foilsiú EIAR.

Ba iad seo a leanas na céimeanna sa mheasúnú ar roghanna malartacha réasúnta:

**Sainaithin roghanna malartacha indéanta le riachtanais agus cuspóirí bunaithe a bhaint amach, circa 2014 go 2017 (Céim 0/1):**
I ndiaidh na croíriachtanais, na haidhmeanna agus na cuspóirí a chinneadh, breithníodh roghanna indéanta agus réasúnta leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Áiríodh leis sin roghanna neamhiompair agus iompair chomh maith le modhanna eile agus réitigh chomhcheangailte. Is é an tátal a thugtar sa mheasúnú seo gur réiteach iompair bótharbhunaithe an t-aon bhealach réasúnta le cuspóirí na Forbartha BeartaitheTionscadail a bhaint amach, go háirithe nascacht a fheabhsú ó Réigiún an Iarthuaiscirt go dtí an chuid eile d'Éirinn, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann agus cloí le ceanglais Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais maidir le forbairt an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán "TEN-T"). Ina dhiaidh sin, aithníodh réiteach spriocdhírithe ar bhóithre mar an t-aon réiteach/rogha indéanta agus réasúnta a fhéadann riachtanais agus cuspóirí na Forbartha Beartaithean a sheachadadh. Sainaithníodh sa chéim seo fosta na suíomhanna spriocdhírithe le haghaidh idirghabháil ar líonra TEN-T.

### Measúnú ar Shrianta agus Measúnaithe ar Roghanna Bealaigh Indéanta, circa 2017 go 2019 (Céim 2):

Ba phróiseas céimnithe é sin a d'aithin an Limistéar Srianta ar dtús do gach suíomh agus ansin a mheas roghanna conaire bealaigh indéanta taobh istigh den limistéar. Is conairí bunúsacha 200m ar leithead na conairí bealaigh seo atá dírithe ar ailíniú bunúsach deartha bóthair atá cothrománach agus ingearach. Is le dhá chéim a rinneadh measúnú ar na roghanna conaire sin, i gcomhréir le TII PMG agus PAG, agus bhí sé go hiomlán comhsheasmhach le ceanglais EIA. Rinneadh comparáid idir na roghanna réasúnta uilig a ndearnadh staidéar/breithniú orthu i gcomhréir le forálacha Airteagal 5(1)(d) agus Iarscríbhinn IV de Threoir 2011/92AE (arna leasú le Treoir 2014/52AE) (Treoir EIA"), agus le Treoir 2017 an Choimisiúin maidir le hUllmhú na Tuarascála ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta.

Baineadh úsáid as Anailís Ilchritéir (MCA) le linn an Tionscadail de réir threoir TII agus na Roinne Iompair DoT. Go háirithe, baineadh úsáid as Creat Breithmheasa Coiteann DoT (CAF) le linn Chéim 2 toisc gurbh é an próiseas measúnaithe reatha é a bhí ann ag an am (2019).

Ba é an t-aschur ón chéim seo an chonair Roghnaithe a aithint ó na roghanna bealaigh a breithníodh. Áiríodh sa chéim seo suirbhéanna agus measúnuithe níos mionsonraithe agus cineál(acha) foriomlána trasghearrtha bóthair a chinneadh, réamhdhearaí ailínithe agus breithniú breise ar mhaolú timpeallachta agus seachaint tionchair.

Tugann an t-eolas a chuirtear i láthair i gCaibidil 5: Measúnú ar Mhalartacha Réasúnta achoimre ar an fhaisnéis a foilsíodh i dTuarascáil Roghnú Roghanna TEN-T PRIPD (Nollaig 2019) ina sonraítear na measúnuithe i gCéim 2. Tá an tuarascáil iomlán, lena n-áirítear na líníochtaí tacaíochta agus na haguisíní uilig, ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.donegal-ten-t.ie/pages/documentsdownloads/phase-2.php.

### Measúnú ar Mhalartacha Deartha Forbartha Beartaithe, circa 2019 go 2025 (Céim 3):

De réir mar a chuaigh dearadh na Forbartha Beartaithe ar aghaidh i gCéim 3A, breithníodh cinntí dearaidh ar ghnéithe lena n-áirítear feabhsúcháin ar ghníomhú ar son na haeráide agus roghanna glasa go háirithe agus

tugadh isteach iad ar fud roghanna malartacha dearaidh agus tógála. Áirítear orthu sin soláthar ilmhódach, ach níl sé teoranta dóibh, bonneagar a chumasú agus a nascadh, taisteal gníomhach, páirceáil agus comhroinnt, draenáil, roghanna struchtúir, bábhúin, bainistíocht dramhaíola agus ábhair. Bhí measúnú aonair ar roghanna faoi dhearadh agus tógáil mhalartach agus. Rinneadh measúnú timpeallachta ar roghanna den tsórt sin i gcomhréir le Treoir EIA.

## 5.1 Roghanna Malalartacha Bótharbhunaithe don Fhorbairt Bheartaithe

Breithníodh roghanna malartacha neamhbhóthair agus roghanna bainistíochta éilimh le cuspóirí na Forbartha Beartaithe a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Leathanbhanda feabhsaithe
- Uaireanta agaithe oibre agus feabhsúcháin áitiúla
- Modhanna malartacha iompair lena n-áirítear aer, farraige agus iarnród
- Iompar poiblí feabhsaithe agus modhanna malartacha

Ní féidir le ceann ar bith de na roghanna seo cuspóirí na Forbartha Beartaithe a bhaint amach.

Rinneadh MCA do na critéir uilig um an Chreat Comhchoiteann Breithmheasa (CAF) maidir leis na hidirghabhálacha a mheastar a bheith ar na cinn is fóirsteanaí don Fhorbairt Bheartaithe, mar atá: bainistíocht éilimh, modhanna gníomhacha, bus, iarnród, rothar agus réiteach hibrideach ar bhóthar/bus/taisteal gníomhach.

Ó na measúnuithe a rinneadh, meastar gur réiteach iompair bótharbhunaithe an réiteach is fóirsteanaí le cuspóirí an tionscadail a bhaint amach, go háirithe maidir le ceanglais Rialacháin TEN-T a chomhlíonadh.

## 5.2 Roghanna Malalartacha Bótharbhunaithe don Fhorbairt Bheartaithe

Leanann na réitigh mhalartacha a bhreithnítear treoir TII maidir le roghanna a roghnú. Breithníodh na trí chás seo a leanas:

- Roghanna Gan Rud ar Bith a Dhéanamh: an timpeallacht atá ann faoi lathair gan feabhsúcháin ar bith.
- Malartacha Íosta a Dhéanamh: idirghabhálacha ar an ghréasán atá ann faoi láthair agus ar scéimeanna tiomanta ar na gaobhair.
- Roghanna Rud Éigin a Dhéanamh: idirghabhálacha bótharbhunaithe.

## 5.3 Gan Rud ar Bith a Dhéanamh

Ní thabharfaidh Gan Rud ar Bith a Dhéanamh an t-aistriú chuig gréasán iompair níos ísle trí thionscnaimh nua nó feabhsaithe um ghníomhú ar son na haeráide agus roghanna malartacha iompair inbhuanaithe. Ní sheachadann Gan Rud ar Bith a Dhéanamh riachtanais agus cuspóirí na Forbartha Beartaithe, lena n-áirítear gan bheith teoranta dóibh, caighdeáin ghréasáin Chuimsitheacha TEN-T, an Straitéis Náisiúnta um Shábhailteacht ar Bhóithre do bhóithre roinnte agus spriocanna an Rialtais maidir le meánluasanna feabhsaithe ar bhóithre náisiúnta. Ar na cúiseanna seo uilig, ní rogha réasúnta an rogha Gan Rud ar Bith a Dhéanamh don Fhorbairt Bheartaithe.

## 5.4 An Íosmhéid a Dhéanamh

Mheas roghanna Íosmhéid a Dhéanamh feabhsúcháin áitiúla agus ar líne chomh maith le tionscnaimh bhainistíochta éilimh. Ní indéanta aicmí feithiclí agus/nó athdháileadh spás bóthair sa chás go bhfuil an bóthar faoi bhun an chaighdeáin agus i gcás nach bhfuil bealaí malartacha ar fáil. Gan modhanna malartacha iomlána nó bealaí malartacha, ní féidir cuspóir an rialacháin TEN-T ‘gréasán iompair ilmhódach aonair ar fud an Aontais ar ardchaighdeán a bhunú’ a bhaint amach fosta. Is idirghabháil íosta spriocdhírithe

an Fhorbairt Bheartaithe a dhíríonn ar na codanna is easnamhaí de líonra TEN-T i nDún na nGall. Díríonn sé ar na codanna caighdeánacha is boichte chomh maith le seachbhóthar uirbeach agus suiomhanna ard-imbhuailtí agus cuimsíonn sé roinnt feabhsuithe ar líne. Mar sin féin, níl feabhsuithe níos ginearálta ar líne réasúnta mar gheall ar dhroch-chaighdeán an ghréasáin faoi láthair in áiteanna chomh maith le hiomadú oidhreachta ar rochtain ar an ghréasán bóithre náisiúnta atá ann faoi láthair. Ní féidir le modhanna malartacha agus uirlisí eile bainistíochta éilimh na saincheisteanna faoi chroí-acmhainn, nascacht réigiúnach agus sábháilteacht ar an ghréasán TEN-T atá ann faoi láthair a réiteach mar atá leagtha amach i Rialacháin TEN-T agus i mbeartais  agus i gcuspóirí naisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

## 5.5 Rud Éigin a Dhéanamh

I ndiaidh cinneadh go raibh gá le réiteach bótharbhunaithe, breithníodh measúnú breise ar roghanna malartacha módúla agus idirghabhála, agus diúltaíodh don ghá le gréasán iompair iomlán nua a chur ar fáil don ghréasán TEN-T ar fad i nDún na nGall go luath nuair a cuireadh Staidéar ar Riachtanais Bóithre TEN-T Dhún na nGall (2015) i gcrích inar bunaíodh codanna tosaíochta spriocdhírithe.

Rinneadh anailís ar an Fhorbairt Bheartaithe i gcomhréir leis an Chreat Náisiúnta Infheistíochta d'Iompar in Éirinn (NIFTI) 2021. Thángthas ar an chonclúid gur réiteach hibrideach ilmhódach a chuimsíonn idirghabháil bóthair, bus agus ar thaisteal gníomhach an réiteach is fóirsteanaí le cuspóirí na Forbartha Beartaithe a bhaint amach, lena n-áirítear tacú le hathrú módúil agus brúnna ar an ghréasán bóithre áitiúil a laghdú san fhadtéarma. D'fhéadfaí gach rud a sheachadadh thart ar réiteach bótharbhunaithe.

De réir mar atá dul chun cinn déanta ag an Fhorbairt Bheartaithe, tá próiseas an dearaidh i ndiaidh aird a tharraingt ar bheartais atá ag teacht chun cinn agus ag forbairt, lena n-áirítear treoir mheasúnaithe, eolas timpeallachta, Rialacháin TEN-T agus pleananna agus beartais ghníomhaíochta ar son na haeráide. Dá bhrí sin cuireadh isteach gnéithe cuí agus tairbheacha de roghanna malartacha i ndearadh deiridh na Forbartha Beartaithe le haghaidh a thabhairt ar na hathruithe agus na riachtanais nua seo ar an dóigh is fearr gan croí-aidhmeanna  agus cuspóirí na Forbartha Beartaithe a laghdú.

Dá bhrí sin, is réiteach ilmhódach an Fhorbairt Bheartaithe le breithniú suntasach ordlathas NIFTI  agus gné idirghabhála rud a fheabhsaíonn a dhintiúir fhoriomlána um ghníomhú ar son na haeráide.

## 5.6 Roghanna Eile Conair Bealaigh: Próiseas Ginearálta

I dtús Chéim 2 agus i ndiaidh na trí réimse staidéir a aithint, rinneadh Staidéar ar Shrianta. D'fhág sin gurbh fhéidir roghanna éagsúla conaire bealaigh a aithint agus a thabhairt ar aghaidh le haghaidh measúnú agus breithniú mionsonraithe. Fuair siad sin tacaíocht le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear imeachtaí de chomhairliúcháin phoiblí.

Rinneadh samhaltú don limistéar staidéir le fás tráchta agus éilimh an ghréasáin a thuar taobh istigh den réigiún agus lena chinntiú go gcomhlíonann an Fhorbairt Bheartaithe riachtanais na n-éileamh tráchta seo sa todhchaí.

Lean roghnú na roghnuithe is fearr don Fhorbairt Bheartaithe próiseas trí chéim:

- Céim 1: Réamh-mheasúnú ar roghanna.
- Céim 2: Measúnú ar roghanna.
- Céim 3: Rogha na tosaíochta.

Ag Céim 1, sainaithníodh liosta fada de roghanna conaire 300 m ar leithead taobh istigh de limistéar staidéir na Forbartha Beartaithe. Rinneadh measúnú ansin ar an liosta fhada de roghanna de réir threoirlínte TII faoi na trí chritéar: Innealtóireacht, Timpeallacht agus Geilleagar, agus tugadh tosaíocht do gach ceann acu. Ansin sainaithníodh gearrliosta de na réamhroghanna agus tugadh ar aghaidh go dtí Céim 2 é.

I dtús Chéim 2 rinneadh forbairt bhreise ar na roghanna ar an ghearrliosta le réamhdhearthaí do bhóithre nasctha, straitéisí acomhal, ceangail agus aistrithe, etc. Rinneadh tuilleadh scagtha agus tuilleadh feabhsúchán de réir mar a chuaigh an réamhdhearadh ar aghaidh leis an tseans a laghdú go mbeidh tionchair thimpeallachta ann nuair is indéanta. Rinneadh measúnú ar an ghearrliosta de roghanna i gcomhréir le treoirlínte TII faoi na sé chritéar CAF: Geilleagar, Sábháilteacht, Timpeallacht, Inrochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta, Comhtháthú agus Gníomhaíocht Fhisiciúil. Ba é toradh gach breithmheasa ná scór tionchair agus rangú rogha do gach rogha.

Ag Céim 3, moladh an rogha is fearr a thabhairt ar aghaidh chuig Céim 3 Dearadh agus Meastóireacht Timpeallachta. Is é an rogha is fearr conair 300m ar leithead ina bhfuil an Fhorbairt Bheartaithe le dearadh. Is féidir an rogha is fearr a mhionathrú mar is gá bunaithe ar riachtanais dearaidh ar eolas timpeallachta a bheidh ar fáil de réir mar a théann an Fhorbairt Bheartaithe ar aghaidh trí Chéim 3.

## 5.6.1 Cuid 1

### 5.6.1.1 Príomhline


Sainaithníodh 36 rogha san iomlán ag Céim 1 do Chuid 1: N15/N13 Réigiún Uirbeach Bhealach Féich-Srath an Urlair. Rinneadh gach réamhrogha a mheas i gcoinne na dtrí chritéar Timpeallacht, Innealtóireacht agus Geilleagar. Mar thoradh ar mheasúnú Chéim 1 bhí sé chonair rogha ar an ghearrliosta a tugadh ar aghaidh go Céim 2 den phróiseas measúnaithe roghanna. Bhí na roghanna uilig ar an ghearrliosta siar ó thuaidh ó Cheantar Uirbeach Bhealach Féich agus Srath an Urláir rud a léiríonn na breithnithe le tionchair fhéideartha ar (SAC) Abhainn na Finne a laghdú. I ndiaidh an mheasúnaithe tosaigh ar na sé rogha ar an ghearrliosta, aithníodh rogha eile atá ina rogha ilchodach a tharlaíonn nuair a chuirtear le chéile na codanna is fearr de na roghanna eile.

Rinneadh gach ceann de na seacht rogha a mheas faoi na sé phríomhchritéar CAF. Áiríodh leis sin breithmheas timpeallachta i gcomhréir le ceanglais Threoir EIA. Ón mheasúnú sin, aithníodh Rogha 1G mar an rogha is fearr ag teacht chun cinn. Cuimsíonn an rogha seo an bóthar ceangail ón bhaile fearainn Taobh Mhic Muaí go dtí an N15 atá ann cheana féin ó thuaidh ó Shrath an Urláir. Taispeántar i bhFíor 5-1 an rogha is fearr do Chuid 1, lena n-áirítear Nasc Bhóthar Bhealach Féich.

### 5.6.1.2 Roghanna maidir le Bóthar Ceangail Bhealach Féich

Le linn mheastóireacht Chéim 2 ar roghanna, cuireadh nasc áitiúil do Bhealach Féich san áireamh go cothrom do gach rogha a sholáthraigh nascacht ón acomhal bheartaithe le príomhlíne na Forbartha Beartaithe ag Cabraigh go dtí an gréasán bóithre atá ann cheana féin. Áiríodh leis an rogha is fearr,1G, an nasc áitiúil seo a bhí mar nasc ón acomhal bheartaithe, ag nascadh leis an R252 cóngarach do Dhroichead Logue agus ag nascadh leis an N15 atá annn cheana féin i gcomharsanacht Bhóthar na Coille/Cúirt Aisling.

I ndiaidh Rogha 1G a aithint mar an rogha is fearr, rinneadh tuilleadh machnamh mionsonraithe ar bharrfheabhsú Nasc Bhealach Féich lena fhiosrú an raibh ailínithe malartacha agus socruithe acomhail don nasc seo. Rinneadh breithmheas Chéim 1 ar 19 réamhrogha (LR1 trí LR19) . Cuireadh 5 rogha (A go E) ar an ghearrliosta do mheasúnú Chéim 2 de réir Threoir TII agus CAF agus sainaithníodh Rogha E mar an rogha ab fhearr leis an scór charnach is airde agus an líon is airde roghanna. Níor athraigh an roghnú deiridh de Rogha E mar Cheangal do Bhóthar Ceangail Bhealach Féich an choncúid gurb é Rogha 1G an rogha is fearr do phríomhlíne na Forbartha Beartaithe, mar a thaispeántar i bhFíor 5-1.





**Fior 5-1: Cuid 1 Rogha Roghnaithe - Rogha 1G lena n-áirítear Nasc Bealach Féich Rogha E**

## 5.6.2 Cuid 2

Aithníodh 28 rogha ag Céim 1 do Chéim 2 : N56/N13 Leitir Ceanainn chuig Mainéar Uí Chuinneagáin. Rinneadh na réamhroghanna uilig a mheas i gcoinne na dtrí chritéar Timpeallacht, Innealtóireacht agus Geilleagar. I ndiaidh na réamhroghanna a mheas, bhí deich rogha fágtha. Taobh istigh den ghrúpa seo, bhí trí phéire roghanna a bhfuil ailínithe comhchosúla acu le héagsúlacht bheag. Aithníodh gach péire mar rogha amháin le hathrú. Dá bhrí sin, tá seacht rogha ar an ghearrliosta, trí cinn de na roghanna a bhfuil éagsúlacht chomhchosúil acu ar an rogha, á dtabhairt ar aghaidh go dtí Céim 2 den roghnú roghanna.

Rinneadh gach ceann de na seacht rogha a mheas faoi na sé phríomhchritéar CAF. Áiríodh leis sin breithmheas timpeallachta i gcomhréir le ceanglais Threoir EIA. Ón bhreithmheas sin, scóráil Rogha 2C agus 2D mar an gcéanna agus rinneadh breithmheas péire leis an rogha is fearr a roghnú. Ón mheasúnú péire sin, roghnaíodh Rogha 2D mar an rogha is fearr mar gur éirigh níos fearr léi maidir le tionchair fhéideartha ar chaighdeán an aeir & aeráid, torann, oidhreacht chultúrtha agus sócmhainní ábhair neamhthalmhaíochta.

Léirítear an rogha roghnaithe do Chuid 2 i bhFíor 5-2.





**Fior 5-2: Cuid 2 Rogha Roghnaithe - Rogha 2D**

### 5.6.3 Cuid 3

Sainaithníodh 42 rogha ar fad ag Céim 1 do Chéim 3: N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear / an Srath Bán /Nasc A5. Rinneadh gach réamhrogha a mheas i gcoinne na dtrí chritéar Timpeallacht, Innealtóireacht agus Geilleagar. I ndiaidh na réamhroghanna a mheas, bhí naoi rogha fágtha. Taobh istigh den ghrúpa seo, bhí trí phéire de roghanna ann a raibh ailínithe comhchosúil le héagsúlacht bheag acu. Aithníodh gach péire mar rogha amháin le hathrú. Dá bhrí sin, bhí sé rogha ar an ghearrliosta, agus tá athrú comhchosúil ar an rogha ag trí cinn de na roghanna, á dtabhairt ar aghaidh go dtí Céim 2 den roghnúchán rogha.

Rinneadh measúnú ar gach ceann de na sé rogha faoi na sé phríomhchritéar CAF. Áiríodh leis sin breithmheas timpeallachta i gcomhréir le ceanglais Threoir EIA. Ón mheasúnú sin, is fearr a scórálann Rogha 3B2 agus 3C2 agus gach anailís ilchritéir a chur san áireamh. Ós rud é nach raibh rogha shoiléir idir Rogha 3B2 agus Rogha 3C2, rinneadh comparáid beirte leis an an dá rogha seo a chur i gcomparáid le chéile leis an rogha is fearr a aithint. Ón bhreithmheas beirte sin, aithníodh Rogha 3B2 mar an Rogha Roghnaithe.

Léirítear  an rogha roghnaithe do Chuid 3 i bhFíor 5-3.




**Fíor 5-3: Cuid 3 Rogha Roghnaithe - Rogha 3B2**

## 5.7 Céim 3 Forbairt Dearaigh: Gach Cuid den Fhorbairt Bheartaithe

Tugadh na trí rogha atá san Fhorbairt Bheartaithe ar aghaidh ina dhiaidh sin go Céim 3 Dearadh agus Meastóireacht Timpeallachta, de réir Threoracha Bainistíochta Tionscadail TII. Sa chéim seo, breithníodh agus rinneadh meastóireacht ar roghanna éagsúla ó thaobh na timpeallachta de lena n-áirítear:

- Roghanna malartacha leagan amach bealaigh
- Struchtúir agus droichid
- Draenáil
- Taisteal gníomhach
- Suíomhanna do bhábhúin tógála

Mar thoradh ar an mheasúnú ar gach ceann de na roghanna seo, dearadh na Forbartha Beartaithe ar fad mar atá leagtha amach sna Socruithe Ginearálta a thaispeáin Líníochtaí EIAR 4.01 (Cuid 1), 4.02 (Cuid 2) agus 4.03 (Section 3).

# 6 TRÁCHT & IOMPAR

Cuimsíonn an Chaibidil um Measúnú Tráchta agus Iompair riochtaí tráchta limistéar na Forbartha Beartaithe don Bhonnbhliain (2017), an Chéad Bhliain (2032), agus don Bhliain Dearaidh (2047), leis na cásanna 'Déan an Íosmhéid' agus 'Déan Rud Éigin'. Is é an rud atá sa ghréasán bóithre i limistéar na Forbartha Beartaithe ná:

- Bóithre Náisiúnta N14, N13, N15 agus N56.
- Bóthar Réigiúnach R236, R252 agus R264.
- Bóithre áitiúla.

Seo a leanas an mhodheolaíocht don mheasúnú tráchta agus iompair:

1. Tabhair faoi athbhreithniú bonnlíne agus measúnú ar an staid tráchta atá ann faoi láthair.
2. Forbair múnla tráchta le coinníollacha bunlíne a chalabrú agus a bhailíochtú bunaithe ar shonraí tráchta a breathnaíodh.
3. Tabhair faoi shamhaltú tráchta le measúnú a dhéanamh ar chásanna na bliana amach romhainn, leis an Fhorbairt Bheartaithe ("Déan Rud Éigin (DS)") agus gan an Fhorbairt Bheartaithe ("Déan an Íosmhéid (DM)") i bhfeidhm.
4. Déan meastóireacht ar thorthaí samhaltaithe tráchta, a thuarann tionchar an tráchta atá ann cheana féin agus an trácht amach anseo ar an ghréasán bóithre sna roghanna DM agus DS bonn eolais a chur faoin mheasúnú eacnamaíoch.
5. Déan measúnú ar thionchair thráchta agus ar aon bhearta maolaithe ina dhiaidh sin le aon tionchair dhiúltacha tráchta a bhaineann le tábhacht mhór a bhaint agus/nó a laghdú.

Forbraíodh samhlacha réamhaisnéise do 2032, 2047 agus 2062 bunaithe ar fhachtóirí fáis criosacha ó Shamhail Náisiúnta Iompair NpTM TII a cuireadh i bhfeidhm ar an bhonnéileamh agus athruithe ar ar líonra bunaithe ar scéimeanna tiomanta (samhlacha DM & DS) agus ar scéim Thionscadal Feabhsúcháin Bealaí Tosaíochta TEN-T (DS amháin). Léiríonn na samhlacha réamhaisnéise go laghdaíonn an Fhorbairt Bheartaithe iomlán an ama a chaitheann feithiclí ar an ghréasán faoi 6.5%-8.1% le linn na mbuaicuaireanta (AM agus PM) and faoi 6%-6.7% san Interpeak sna blianta amach romhainn. Mar thoradh air sin tá laghdú ar phlódú i mBealach Féich, i Srath an Urláir agus i gcodanna de Leitir Ceanainn, rud a fhágann go bhfuil caighdeán an aeir níos fearr ar an iomlán agus laghdú dóchúil ar gháis cheaptha teasa. Bheadh an Meántrácht Laethuil Bliantúil (AADT) seo a leanas mar thoradh ar athshannadh tráchta ó bhealaí atá ann cheana féin leis an bhonneagar nua a úsáid:

**Cuid 1**:Ón N15 agus N13 ag Bealach Féich atá ann cheana féin go dtí an seachbhóthar nua. Ba é an AADT ar an tseachbhóthar thart ar 10,400 feithicil in 2032 agus 11,200 feithicil in 2047, ag mealladh 91% den trácht ón bhealach reatha.

**Cuid 2**: Ag an bhóthar ceithre lána idir Pole Star agus Dry Arc, thit an AADT tuartha in 2032 ó 39,500 sa Déan an Íosmhéid go 2,600 sa Déan Rud Éigin agus in 2047, thit an AADT ó 42,000 sa Déan an Íosmhéid go dtí 21,900 sa Déan Rud Éigin. Mar sin laghdaíodh an t-éileamh suas le 48% de réir mar a atreoraíodh trácht chuig an chuid nua.

**Cuid 3**: Mheall an débhealach nua beartaithe trácht ón N14 atá ann faoi láthair. Ag an taobh thuaidh den bhealach nua, measadh go mbeadh thart ar 8.800 feithicil ag an AADT in 2032 agus 11,300 feithicil in 2047, ag mealladh idir 70% agus 80% den éileamh iomlán ar fud an bhealaigh nua agus an bhealaigh atá ann faoi láthair.

Rinneadh tástálacha íogaireachta i gcomhréir le Treoirlínte Breithmheasa Tionscadall TII (PAGs) le measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag éagsúlachtaí i réamhháisnéisí fáis ar na tionchair tráchta agus ar riachtanais mhaolaithe. Bhí na tástálacha a rinneadh le haghaidh cásanna fáis Íseal agus Ard agus íogaireacht bhreise A5N Conair Iompair an Iarthair (A5 WTC). Ní raibh aon tionchair shuntasacha thráchta in aon cheann de na cásanna íogaireachta a ndearnadh tástáil orthu i gcompararáid leis an chroí-chás.

Sothathróidh an Fhorbairt Bheartaithe buntáistí sábháilteachta idir €22.3 milliún (fás íseal), €22.8 milliún (fás lárnach) agus €24.1 milliún (fás ard) thar an tréimhse mheasúnaithe 30 bliain. Tagann an tairbhe seo as an laghdú ar líon na n-imbhuailtí, ar an méid acu a bhí ann agus ar a olcas a bhí siad, mar gheall ar an scéim. Laghdaítear líon iomlán na n-imbhuailtí síos 574 (fás íseal), 594 (fás lárnach) and 659 (fás ard) thar an tréimhse bhreithmheasa 30 bliain. I ngach cás laghdaítear líon na n-imbhuailtí marfacha, síos thart faoi 6.

Trí modh gníomhach deighilte tarraingteach a sholáthar do rothaithe agus do choisithe, éascaítear athrú suntasach ar nascacht le hoideachas, sláinte, áiseanna pobail agus díol spéise áitiúil do chuairteoirí (fóillíocht agus turasóireacht). Is dócha go dtiocfaidh méadú ar mhodh taistil gníomhach taobh istigh de limistéar na Forbartha Beartaithe mar thoradh ar na tograí maidir le bealach do rothair agus bealach do choisithe. Léiríonn measúnú ar sholáthar an bhonneagair mód gníomhach gurb ionann na buntáistí iomlána a fhabhraítear d'úsáideoirí agus €37.4 milliún agus gurb é €18.2 milliún an tionchar is mó ar laghdú sna básanna.

# 7 DAONRA

Sa chaibidil seo déantar measúnú ar thionchar na Forbartha Beartaithe ar ghnéithe daonra na timpeallachta. Cuireadh ceithre réimse topaicí san áireamh sa mheasúnú ar éifeachtaí féideartha: Maoin Phríobháideach agus Tithíocht; Talamh Forbartha agus Gnólachtaí; Talamh agus Sócmhainní Pobail; agus Úsáideoirí Neamh-Mhótair. Luaitear tionchair a bhaineann go sonrach le tógáil talaimh ó mhaoine cónaithe aonair agus scartáil faoi  Caibidil 16: Sócmhainní Ábhartha (Neamh-Thalmhaíochta).

## 7.1 Timpeallacht Bhonnlíne

Bhí daonra de 34,409 i nDaonáireamh 2022 sa limistéar staidéir do na trí chuid, méadú ó 30,179 in 2016. Istigh ann tá na bailte cúplacha  Bealach Féich-Srath an Urláir, agus codanna de Leitir Ceanainn, chomh maith le Leifear ar an teorainn le Tuaisceart Éireann. Téann an Fhorbairt Bheartaithe ó dheas ón tsráidbhaile Mainéar Uí Chuinneagáin. Tá na lonnaíochtaí beaga Droim Eochaille, Murlog agus Baile an Droichid suite taobh istigh de limistéar na Forbartha Beartaithe agus tá roinnt áiseanna pobail ann. Tá an chuid eile de limistéar na scéime níos tuaithe le daonra agus dlús daonra níos ísle agus níos mó talaimh in úsáid le haghaidh talmhaíochta. Tá céatadán réasúnta ard de thurais ag brath ar mhótarfheithiclí / trácht bótharbhunaithe, rud is gnách i gceantair níos tuaithe. Tá rátaí dífhostaíochta sa chontae níos airde ná sa chuid eile den tír.

Maidir le turasóireacht, tá an N56 mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá codanna de chonairí rothaíochta fadachair ann cheana féin (Conair an Iarthuaiscirt agus Bealach Rothaíochta Dhún na nGall) le moltaí le haghaidh níos mó mar chuid de Líonra Náisiúnta Rothaíochta. Tá beagán forbartha déanta ar an ghlasbhealach, go háirithe thart ar Leifear. Tá áiseanna tábhachtacha taobh istigh de limistéar na scéime fosta, e.g. Droim Bó agus roinnt soláthróirí lóistín do thurasóirí.

Is iad an dá phríomhdhoiciméad beartais pleanála a dhéanann foráil d’úsáidí talaimh amach anseo ná Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall (CDDP), agus Plean Leitir Ceanainn agus Plean Iompair Áitiúil 2023-2029 (LPLTP). Soláthraíonn an CDDP an creat pleanála straitéiseach don phróiseas cheadaithe reachtúil don Fhorbairt Bheartaithe, lena n-áirítear na conairí bealaigh is fearr a chaomhnú agus a chosaint taobh istigh den phlean agus tacaíocht straitéiseach beartais (Cuspóir RPO-3.7.30). Tá cuspóirí criosaithe do thochailt taobh istigh de theorainneacha lonnaíochta Bhealach Féich/ Srath an Urláir (taobh istigh de Phlean Ceantair) agus Leaifear (taobh istigh de Chreat Forbartha) san áireamh taobh istigh den CDDP. Cuirtear cuspóirí criosaithe do thailte taobh istigh de theorainn lonnaíochta Leitir Ceanainn ar fáil taobh istigh den LPLTP. Taobh istigh den dá phlean, déanann cuspóirí criosaithe foráil do sholáthar na forbartha nuair is ábhartha.

## 7.2 Measúnú Tionchair agus Bearta Maolaithe

### 7.2.1 Céim na Tógála

Le linn na tógala, táthar ag súil le héifeachtaí sealadacha nó gearrthéarmacha beagán diúltach d’áis an phobail atá ina gcónaí ann nó ag obair ann, go príomha i gceantair ina bhfuil oibreacha móra le crosairí abhann, droichid, claífoirt/gearrthacha, ag bábhúin agus in áiteanna ina bhfuil gá le druidim bóithre /bealaí malartacha le héifeachtaí díobhálacha measartha gearrthéarmacha tuartha do mhaoine taobh istigh de 50m den Fhorbairt Bheartaithe. Leagtar amach bearta maolaithe agus tograí monatóireachta i gcaibidlí ábhartha EIAR (maidir le hastaíochtaí aeir agus torainn agus tonnchrith, mar shampla. Cuirfear bearta sealadacha bainistíochta (TTM) i bhfeidhm lena chinntiú go bhfanfaidh rochtain shábháilte ar thithe, gnólachtaí, limistéir áiseanna agus saoráidí le linn na tógála agus go mbeidh laghdú ar mhoilleanna. Tá Plean Cumarsáide do Pháirtithe Leasmhara le hullmhú le go mbeidh an pobal ar an eolas faoi phleananna tógála go háitiúil. Déanfar monatóireacht ar thírdhreachú an áit ar tharla athchóiriú lena chinntiú go mbunaítear síolú agus plandaí.

Tiocfaidh **éifeachtaí dearfacha gearrthéarmacha an-suntasacha** chun cinn mar gheall ar ghiniúint fostaíochta dhíreach agus indíreach ón chéim tógála. **Tiocfaidh éifeachtaí  díobhálacha atá rud beag sealadach agus gearrthéarmach** chun cinn mar gheall ar chur isteach nó deacrachtaí rochtana a mheastar a bheith ann do líon measartha beag gnólachtaí.

Cuimsíonn maolú chéim na tógála comharthaíocht shealadach do Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus d'áiseanna mar Fheirm Oscailte an Lorgaigh Bhreac agus óstáin/ soláthróirí eile cóiríochta nuair a athraítear rochtain go sealadach. Beidh na héifeachtaí **sealadach, gearrthéarmach, éadrom, díobhálach**. Beidh rochtain ann go fóill ar thailte agus sócmhainní pobail le linn na tógála. Moltar maolú ar leith faoi am na n-oibreacha ag Scoil Náisiúnta Naomh Padraig (Cuid 2). Agus maolú i bhfeidhm, beidh éifeachtaí iarmharacha maidir le rochtain agus cur isteach ginearálta ar áiseanna pobail **éadrom, sealadach** nó **díobhálach gearrthéarmach**. Meastar go mbeidh cur isteach ar an 'bhealach maireachtala' i Leitir Ceanainn **sealadach nó gearrthéarmach, díobhálach éádrom measartha**. Fanfaidh an bealach oscailte agus inrochtana go mbeidh droichead nua na Súilí inúsáidte.

Caithfear eolas a chur in iúl go soiléir maidir le hathruithe sealadacha ar bhealaí d'Úsáideoirí Neamh-Mhótair (NMUs) agus tá bealaí malartacha le bheith i bhfeidhm ó thús na n-oibreacha ábhartha le haird ag bealaí sealadacha ar riachtanas coisithe (maol-luaineachta) agus rothaithe. Moltar maolú sonrach do bhealaí rothaíochta ar nós Chonair an Iarthuaiscirt. Cinnteoidh bearta den tsórt sin nach dtiocfaidh aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha chun cinn ar ar NMUs le linn chéim na tógála. Beidh na héifeachtaí **sealadach gearrthéarmach, éadrom, díobhálach.**

Tógfaidh sé thart ar chúig bliana leis an Fhorbairt Bheartaithe a thógáil. Má táthar le hoibreacha ar na trí chuid le déanamh ag an am chéanna, ní mheastar go mbeidh déine shuntasach ar na héifeachtaí le bainistíocht tráchta tógála agus bearta maolaithe eile sa chéim tógála i bhfeidhm. Beidh gabhdóirí daonra áitiúLa achar fada go leor ó oibreacha a bhaineann le codanna eile den scéim.

## 7.2.2 Céim Oibríochta

Beidh éifeacht dhearfach shuntasach fhadtéarmach ann mar gheall ar shábháilteacht, rochtain agus amanna turais feabhsaithe don phobal chónaithe agus don phobal oibre. Déanfar monatóireacht ar an Fhorbairt Bheartaithe le taobh na dtáscairí, mar atá, am turais, sábháilteacht agus scuainí.

Déanfar 26 maoin chónaithe a scartáil agus 11 cheann eile sealbhaithe agus coinnithe ag DCC. Meastar gur **éifeacht dhíobhálach an-suntasach throm, bhuan** seo ar na gabhdóirí sonracha sin, ach ní bheidh tionchar suntasach aige sin ar an déimeagrafaic fhoriomlán. Tugtar faoi deara **éifeacht éádrom dhearfach bhuan** maidir le rochtain fheabhsaithe ar thailte criosaithe d'fhorbairt chónaithe.

Tá tírdhreachú, bacainní torainn agus monatóireacht ar chaighdeán aeir i measc na mbeart maolaithe agus na moltaí monatóireachta a chuirtear ar fáil taobh istigh den EIAR le saoráid na céime oibríochta a chosaint. Tiocfaidh éifeachtaí díobhálacha **éadroma/measartha, fadtéarmacha** chun cinn nach féidir a sheachaint ar líon measartha beag de mhaoine, beidh feabhsúcháin ann ag cinn eile, a eascraíonn den chuid is mó as laghdú ar an méid tráchta agus an laghdú torainn a bhaineann leis sin agus feabhas ar chaighdeán an aeir. Tríd is tríd, tagann **Caibidil 14 Torann & Tonnchrith** ar an chonclúid go mbeidh éifeacht iarmharach chomhiomlán dhearfach mar thoradh ar an Fhorbairt Bheartaithe. Beidh éifeachtaí tairbheacha comhshaoil agus sláinte ar an phobal i gcoitinne i limistéar na scéime mar thoradh air seo.

Táthar ag súil le **héifeachtaí measartha, suntasacha, neamhdhíreacha fadtéarmacha suntasacha** mar gheall ar bhonneagar feabhsaithe agus inrochtaineacht, agus **éifeachtaí measartha dearfach indíreacha fadtéarmacha** mar gheall ar laghdú ar an méid tráchta taobh istigh de lonnaíochtaí i limistéar na scéime. I measc na bpríomhbhuntáistí tá trácht straitéiseach a atreorú ó phríomhshráideanna Bhealach Féich agus Shrath an Urláir, a fhágann spás do shaoráid i lár an bhaile. Chomh maith leis sin, tacóidh na moltai le hathghiniúint taobh istigh de lár baile Leitir Ceanainn. Ní bheidh d'fhostaíocht dhíreach a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe ach oibreacha cothabhála rud a shíltear a bheidh ina chúis le **héifeacht neamhbhraite nó bheag dhearfach fhadtéarmach neamhbhraite**.

Déanfar líon beag maoine tráchtála agus seans go gcaillfidh daoine eile a bhaineann tairbhe as trádáil ócáideach beagán teacht isteach, rud a mheastar a bheith ina **héifeacht dhíobhálach dhosheachanta ghearrthéarmach** ar an iomlán maidir le fostaíocht agus aschur eacnamaíoch an cheantair ach cuirfidh **éifeachtaí fadtéarmacha measartha dearfacha** ina éadan sin. Tugtar aghaidh ar éifeachtaí ar ghnólachtaí aonair i gcás ina n-aithnítear éifeachtaí suntasacha ó thógáil talaimh in Aguisín C16.01 de **Chaibidil 16:**

**Sócmhainní Ábhartha (Neamhthalmhaíochta)**. Is **éifeacht measartha dearfach fhadtéarmach** é rochtain a bheith ann anois do shuíomh criosaithe deiseanna i mBealach Féich agus soláthar don Fhorbairt Bheartaithe taobh istigh de thailte criosaithe tráchtála i Leitir Ceanainn maidir le rochtain fheabhsaithe.

Mar gheall ar naisc **dhaingnithe beidh éifeachtaí éadroma fadtéarmacha dearfacha indíreacha** ar an Ghaeilge sa Ghaeltacht in aice láimhe (c. 6km siar ón Fhorbairt Bheartaithe).

Mar gheall ar naisc do thaisteal gníomhach le Tobar Beannaithe agus Droim Bó beidh **éifeachtaí beaga-measartha, buana, dearfacha** ann. Cé go bhfuil **Caibidil 17:Oidhreacht Chultúrtha** ag tuar go mbeidh éifeacht dhíobhálach shuntasach iarmharach ar an ghné sheandalaíochta i gcoillte Thobar Beannaithe gan bheith ag trácht ar bhearta maolaithe, meastar an éifeacht a bheith **éadrom ar an cheann is measa** ó thaobh thailte an phobail. Táthar ag tuar go mbeidh éifeacht measartha dearfach ar ar áiseanna fóillíochta.

Rud dearfach trácht straitéiseach a bheith bogtha ó rochtain an ghréasáin bóithre ar roinnt áiseanna pobail i limistéar na scéime. Beidh **éifeacht dhearfach mhór** ar rochtain ar Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, nascacht fheabhsaithe le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, campas Dhún na nGall agus éifeachtaí **measartha dearfach** ar Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig i gCuid 2 ó dheas ó Leitir Ceanainn.

Meastar i **gCaibidil 14: Torann agus Tonnchrith** gur **Measartha** iad na héifeachtaí ar áitreabh HSE i mBaile Raithin, mar gur áis oiliúna é le haghaidh traenála agus ní le haghaidh cúram díreach agus seirbhísí, seans go mbeidh laghdú ann dá bhrí sin.

Beidh **éifeacht beagán dearfach** ann fosta sa todhchaí ar sholáthar áiseanna pobail ar shuíomh deiseanna criosaithe i mBealach Féich ach éifeachtaí **beagán díobhálach** fadtéarmacha ar thailte criosaithe do spás oscailte agus áineas.

Maidir le turasóireacht, beidh éifeachtaí **measartha suntasach dearfacha fadtéarmacha** ar limistéar na scéime agus ar an spás thart air de réir mar a fheabhsaíonn inrochtaineacht agus nascacht idir cinn scríbe. Tá poitéinseal ann tacú le méadú ar chuairteoirí, go háirithe le méadú ar thurasóireacht rothaíochta a bhfuiltear ag dúil leis mar gheall ar an tsoláthar do thaisteal gníomhach a mholtar. Mar thoradh ar rochtain fheabhsaithe, feabhsú ar chaighdeán an aeir agus laghdú ar thorann ar bhealaí gnóthacha atá ann cheana féin beidh éifeachtaí **measartha, fadtéarmacha dearfacha** dóibh sin a sholáthraíonn cóiríocht do chuairteoirí.

Le maolú molta i bhfeidhm, táthar ag súil nach mbeidh na tionchair ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin suntasach/do-inbhraite sa chéad bhliain agus b'fhéidir ag laghdú go **neodrach san fhadtéarma** do chuairteoirí.

Nuair a thabharfar nasc do thaisteal gníomhach, le rochtain agus eolas ar ráth Dhún Mhaoile beidh éifeacht **éadrom-mheasartha, bhuan** leis. **I gCaibidil 17: Oidhreacht Chultúrtha** tugtar maolú do Ráth Dhún Mhaoile, lena n-áirítear tírdhreachú/plandáil agus léirmhíniú feabhsaithe cuairteoirí.

**Tiocfaidh méadú ar éifeachtaí dearfacha an-suntasach fadtéarmacha** d'úsáideoirí neamh-mhótair (NMUS)s mar gheall ar dheiseanna feabhsaithe a eascraíonn as an ghréasán fhairsing de shaoráidí nua atá le cur ar fáil agus an éifeachtúlacht, sábháilteacht agus taitneamhacht fheabhsaithe a thiocfaidh chun cinn mar gheall ar dhálaí feabhsaithe in áiteanna eile ar an ghréasán bóithre atá ann cheana féin. Cuirfidh an Fhorbairt ar fáil roghanna nascachta mar chuid den ghréasán do thaisteal gníomhach agus d'fhéadfadh glasbhealaí/ bealaí rothaíochta a bheith ann nuair is indéanta. Nuair is gá, cuirfear comharthaíocht nua ar fáil do Chonair an Iarthuaiscirt agus do Rotharbhealach Dhún na nGall i gcomhaontú le DCC, go háirithe má tá seans ann go mbeidh nasc ó na bealaí nua do thaisteal gníomhach le cur ar fáil don Fhorbairt Bheartaithe. Táthar ag súil go mbeidh **éifeachtaí dearfacha, doimhneacha agus fadtéarmacha** ar bhealaí siúil agus ar bhealaí rothaíochta agus áiseanna eile NMU.

Maidir le scaradh, tá **éifeachtaí iarmharacha beaga** do phobail áitiula ó thuaidh de BhealachFéich /Srath an Urláir nuair a chuirtear maolú dearaidh san áireamh. D'fhéadfaí a rá go bhfuil siad seo dearfach nó díobhálach ag brath ar mhothú an ghabhdóra; mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh feabhsuithe sábháilteachta mar thoradh ar NMUs.

Meastar go bhfuil éifeachtaí **measarthha díobhálach nó iontach díobhálach** dosheachanta sa cheantar thart ar Dhroim Mór, áit a mbeidh nasc taistil méadaithe ag dornán maoine cónaithe gan trácht ar sholáthar nasc do thaisteal gníomhach. In áiteanna eile, beidh na héifeachtaí measartha, dearfach do NMUs ag Tromra, áit a mbaintear feithiclí do bhealach atá ann cheana féin.

Maidir leis an fhorbairt tithíochta, Coill na Feá, agus rochtain ar Leifear dá chónaitheoirí, síltear go mbeidh **éifeacht beagán díobhálach** iarmharach ag an cheann is measa.

# 8 SLÁINTE AN DUINE

Athraíonn sláinte an daonra, mar gheall ar chúinsí cosúil le rogha phearsanta, suíomh, soghluaiseacht agus neamhchosaint. Tugtar cinnteoirí sláinte ar na cúinsí seo mar go mbíonn tionchar acu ar shláinte agus cuimsíonn siad gnéithe timpeallachta, sóisialta, iompraíochta, eacnamaíochta agus insitiúidithe. Tá sé de chumas ag an Fhorbairt Bheartaithe cinnteoirí sláinte a athrú le héifeachtaí tairbheacha agus éifeachtaí díobhálacha, go díreach, go hindíreach nó go carnach.

## 8.1 Modheolaíocht

Sa chaibidil úsáidtear sainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) ar shláinte a deir "*staid iomlán folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta agus ní hamháin easpa galair nó easláinte*". Sa chaibidil chomh maith úsáidtear téarma WHO ar mheabhairshláinte mar "staid ina mbaineann gach duine aonair a phoitéinseal iomlán amach*, ina dtig leis déileáil le gnáthstrus an tsaoil, ina dtig leis oibriú go tairbheach agus go fiúntach, agus ina dtig leis cuidiú lena phobal féin*".

Leanann an mhodheolaíocht le measúnú a dhéanamh ar shláinte an duine mar chuid de EIA dea-chleachtas. Leanann na modhanna na treoirlínte um measúnú pobail agus sláinte an duine atá leagtha amach ag Bonneagar Iompair Éireann (TII) na treoirlínte ginearálta (EIA) atá leagtha amach ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus na mionsonraí a bhaineann le breithniú a dhéanamh ar shláinte i gcomhthéacs EIA atá leagtha amach ag an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnacht Comhshaoil (IEMA). Soláthraíonn an measúnú conclúidí réasúnaithe leis na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag an Fhorbairt Bheartaithe ar shláinte an daonra a shainaithint agus a mheasúnú. Tugtar aird ar shláinte fhisiciúil, ar mheabhairshláinte agus ar éagothroime sláinte, thar raon leathan de chinntithigh sláinte.

Breathnaíonn an measúnú sláinte ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don phobal i gcoitinne agus do ghrúpaí leochaileacha chomh maith. Baineann leochaileacht le héifeachtaí difriúla a fháil mar gheall ar aois, leibhéal ioncaim, stádas sláinte, leibhéal an mhíbhuntáiste shóisialta nó an cumas rochtain a fháill ar sheirbhísí nó ar acmhainní. Breithnítear sa mheasúnú sláinte éifeachtaí áitiúla cóngarach do ghníomhaíochtaí na Forbartha Beartaithe, ag tagairt do phobail a bhfuil éifeacht shonrach orthu. Breithnítear sa mheasúnú fosta na héifeachtaí níos leithne ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

Tá an measúnú sláinte bunaithe ar thorthaí caibidlí eile EIA, lena n-áirítear Trácht & Iompar; Daonra; Torann & Tonnchrith; Caighdeán an Aeir agus Tírdhreach & Amhairc. Tá athbhreithniú ar fhoinsí ábhartha fianaise sláinte poiblí bunaithe ar an mheasúnú sláinte fosta, lena n-áirítear litríocht eolaíoch, sonraí bonnlíne, beartas sláinte, tosaíochtaí sláinte áitiúla agus caighdeáin chosanta sláinte.

## 8.2 Timpeallacht Bhonnlíne

Is é Dún na nGall an ceathrú contae is mó in Éirinn le dlús beag daonra agus is contae tuaithe den chuid is mó é. Tá Dún na nGall ag feidhmiú níos measa ná an meán náisiúnta maidir le raon táscairí sláinte, lena n-áirítear ailse, básanna le galair riospráide agus imshruthaithe. Tugann staitisticí díothachta léiriú ar an bhrú atá cheana féin ar shláinte daoine, agus is gnách go mbíonn torthaí sláinte níos measa ag ceantair níos díothaí. Maidir leis na ceantair thoghroinne a bhfuil tionchar ag an Fhorbairt Bheartaithe orthu, tá an tromlach mór i gCuid 1 agus i gCuid 2 den Fhorbairt Bheartaithe rud beag faoi bhun an mheáin (rud beag níos measa), agus iad sin i Roinn 3 catagóirithe faoi mhíbhuntáiste. Tá dornán de Cheantair Bheaga i gCluain Lao Thuaidh agus i gCluain Lao Theas catagóirithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste agus faoi an-mhíbhuntáiste.

Tugann an Fhorbairt Bheartaithe deis le feabhas a chur ar shláinte an phobail i nDún na nGall. Ailíníonn seo le seasamh bheartas Éire Shláintiúil le sláinte agus folláine daoine a fheabhsú agus le forálacha an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF) maidir le pobail shláintiúla agus timpeallacht ghlan a chruthú do shochaí shláintiúil.

## 8.3 Measúnú Tionchair

Pléitear athruithe ar chaighdeán an aeir áitiúil (astaíochtaí trácht ar bhóithre agus cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ó dhusta). Aithnítear sa mheasúnú an seans go mbeadh éifeacht **beagán díobhálach** (nach bhfuil suntasach) le linn na tógála agus éifeachtaí athdháilte le linn na hoibríochta a mbeadh de thoradh orthu éifeacht **beagán tairbheach** (nach bhfuil suntasach). Léiríonn an dara ceann an poitéinseal a bhaineann le níos lú tráchta, lena n-áirítear HGVs, agus níos lú brú tráchta taobh istigh de phobail a sheachnaítear le bóithre, rud a fheabhsaíonn caighdeán an aeir sna ceantair is mó dlús daonra.

Pléitear athruithe ar neamhchosaint ar thorann, go háirithe torann san oíche a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an phobail nuair a chuirtear isteach go mór ar chodladh. Déantar breithniú fosta ar athruithe i ndáileadh an torainn i rith an lae maidir leis na héifeachtaí ainsealacha ó thorann tráchta ar an tsláinte. Is é an tátal atá sa mheasúnú nó go bhféadfadh cuid mhór neamhchosainta a bheith ann go háitiúil ach laghdaítear sin mar atá leagtha amach i **gCaibidil 14: Torann &Tonnchrith** agus bearta atá leagtha amach sa Phlean Oibriúcháin Comhshaoil (EOP). I ndiaidh maolú den chineál sin meastar go bhfuil an éifeacht ar shláinte an phobail **beagán díobhálach** (ní suntasach). Le linn na hoibríochta, táthar ag súil go mbeidh tionchar beagán tairbheach (ní suntasach) ar shláinte an phobail. I gcás dornán pobal feadh na n-ailínithe do bhealaí nua, d'fhéadfadh na héifeachtaí a bheith díobhálach ach ní dócha go dtiocfaidh athruithe suntasacha ar thorthaí sláinte an phobail mar gheall orthu.

Breithnítear na héifeachtaí ar thaisteal gníomhach agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil, ar cinnteoirí tábhachtacha iad maidir le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach. Áirítear leis sin cur isteach ar bhealaí do thaisteal gníomhach le linn na tógála, a n-aithnítear éifeacht **beagán díobhálach** (ní suntasach) a bheith leis. Táthar ag súil go mbeidh éifeacht measartha tairbheach (suntasach) ag na feabhsuithe oibríochtúla a thacaíonn le gníomhaíocht fhisiciúil ón scéim chríochnaithe, lena n-áirítear bealaí feabhsaithe siúil agus rothaíochta.

Déantar breithniú ar athruithe i nádúr agus rátaí sreafa an tráchta áitiuil, go háirithe maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe do shábháilteacht ar bhóithre. Ar na rudaí eile a chuirtear san áireamh tá an tionchar ar amanna taistil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar rochtain rialta nó éigeandála ar chúram sláinte. Is é an tátal atá i gceist leis an mheasúnú don chéim tógála go mbeadh éifeacht ar bith ar shláinte an phobail beagán díobhálach (ní suntasach). Le linn na hoibríochta, táthar ag tuar go mbeidh éifeacht measartha tairbheach (suntasach) mar gheall ar na feabhsuithe forleathana ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar amanna taistil ón bhonneagar iompair nua.

Breithnítear an poitéinseal d'athruithe ar chomhtháthú pobail agus ar chaipiteal sóisialta taobh istigh de phobail atá buailte mar gheall ar bheith ar shiúl ón bhóthar nó níos cóngaraí don ailíniú nua bóthair. Is cinntitheach follaine í féiniúlacht an phobail agus bíonn tionchar ag gnéithe aeistéitiúla den tírdhreach agus den bhailedhreach uirthi, chomh maith le forlámhas tráchta ar bhóithre i spásanna poiblí. Baineann éifeachtaí den chineál sin leis an chéim oibríochtúil amháin, sa chás gurb é an tátal go mbeadh éifeachtaí idir **measartha díobhálach** (suntasach) agus **suarach** maidir le tionchair amhairc agus measartha tairbheach maidir le tionchair shocheacnamaíochta. Léiríonn an choncluid seo nádúr suibiachtúil na bhfreagraí ar na hathruithe agus an t-ionchas ar raon leathan tuairimí i measc an phobail.

Is réamhtháscairí láidre sláinte iad fostaíocht ar ardchaighdeán agus leibhéil ioncaim, lena n-áirítear do chleithiúnaithe. Áirítear sna cleithiúnaithe grúpaí leochaileacha amhail páistí, seandaoine leochaileacha agus daoine a bhfuil riochtaí sláinte fadtéarmacha orthu a bhfuil leibhéil arda cúraim de dhíth orthu. Breithnítear sa mheasúnu ar an dóigh a dtéann an Fhorbairt Bheartaithe i bhfeidhm ar dheiseanna fostaíochta agus giniúna

ioncaim, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar shláinte an phobail. Le linn na tógála agus na hoibríochta táthar ag súil le héifeachtaí **beagán tairbheach** (ní suntasach).

Breithnítear an poitéinseal d'éifeachtaí díréireacha agus éagothroime sláinte. D'fhéadfadh éifeacht imeallach a bheith ag athdháileadh ar thionchair ar chaighdeán an aeir agus ar thorann ar éagothroime a laghdú, leis an ualach a bhaineann le hastaíochtaí iompair ardaithe a dháileadh níos cothroime ar fud an phobail. Tacaíonn na hathruithe seo le beartas pleanála a sheachadadh a bhaineann le sláinte. Tugtar faoi deara go bhféadfadh laghdú beag a bheith ar chothromas sláinte i gCuid 3 mar gheall ar cheantair a bhfuil díothacht níos airde iontu a bhfuil trácht, caighdeán an aeir agus astaíochtaí torainn níos airde acu.

Breithníodh éifeachtaí comhcheangailte na dtionchar seo ar shláinte an phobail. I ndiaidh aird a thabhairt ar nádúr na n-idirghníomhaíochtaí agus ar an méid tionchair is dócha a bheidh ar na daoine céanna, is é an tátal nach mbeidh éifeachtaí comhcheangailte ar bith níos tábhachtaí ná na héifeachtaí aonair.

Tríd is tríd, is é an chonclúid maidir le sláinte an phobail ná go bhfuil raon d'éifeachtaí tairbheacha agus d'éifeachtaí díobhálacha ann, agus is mó an seans go mbeidh éifeachtaí tairbheacha ann ná éifeachtaí díobhálacha.

# 9 BITHÉAGSÚLACHT

## 9.1 Caibidil 9A: Bithéagsúlacht - Talamh

Is é cuspóir na caibidle seo meastóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí féideartha na Forbartha Beartaithe do ghnáthóga agus speicis bhithéagsúlachta talaimh taobh istigh den limistéar Forbartha Beartaithe agus achrios tionchair (ZoI). Cumhdaítear sa mheasúnú an chéim tógála agus an chéim oibríochta, sainaithnítear gnéithe íogaire éiceolaíochta, agus leagtar amach bearta atá ceaptha le héifeachtaí díobhálacha a sheachaint,a laghdú nó a fhritháireamh. Cuireann an chaibidil moltaí i láthair fosta maidir le monatóireacht agus bainistíocht fhadtéarmach lena chinntiú go bhfuil maolú éifeachtach.

### 9.1.1 Modheolaíocht

Tá an mhodheolaíocht mheasúnaithe bunaithe go príomha le tagairt do 'Treoirlínte maidir le Measúnú ar Thionchair Éiceolaíochta Scéimeanna Bóithre Náisiúnta Rev 2 an Údaráis  Bóithre Náisiúnta (NRA) agus 'Treoirínte maidir le Measúnú Tionchair Éiceolaíochta sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn: Talamh, Fionnuisce, Cósta agus Mara, Leagan 1.3' de chuid CIEE.

Bunaíodh modheolaíocht an tsuirbhé go príomha ar  'Guidelines on Ecological Surveying Techniques for Protected Flora and Fauna on National Road Schemes' an NRA. Baineadh úsáid as modheolaíocht agus teicnící an tsuirbhé níos nuashonraithe nuair a bhí siad ar fáil. Rinneadh staidéar fosta le haird ar reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuimsíonn an mhodheolaíocht na gnéithe a leanas: staidéar deisce, suirbhéanna suíomhshonracha, agus comhairliúchán. Bhain an chuid staidéar deisce den taighde seo le heolas a thiomsú ar staidéir agus tacair sonraí bitheolaíochta atá ann cheana féin taobh istigh de limistéar na Forbartha Beartaithe. Sna measúnaithe allamuigh bhí sraith ildisciplíneach de shuirbhéanna suímh ó 2017 go 2025, le haghaidh flóra agus fána talaimh. Rinneadh iad le linn na séasúr is fearr do na gnáthóga agus na speicis faoi seach. Sna suirbhéanna bhí mapáil gnáthóg, measúnú luibheolaíoch, suirbhéanna speiceas cosanta, ar sciatháin leathair, dobharchúnnna, broic agus mamaigh eile, suirbhéanna ar éin ag pórú agus ag caitheamh an gheimhridh agus suirbhéanna ar amfaibiaigh/reiptílí Rinneadh comhairliúcháin fosta le comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla cuí lena chinntiú go bhforbrófaí bonnlíne chuimsitheach le haghaidh measúnaithe.

Úsáideadh na gnéithe seo (i.e. staidéar deisce, suirbhéanna suíomhshonracha, agus comhairliúchán) le limistéir agus spéicis thábhachtacha a bhfuil luach éiceolaíoch aitheanta acu nó a bhféadfadh sin a bheith acu  a aithint, a thuairisciú agus a mhapáil, ar a dtugtar Gnéithe Éiceolaíochta Tábhachtacha (IEFs) agus Príomhghabhdóirí Éiceolaíochta (KERs). Cuimsíonn IEFs gnéithe a bhfuil tábhacht chaomhnaithe aitheanta nó féideartha leo, mar shampla láithreáin ainmnithe reachtúla, gnáthóga suntasacha agus speicis atá cosanta go dlíthiúil. Is é an rud is KERs ann ná grúpaí nó tionóil de ghnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht ar leith acu le chéile ó thaobh na háite nó tírdhreacha de (mar shampla, stiallacha coillearnacha bruach ceangailte nó sraith fálta a sholáthraíonn nascacht struchtúrtha don fhiadhúlra)

### 9.1.2 Timpeallacht Bhonnlíne

Tá roinnt suíomhanna ainmnithe agus limistéir chosanta taobh istigh den ZoI. Áirítear orthu sin suíomhanna Eorpacha ar nós SAC Abhainn na Finne, SAC Loch Súilí agus SPA Loch Súilí agus SPA Loch Feabhail; bogaigh ainmnithe Ramsar (Loch Feabhail); agus ainmniúcháin náisiúnta/réigiúnacha, mar shampla Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe (pNHAs), agus anaclanna dúlra áitiúla. Rinneadh breithniú fosta ar shuíomhanna trasteorann agus a ainmníodh roimhe seo i dTuaisceart Éireann (mar shampla, SPA Loch Feabhail, Tuaisceart Éireann (TÉ) agus SAC Abhainn an Fheabhail agus na gCraobhaibhneacha), agus Limistéir Spéise Speisialta Eolaíochta (ASSI) ina bhféadfaí tionchar a imirt orthu. Aithnítear sa mheasúnú ardstádas caomhnaithe na suíomhanna sin agus an gá atá le héifeachtaía d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá n-iomláine a sheachaint nó a íoslaghdú.

Cuireadh scóip ar iliomad IEFs agus KERs, lena n-áirítear suíomhanna ainmnithe, sa mheasúnú tionchair ar an Fhorbairt Bheartaithe. I measc na IEFs agus na KERs tá:

- Suíomhanna Eorpacha (SAC Abhainn na Finne, SAC Loch Súilí, SPA Loch Súilí, SPA Loch Feabhail)
- Suíomhanna Eorpacha i dTuaisceart Éireann (SPA Loch Feabhail agus SAC Abhainn an Fheabhail agus Craobh-aibhneacha
- Suíomh RAMSAR Loch Feabhail
- Suíomhanna náisiúnta (Loch Súilí lena n-áirítear an tOileán Mór, Cúil na Birte agus Loch na hInse atá beartaithe mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (pNHA); Port Locha pNHA, Abhainn an Fheabhail, Maigh an Ghaibhlín go dtí an Carraigín, Limistéar Spéise Speisialta Eolaíochta Loch Feabhail (ASSI), Abhainn an Fheabhail agus Craobh-aibhneacha ASSI, Anaclann Dúlra Inbhear na Ró, Tearmann Fiadhúlra Chúil na Beirte agus Anaclann Éanlaith Leibhéil na hInse
- Gnáthóga: (fraoch fhliuch HH3, coillearnach leathanduilleach (measctha) WD1, coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach WD2 (measctha), fálta WL1, crannteorainneacha WL2,coillearnach dharach – bheithe - chuileann - choll WN1, coillearnach dharach – fuinseoige – coill WN2, coillearnach dharach - -fuinseoige- shealgógach fhliuch WN4, coillearnach bhruachánach WN5, coillearnach fhliuch saileoige – fearnóige – fuinseoige WN6)
- KERs (KER 1-1 go 1-4 i gCuid 1, KER 2-1 go 2-5 i gCuid 5, agus KER 3-1 go 3-16 i gCuid 3)
- Flóra (speiceas leolaigh FPO)
- Fána (sciatháin leathair,(ar an fhara, ag comatéireacht agus ag tóraíocht), broc, dobharchú, mamaigh chosanta eile (gráinneog, dallóg fraoigh, cat crainn, easóg Éireannach, iora rua, giorria Éireannach agus speicis fia), éin phóraithe, éin uisce geimhridh, agus amfaibiaigh agus reiptílí (frog coiteann, earc coiteann agus laghairt choiteann).

### 9.1.3 Measúnú Tionchair

Rinneadh measúnú ar na tionchair fhéideartha ar leithligh do na céimeanna tógála agus oibríochta. I measc na dtionchar tógála tá fásra agus gnáthóga a bhaint, suaitheadh agus díláithriú fiadhúlra ó thorann, creathadh, deannach agus gníomhaíocht dhaonna, athruithe I measc na n-éifeachtaí oibríochtúla tá caillteanas buan gnáthóg, ilroinnt fhadtéarmach agus scaradh líonraí gnáthóg, éifeachtaí bacainní nó seachanta don fhiadhúlra ag baint úsáid as an chonair, riosca stailc feithiclí do mhamaigh mhóra agus sciatháin leathair, agus athruithe féideartha ar shreafaí uisce nó ar chaighdeán a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghnáthóga bruachánacha. Aithníodh imní ar leith maidir le gnáthóga coillearnacha nó bruachánacha, nascacht fálta/línte crann agus bealaí comaitéireachta/sealgaireachta ialtóg, a sholáthraíonn naisc thábhachtacha ar fud an tírdhreacha.

In éagmais maolaithe, sainaithnítear sa mheasúnú roinnt éifeachtaí **díobhálacha, suntasacha, fadtéarmacha, meántéarmacha** agus **gearrthéarmacha** ag an leibhéal Idirnáisiúnta go dtí an léibhéal Áitiúil.

Go leor de na héifeachtaí gearrthéarmacha amhail an caillteanas **buan suntasach go háitiuil** de choillernach fhliuch saileog-fearnóg- fuinseog (WN6) arb ionann iad agus thar tar 2.38 heicteár ar fud Chuid 1 agus 3 taobh istigh de lorg na Forbartha Beartaithe; **éifeachtaí díobhálacha suntasacha go háitiuil**, **gearrthéarmacha, inchúlaithe** ar Choill Leathanduilleach (Mheasctha) Bhuaircíneach (WD1); agus (Meascán) Coillearnach Leathanduilleach/ Bhuaircíneach (WD2); éifeacht **dhíobhálach, shuntasach go háitiúil, bhuan, dhochúlaithe** ar **KERs 1-1, 1-3, 2-1, 2-2, 2-3, 3-2, 3-3, 3-4, 3-5, 3-6, 3-7, 3-9, 3-10, 3-11, 3-14, agus 3-1** agus **meastar go bhfuil éifeacht dhíobhálach, shuntasach go háitiúil, ghearrthéarmach,** ar **KER 2-5** agus **éifeacht shuntasach go háitiúil, ghearrthéarmach, dhíobhálach** ar sciatháin leathair chomaitéireachta agus sealgaireachta, meastar nach bhfuil sin suntasach sa mheántéarma ná san fhadtéarma.

Le dul i ngleic le caillteanas do sheachanta gnáthóg agus le sochar éiceolaíoch meántéarmach a sholáthar, cuimsíonn an Fhorbairt Bheartaithe limistéar i bhfad níos mó de ghnáthóg nua choillearnaigh a chruthú: moltar thart ar 113 heicteár de choillearnach leathanduilleach mheasctha WD 1 a bhunú feadh an ailínithe. Tá an cruthú gnáthóg pleanáilte, chomh maith le fálta nua agus féarach nua, mar chuid de fhreagairt éiceolaíochna Forbartha Beartaithe agus beidh bainistíocht fhadtéarmach ag gabháil leis lena chinntiú go n-éireoidh le cuspóirí bithéagsúlachta a bhunú agus a sheachadadh.

### 9.1.4 Bearta Maolaithe

Leanann maolú an t-ordlathas caighdeánach: seachain nuiar is féidir, íoslaghdaigh tionchair dhosheachanta, agus cúitigh caillteanais iarmharacha. Tá bearta seachanta tógtha i ndearadh na Forbartha Beartaithe (mar shampla roghanna ailínithe agus dearaí droichid réise oscailte ag crosairí uiscechúrsa íogaire le caillteanas gnáthóg bruachánach a laghdú). I measc na mbeart tógála tá cos car thruailliú agus rialú dríodair, criosanna eisiaimh agus maoláin a bhunú thar tar ghnáthóga agus speicis íogaire, srianta uainiúcháin le príomhshéasúir phóraithe a sheachaint, dearadh soilsithe íogair, agus modhanna oibre do speicis chosanta (do sciatháin leathair, broic, dobharchúnna agus eile). Sna bearta oibríochtúla tá conairí fásra a choinneáil nuair is féidir, trasrianta fiadhúlra nó fobhealaí a sholáthar in áiteanna tábhachtacha, agus bearta tráchta nó soilsithe le héifeachtaí bacainní a sheachaint. Díríonn bearta cúitimh agus feabhsúcháin ar chruthú agus athchóiriu gnáthóg (go háirithe an c.113 de choillearnach nua), ar phlandáil fálta agus ar chruthú féaraigh, mar aon le Plean Bainistíochta Bithéagsúlachta do bhunú agus bainistíocht oiriúnaitheach.

### 9.1.5 Tionchair Iarmharacha

Sa chás go gcuirtear an maolú i bhfeidhm go hiomlán, laghdaítear go leor tionchar go suntasach. Mar sin féin, taifeadann an measúnú roinnt éifeachtaí díobhálacha suntasacha iarmharacha nach féidir a mhaolú go hiomlán in situ. Seo a leanas an príomhthionchar iarmharach:

- **Caillteanas buan suntasach áitiúil** de choillearnach fhliuch saileog–fearnóg-fuinseog (WN6) arb ionann é agus thar tar 2.38 heicteár ar fud Chuid 1 agus 3**.**
- Éifeacht **áitiúil shuntasach, ghearrthéarmach, inchúlaithe, dhíobhálach** ar (Meascán)) Coillearnach Leathanduilleach (WD1) agus (Meascán) Coillearnach Leathanduilleach/Bhuaircíneach (WD2 ) .
- Éifeacht **áitiúil, shuntasach, bhuan, dhochúlaithe, dhíobhálach ar KERs 1-1, 1-3, 2-1, 2-2, 2-3, 3-2, 3-3, 3-4, 3-5, 3-6, 3-7, 3-9, 3-10, 3-11, 3-14,** agus **3-16.**
- Éifeacht **áitiúil, shuntasach, ghearrthéarmach, dhíobhálach** ar **KER 2-5**
- Éifeacht **áitiúil, shuntasach, ghearrthéarmach, dhíobhálach** ar sciatháin leathair chomaitéireachta agus sealgaireachta**.**

Thar an mheántéarma go fadtéarma, táthar ag súil go dtabharfaidh cruthú gnáthóg fairsing agus bainistíocht fhadtéarmach buntáistí éiceolaíochta do choillte, nascacht fálta agus, sa deireadh, do shealgaireacht agus comaitéireacht sciathán leather. Mar thoradh air sin bíonn torthaí neodracha nó tairbhiula i mórán codanna den chonair, ach ní bhaintear an caillteanas láithreach, tugadh caillteanas áitiúil faoi deara cheana féin.

Moltar Plean Bainistíochta Bithéagsúlachta le rath maolaithe agus cruthú gnáthóg a rianú, le héifeachtaí ar bith gan choinne a aithint go luath, agus le bearta a oiriúnú mura bhfuil an bunú ná an luach éiceolaíoch ag dul chun cinn mar a bhí beartaithe.

### 9.1.6 Conclúid

Beidh éifeachtaí intomhaiste ag an Fhorbairt Bheartaithe ar bhithéagsúlacht talaimh. Déantair go leor de na héifeachtaí sin a sheachaint nó a laghdú trí dhearadh cúramach agus bearta sonracha maolaithe. Sa chás nach féidir caillteanas gnáthóg a sheachaint, moltar san Fhorbairt Bheartaithe cruthú subsatintiúil gnáthóg agus bainistíocht fhadtéarmach le cúiteamh agus feabhsú éaceolaíochta a sholáthar.

Tá roinnt éifeachtaí díobhálacha iarmharacha ann ar fad – gó háirithe caillteanas buan áitiúil de choillearnach fhliuch saileog-fearnóg-fuinseog agus cur isteach sealadach ar imill coillearnaí, fálta agus bealaí sciatháin leathair – ach tá sé i gceist go seachadfaidh straitéis fhadtéarmach cruthú gnáthóg na Forbartha Beartaithe buntáistí meántéarmacha – fadtéarmacha do ghnáthóga coillearnaí, nascacht agus fiadhúlra.

## 9.2 Caibidil 9B: Bithéagsúlacht - Uisce

Sa chaibidil seo aithnítear éifeachtaí na Forbartha Beartaithe ar bithéagsúlacht uisceach, déantar cur síos agus measúnú orthu. D'ullmhaigh éiceolaithe uisceacha a bhfuil taithí acu agus atá cáilithe an chaibidil seo. Rinneadh cur chuige comhoibríoch le linn chéimeanna dearaidh na Forbartha Beartaithe, lena n-áirítear ionchur atriallach don fhoireann dheartha maidir leis na trasrianta iomadúla uiscechúrsa a bhfuil íogaireachtaí éagsúla acu. Sainaithníodh poitéinseal do thionchair shuntasacha go luath agus forbraíodh an dearadh dá réir le tionchar a sheachaint ar ghabhdóirí íogaire éiceolaíochtaí uisceacha, lena n-áirítear mar shampla: droichid ghlanréise a sholáthar ag mórthrasnuithe ábhann: lena n-áirítear aibhneacha SAC; droicheadú (seachas lintéarú) ar shruthán altáin salmainide (Cuid1, sruthán Backlees) le carachtar hidreamorfeolaíoch nádúrtha a choinneáil; athailíniú íogair ar shuthán breac beag (Cuid 3, sruthán an Droma Bhig ag Tulaigh Rap in áit lintéír bhreise fhorleathana a thabhairt isteach.

### 9.2.1 Modheolaíocht

Tá an mhodheolaíocht a úsáidtear don mheasúnú tionchair i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le dea-chleachtas i réimse an mheasúnaithe tionchair éiceolaíochta. Rinneadh staidéir bhonnlíne agus measúnú ina dhiaidh sin ar éifeachtaí le haird ar reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus do phrótacail bhunaithe, le tacaíocht ó eolas staidéir deisce suíomhshonrach a dhíorthaítear ó thacair sonraí fhoirmiúla e.g., caighdeán uisce bitheolaíoch (EPA); sonraí iascaigh IFI agus Ghníomhaireacht na Lochanna. Bhí suirbhéanna allamuigh ag gach sruthchúrsa comhdhéanta de shraith suirbhéanna agus measúnaithe ionsrutha agus oiriúnacht na n-uiscechúrsaí a aithint do speicis éisc sa ZoI. Rinneadh comhairliúchain le comhlachtaí reachtúla cuí (IFI, Gníomhaireacht na Lochanna, NPWS) ó chéim luath i bhforbairt an tionscadail.

### 9.2.2 Timpeallacht Bhonnlíne

Mar gheall ar an staidéar bonnlíne mhionsonraithe aithníodh uiscechúrsaí le gnáthóg iascaigh agus luach éiceolaíoch aitheanta nó féideartha, ar tugadh IEFs orthu. Measadh gur uiscechúrsaí IEF uiscechúrsaí le híogaireacht iascaigh i.e. Tábhacht Áitiúil, (luach níos airde) agus níos airde. Níor measadh gur IEFs (e.g., draenacha talaimh de dhéantús an duine), gan íogaireacht iascaigh ar bith, cé gur measadh go raibh a nascacht hidreolaíoch le gabhdóirí uisceacha le sruth mar chuid den mheasúnú ar éifeachtaí níos íogaire.

Tarlaíonn an Fhorbairt Bheartaithe in dhá dhobharcheantar uisce dromchla. Tá Cuid 1 agus agus an dá thrian theas de Chuid 3 taobh istigh de dhobharcheantar uisce 01 an Fheabhail. Tá Cuid 2 agus an tríú cuid thuaidh de Chuid 3 I ndobharcheantar Loch Súilí. Níl aon nascacht hidreolaíoch idir Cuid 1 agus Cuid 2 den Fhorbairt Bheartaithe.

Sa deireadh, draenálann na sruthchúrsaí uilig a thrasnaíonn i ndobharcheantar 01 an Fheabhail (Cuid 1 agus Cuid Theas 3 chuid láithreáin Eorpacha: SAC Abhainn na Finne agus na hiarláithreáin Eorpacha i dTuaisceart Éireann (SPA Loch Feabhail agus Abhainn an Fheabhail agus na Craobh-aibhneacha). Draenálann uiscechúrsaí a thrasnaítear i ndobharcheantar 39 Loch Súilí (Cuid 2 agus Cuid 3) chuig láithreáin Eorpacha: SAC Loch Súilí, SPA Loch Súilí. Dhírigh an measúnú tionchair bithéagsúlachta uiscigh ar éifeachtaí suntasacha dóchúla agus soláthraíonn sé toradh dénartha ar éifeachtaí suntasacha nó nach bhfuil suntasach. I gcás inar aithníodh éifeachtaí suntasacha féideartha díreacha, indíreacha nó carnacha mar chuid de na céimeanna tógála nó oibríochta, forordaíodh maolú cuí.

Moltar cúig dhroichead nua. Moltar cuid mhór lintéar le hathchóiriú cainéil logánta gaolmhar ag uiscechúrsaí níos lú. Trasnóidh dhá dhroichead, 27 km óna chéile, Abhainn na Finne: ceann i mBealach Féich /Srath an Urláir (Cuid 1) agus ceann suite díreach suas an sruth ó Leifear / an Srath Bán (Cuid 3). Tá abhainn na Finne ag SAC Abhainn na Finne ag an dá shuíomh agus clúdaithe ag SAC Abhainn an Fheabhail agus Craobh-aibhneacha (Tuaisceart Éireann) ag an tsuíomh gar do Leifear /an Srath Bán. Tugtar droichead Nasc N14/N15 go dtí A5 ar an dara ceann, toisc go nascfaidh sé le Mórbhóthar T3 beartaithe i dTuaisceart Éireann, rud a nascfaidh le A5 Conair Iompair an Iarthair (WTC) atá beartaithe i dTuaisceart Éireann. Rinneadh measúnú ar éifeachtaí tógála agus oibríochtaí trasteorann an droichid se sa chaibidil EIAR. Is abhainn thábhachtach bradán Abhainn na Finne, agus is speiceas de Leas Cáilitheach bradáin de na SACs (PÉ agus TÉ) a chlúdaíonn Abhainn na Finne agus Abhainn an Fheabhail íochtarach. Ní bheidh aon lorg sealadach ná buan inchainéil ag na droichid atá beartaithe gan aon éifeachtaí céim tógála nó oibríochta ar imirce éisc nó ar earcú bradán. Mar thoradh ar dhroichead Nasc N14/N15 go dtí A5 Chuid 3 caillfear achar beag (240 $m^2$) de ghnáthóg neamh-ionghafa (féarach fliuch) ar Abhainn na Finne ar thuilemhá Abhainn na

Finne taobh istigh den SAC, mar gheall ar lorg cé droichid, ar scála agus de chineál nach bhfuil aon drochtionchar aige ar shláine an SAC agus **nach** bhfuil an éifeacht **suntasach.**

I gCuid 3 moltar dhá mhórdhroichead eile: ceann ar an Daoil agus ceann ar Shruthán Súilí. Is droichid ghlanspéise an dá dhroichead thar an Daoil agus thar Shruthán Súilí leis na teanntaí curtha siar fada go leor le riachtanas ar bith a sheachaint maidir le hoibreacha insrutha nó modhnú ar bhruacha na habhann atá ann cheana féin.

I gCuid 2 moltar droichead mór nua thar Abhainn Súilí taoide (Inbhear Súilí) síos an sruth ó Leitir Ceanainn áit a bhfuil an cainéal ina chuid de SAC Loch Súilí. Cuimsíonn an droichead 108 m de ghalnréise thar an chainéal, gan aon lorg sealadach ná buan taobh istigh den SAC agus gan aon chaillteanas ná cur isteach ar ghnáthóg Fhortheach 1 'Inbhir' atá i láthair go háitiúil. Trasnóidh droichead coise do Thaisteal Gníomhach caol glanréise Shruthán an Oileáin (abhainn taoide) ag structúr lintéir Reatha N13 ag teorainn ASC Loch Súilí, ach gan aon lorg sealadach nó buan ionsrutha i gceist le linn tógála ná oibriúcháin.

### 9.2.3 Measúnú Tionchair agus Bearta Maolaithe

Sa mheasúnú tionchair aithníodh go bhféadfadh éifeachtaí diúltacha suntasacha sa chéim tógála ar uiscechúrsaí IEF a bhaineann go príomha le poitéinseal dhíghrádú chaighdeán an uisce (gach trasnú) agus bacainní sealadacha ar imirce éisc (lintéir). Dá reír sin, moladh bearta maolaithe le suntasacht na n-éifeachtaí a laghdú. Cuimsíonn maoladh sa chéim tógála bearta uileghabhálacha le caighdeán an uisce a chosaint; srianta uainiúcháin oibre ionsrutha (séasúracha) i gcomhaontú le Gníomhaireacht na Lochanna agus le IFI; modhanna cuí sealadacha agus atreoraithe srutháin agus ath-insealbhú gnáthóg ionsrutha i ndiaidh lintéir a shuiteáil. Leagadh amach modhanna tógála suíomhshonracha maidir le trasrianta abhann SAC ionas go laghdaítear foinsí agus cosáin truailleáin sa chéim tógála le gabhdóirí uisceacha leochaileacha a chosaint.

Maidir leis an chéim oibríochta, dearadh draenáil bóthair don Fhorbairt Bheartaithe de réir chaighdeán timpeallachta uisce TII, ag ionchorprú gnéithe draenála inbhuanaithe a sholáthraíonn maolú agus cóireáil chaighdeán an uisce dá bharr sin (e.g., locháin bhogaigh hibrideacha thógtha) sula scaoiltear iad chuig uiscí dromchla in aice láimhe. Rinneadh measúnuithe HAWRAT (Caibidil11: Uisce) de réir Chaighdeán TII Standard DN-DNG-03065 ar fud na bpointí scaoilte uilig chuig sruthchúrsaí ón Fhorbairt Bheartaithe agus léiríonn na torthaí mar gheall ar an leibhéal mhaolaithe dheartha na rudaí seo: (i) níl aon riosca ann go mbeidh an iomarca copair agus since ann in urscaoileadh srutha bóithre; (ii) riosca íseal dríodair toisc go sáraítear an treoluas sreafa urscaoilte neamhshiolta; agus (iii) an dóchúlacht bhliantúil go dtarlóidh teagmhas tromchúiseach truaillithe faoi bhun na teorann riosca inghlactha de 0.5% de réir an mheasúnaithe riosca ar dhoirteadh. Ina theannta sin, áirítear le maoluithe sa chéim oibríochta oidis maidir le dearadh mionsonraithe lintéar lena chinntiú go ndéantar iasc a aistriú de réir fána agus faid, agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le gluaiseacht éisc trí lintéir. De réir dearaidh, ní athróidh na lintéir agus na droichid atá beartaithe hidreolaíocht, moirfeolaíocht ná nascacht na n-uiscechúrsaí a thrasnaítear leis an Fhorbairt Bheartaithe (i.e., gnéithe de cháilíocht hidrimorfeolaíochta) rud a chiallaíonn nach bhfuil aon chúis le meathlú, ná cosc ar dhea-stádas éiceolaíoch a bhaint amach, sna heilimintí cáilíochta bitheolaíochta atá mar bhonn agus le stádas foriomlán na Creat-Treorach Uisce.

### 9.2.4 Tionchair Iarmharacha

Leis an dearadh atá beartaithe, agus leis na bearta maolaithe agus na rialuithe timpeallachta uilig a chuirtear i bhfeidhm mar a fhorordaítear san EIAR, laghdófar éifeachtaí na céime tógála go **sealadach go gearrthéarmach, ní suntasach, diúltach** maidir le suaitheadh gnáthóg uisceach logánta agus díghrádú ar chaighdeán an úisc.

Mar gheall ar an phróiseas dearaidh atriallach a chinntíonn: (i) gan aon bhac ar ghluaiseacht leanúnach éisc ar gach uiscechúrsa, agus (ii) ionchorporú ar ghnéithe draenála inbhuanaithe a mhaolaíonn agus a chóireálann rith ó bhóithre, ní bheidh aon éifeachtaí iarmharacha diúltacha díreacha, indíreacha nó carnacha ann ar ghabhdóirí éiceolaíochta uisceacha a thagann chun cinn sa chéim oibríochtúil, i.e. **buan gan bheith suntasach**. Tá poitéinseal ann d'éifeacht **dhearfach** ar chaighdeán an uisce agus ar ghabhdóirí éiceolaíochta uisceacha spleácha san fhadtéarma (i gcomparáid leis an staid bhonnlíne) mar gheall ar atreorú méid suntasach tráchta ó bhóithre atá ann cheana féin a bhfuil feidhm mhaolaithe / cóireála draenála níos ísle nó gan aon fheidhm mhaolaithe draenála acu.

# 10 TALAMH, ITHREACHA & HIDRIGEOLAÍOCHT

Cuimseoidh an Fhorbairt Bheartaithe roinnt gníomhaíochtaí amhail tochailt ghearrtha, tógáil claífoirt, trasrianta abhann agus oibreacha draenála, a bhfuil sé de chumhacht iontu tionchar a bheith acu ar thalamh, ithreacha agus timpeallacht hidrigeolaíchta limistéar na scéime. Déanann an chaibidil seo den EIAR breithniú agus measúnú ar na tionchair shuntasacha is dócha a bhaineann leis an chéim tógála agus leis an chéim oibríochtúil den Fhorbairt Bheartaithe. Moltar bearta leis an éifeacht shuntasach is dócha a bheidh ag an Fhorbairt Bheartaithe ar thalamh, ithreacha agus hidrigeolaíocht a mhaolú.
Rinneadh anailís ar thimpeallacht reatha na Forbartha Beartaithe maidir le hithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht ag baint úsáid as sonraí a bailíodh ó staidéar deisce agus ó chlár imscrudaithe talaimh. Baineadh úsáid as an staidéar seo le bonn eolais a chur faoi shamhail de láithreán coincheapúil a fhorbairt le tuiscint a fhorbairt ar thimpeallacht gheolaíoch agus hidrigeolaíoch na Forbartha Beartaithe. Cé gur breithníodh an gheomoirfeolaíocht agus an topagrafaíocht níos leithne feadh an bhealaigh, i limistéar na príomhscéime chun críche an mheasúnaithe tá crios 250 m ar gach taobh de lárlíne na Forbartha Beartaithe. Tá an Fhorbairt Bheartaithe foluite ag carraigeacha ollmhóra meiteamorfacha Réamhchaimbriacha go réigiúnach ina bhfuil grianchoichití, marmar agus saimítí (i.e., geolaíocht bhuncharraige). Rangaítear an t-uiscíoch den chuid is mó mar uiscíoch Tábhachtach go hÁitiúil (LI) arb é a shainairíonna carraig íseal-tharchurthachta le toradh íseal tobair. Foluíonn fo-ithreacha le leochaileacht ‘Ard’ agus ‘Mhór’ screamhuisce cuid mhaith den Fhorbairt Bheartaithe. Faoin WFD, is iad seo a leanas na Comhlachtaí Uisce (GWBs) taobh istigh den Fhorbairt Bheartaithe a chaithfear a chosaint:

- GWB Ráth Bhoth
- GWB na Daoile Uachtaraí
- GWB Bhealach Féich

Tá limistéar oidhreachta geolaíochta amháin aitheanta i gCuid 2 ; seo an chuid den tSúilí siar ó Bhaile Raithin a fhad le Loch Súilí ag an taobh thuaidh den Fhorbairt Bheartaithe aicmithe mar Láithreán Geolaíochta Contae (CGS). I measc na ngnéithe a bhfuil tábhacht mhór gheolaíochta/hidrigeolaíoch ag baint leo tá: tobar beannaithe cáiliúil (Tobar Beannaithe) atá suite ar imeall coillearnaí i mbaile fearainn Dhroim Bó Íochtarach (Cuid 1), SAC/GWDTE Abhainn na Finne agus limistéar oidhreachta geolaíoch a luadh roimhe atá suite ar ghiota den tSúilí, atá aicmithe mar an t-aon chaolsáile ar an chósta thuaidh (Cuid 2).

Níl fianaise ar bith ann go bhfuil talamh éillithe ar feadh na Forbartha Beartaithe agus is beag seans go mbuailfeá le talamh éillithe ann.

Aithníodh tionchair réamh-mheasta le linn na tógála mar chreimeadh agus comhdhlúthú ithreach, truailliú ithreach, (trí dhoirteadh ábhar tógála, dí-uisciú), lonnaíocht claífoirt, méadú ar leochaileacht uiscígh, truailliú screamhuisce, dí-uisciú soláthairtí uisce tí, agus tionchair ar Thobar Beannaithe. Rinneadh measúnú ar na tionchair seo trí mhodhanna, méid agus toirt na gcré-oibreacha a moladh a mheas. i dtéármaí toirteanna gearrtha agus líonta, tochailtí ar ithir bhog agus carraig agus eastóscadh agus taisceadh ábhair.

Aithníodh tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann le linn na céime oibríochta mar thruailliú ithreach ó dhoirteadh de thaisme ó fheithiclí agus/nó gníomhaíochtaí cothabhála, athruithe ar limistéir athluchtaithe agus stóráil uiscíoch chomh maith leis na himpleachtaí a bhíonn ann mar gheall ar athrú aeráide.

Moladh sraith beart leis na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis na céimeanna tógála agus oibríochta a mhaolú, lena n-áirítear allmhairiú ábhar líonta a íoslaghdú, ábhar tochailte (ithir agus cloch) a athúsáid, teicnící le creimeadh agus dríodar a rialú, tógáil chéimnithe claífort, maolú atá leabaithe sa dearadh draenála le caighdeán screamhuisce a chosaint agus le tionchair an athraithe aeráide a fhritháireamh. Cuirfear toibreacha soláthair intíre isteach san áit a raibh cinn a raibh tionchar orthu, agus déanfar tuilleadh tástálacha hidrigeolaíochta i gceantar Thobar Beannaithe. Ní bhfuarthas amach le réamhthástáil hidrigeolaíoch cruinnfhoinse an uisce a líonann an tobar, mar sin de, moltar má bhíonn tionchar buan ar an tsoláthar uisce cuirfear foinse nua screamhuisce isteach a mbeidh an sreabhadh gearrshaolach reatha céanna aige ag an tsuíomh atá ann faoi láthair. Déanfar an socrú sin a dhearadh i gcomhar leis an forbairt ar an limistéar taitneamhachta coillearnaí atá beartaithe i gCoillte Dhroim Bó.

Meastar go laghdófar tionchair iarmharacha a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe go **neamhbhríoch** le **tábhacht neamhbhraite**.

# 11 UISCE

Tiomsaíodh an t-eolas atá de dhíth le measúnú tionchair a éascú ar an Fhorbairt Bheartaithe i leith hidreolaíchta ó thaighde deisce, samhaltú tuile hiodrálach, measúnú ar riosca doirteadh, Measúnú ar Uirlis Mheasúnaithe Riosca de chuid Mhórbhealaí Shasana, agus measúnú riosca tuilte. Tá cur síos gairid ar na gnéithe hidreolaíochta de na trí chuid ar fáil thíos.

## 11.1 Timpeallacht Bhonnlíne

Tá Cuid 1 suite taobh istigh de dhobharcheantar na Daoile agus Abhainn na Finne, agus tá an dá cheann clúdaithe ag mórcheantar an Fheabhail – Limistéar Hidriméadrach 01. Tá an bealach a mholtar suite den chuid is mó i ndobharcheantar Abhainn na Finne. Moltar na gnéithe hidrigeolaíocha a leanas:

- Droichead seacht-réise 360 m ar fad, ag trasnú Abhainn na Finne ó bhaile fearainn Chabraigh go Droim Bó Íochtarach.
- Trasnán droichid taobh istigh de dhobharcheantar na Finne ag Abhainn Backlees i mbaile fearainn Dhroim Bó Uactarach
- Trasnán droichid taobh istigh de dhobharcheantar na Daoile ag Abhainn na Cloiche Rua i mbaile fearainn Meenavoy
- 39 lintéar le haghaidh uiscechúrsaí níos lú agus draenacha talaimh.

Ar feadh bhealach Chuid 1 taobh istigh de dhobharcheantar na Finne agus dobharcheantar na Daoile, tá stádas sannta ag an EPA do na comhlachtaí uisce a bhfuil tionchar díreach acu orthu, Ard (an Fhinn (Dún na nGall)_050), Maith (an Fhinn (Dún na nGall)_060; an Chloch Rua_010), Measartha (Burn Daurnett_010; an Fhinn (Dún na nGall)_070) agus Bocht (an Daoil (Dún na nGall)_030). Aicmítear na comhlachtaí uisce seo uilig mar I mBaol i dtimthriall 2019–2024. Taobh istigh de dhobharcheantar na Daoile, tá craobh-abhainn Mhachaire Corráin sa Daoil (Dún na nGall)_030, lena sanntar Drochstádas agus I mBaol.

Aicmítear Abhainn na Finne mar SAC.

Tá Cuid 2 suite taobh istigh de dhobharcheantair na Súilí agus Shruthán an Oileáin atá cuimsithe ag mÓrcheantar Loch Súili – Limistéar Hidriméádrach 39. Den chuid is mó tá an bealach beartaithe suite taobh istigh de dhobharcheantar na Súili. Moltar na gnéithe hidrigeolaíocha a leanas :

- Droichead tríréise 235 m ar fad ag trasnú na Súilí ag Leitir Ceanainn.
- Droichead coisithe ag crosaire Shruthán an Oileáin atá ann faoi láthair.
- 37 lintéar le haghaidh uiscechúrsaí níos lú agus draenacha talaimh.

Tá na stádais WFD sannta seo a leanas ag na comhlachtaí uisce feadh bhealach Chuid 2 : tá Sruthán Dhúbhealach _ 010 Maith, Gan Bheith i mBaol; an tSúilí (Dún na nGall)_010 Maith, Faoi Athbhreithniú; Sruthán Leslie Hill _ 020 Measartha (múnlaithe), I mBaol. Sanntar drochstádas d'Inbhear Súilí agus tá sé i mbaol nach gcomhlíonfaidh sé cuspóirí WFD.

Aicmítear Inbhear Loch Súilí mar SAC.

Tá an chuid thuaidh de Chuid 3 taobh istigh de Dhobharcheantar Abhainn an Fheabhail agus tá an chuid theas taobh istigh de dhobharcheantar Abhainn an Fheabhail. Tá trasnú na Daoile, Shruthán na Súilí agus Abhainn na Finne uilig taobh istigh de dhobharcheantar Abhainn an Fheabhail. Moltar na gnéithe hidreolaíocha seo a leanas :

- Trasnú droichid trí réise 108 m ar fad ag an Daoil
- Trasnú droichid ag Sruthán na Súilí, réise aonair 30 m ar fad (glanréise Skew )
- Trasnú droichid ag abhainn na Finne, ocht réise 287 m ar fad
- 34 lintéar le haghaidh uiscechúrsaí níos lú agus draenacha talaimh.

Sanntar stádas WFD "Measartha" do dhobharcheantar Leslie Hill, na Daoile agus na Finne, ach Sruthán na Súilí stádas WFD "Bocht". Sainmhínítear na dobharlaigh i ndobharcheantair Leslie Hill agus na Finne mar 'I mBaol', agus na cinn i Sruthán na Súilí mar ag 'Athbhreithniú'.

Aicmítear Abhainn na Finne, Abhainn an Fheabhail agus Loch Súilí mar SACs.

## 11.2 Caighdéan an Uisce

Ní chuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe, de réir dearaidh agus le maoluithe meath ar an stádas in aon dobharlach dromchla (ar an iomlán nó ag eilimint chaighdeáin aonair ar leibhéal an dobharlaigh), ná ní chuirfidh sé cosc ar dhea-stádas a bhaint amach. Beidh an baol níos lú ag an bhóthar atá beartaithe ar chaighdeán níos airde de bharr timpistí ar dhoirteadh truailleán de bharr timpistí tráchta bóthair ná an gréasán bóithre atá ann cheana féin

## 11.3 Tuilte

**Tionchair sa Chéim Tógála**

Ar fud Chuid 1, 2, agus 3, d'aithin an measúnú tionchair sa chéim tógála tionchair neamhbhraite nó beagán diúltach ar fhormhór na n-uiscechúrsaí EPA, le tionchar áitiúil measartha/éadrom ag suíomhanna ar leith. I gCuid 1 tugadh faoi deara tionchar measartha/éadrom ag sruthán Daurnett (01_1815) . I gCuid 3 measadh tionchar  measartha/ éadrom a bheith ag Sruthán na Súilí (01_1541, 01_1548, agus 01_1560). Ar fud na gcodanna uilig, táthar ag súil go laghdóidh cur i bhfeidhm  beart maolaithe le linn na tógála na tionchair seo go suntasach.

**Tionchair sa Chéim Oibríochta**

Ar fud na gcodanna uilig, meastar go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha díreacha agus indíreacha ar riosca tuile ag formhór na n-uiscechúrsaí EPA, nach meastar a bheith suntasach. I gCuid 1, aithníodh éifeacht fhadtéarmach dhíreach mheasartha/bheag ag Sruthán Daurnett gar d'Acomhal na Dubhaise, le méadú beag ar cheantair thuilte báite faoi choinníollacha tuile dearaidh. I gCuid 2, tugadh faoi deara éifeacht shuntasach fhadtéarmach ag trasnú Abhainn na Súilí, agus bhí méadú beag ar limistéir faoi thuilte faoi choinníollacha tuile dearaidh fosta. Tathar ag súil go laghdóidh cur i bhfeidhm  beart maolaithe le linn na céime oibríochta na tionchair sin go suntasach

## 11.4 Toinchair Iarmharacha

**Céim Tógála**

Leis an dearadh bheartaithe, agus leis na bearta maolaithe agus na rialuithe timpeallachta uilig a chuirtear i bhfeidhm mar a fhorordaítear san EIAR ní bheidh tionchar suntasach ar bith ar thimpeallacht an uisce mar thoradh ar an chéim tógála san Fhorbairt Bheartaithe.

**Céim Oibríochta**

Leis an dearadh bheartaithe, agus leis na bearta maolaithe agus na rialuithe timpeallachta go léir a chuirtear i bhfeidhm mar atá ordaithe san  EIAR beidh tionchar **dearfach** ar an timpeallacht uisce mar thoradh ar an chéim oibríochta san Fhorbairt Bheartaithe.

Níl méadú ar bith suntasach ar riosca tuile tuartha le linn chéim oibríochta na forbartha, dá bhrí sin tá an tionchar iarmharach **fíorbheag gan bheith tábhachtach**.

Mar fhocal scoir, **níltear** ag súil le tionchair dhiúltacha **shuntasacha** hidreolaíocha mar gheall ar thógáil agus/nó oibriú na Forbartha Beartaithe.

# 12 CAIGHDEÁN AN AEIR

Sa chaibidil seo den EIAR déantar measúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an Fhorbairt Bheartaithe ar an timpeallacht ghlactha le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochtúla. D'fhéadfadh éifeachtaí a bheith ann ar chaighdeán an aeir le linn na céime tógála, mar shampla ó ghiniúint deannaigh tógála agus trácht tógála. Le linn na céime oibríochta, d'fhéadfadh tionchair astaíochtaí a bheith mar thoradh ar athruithe ar mhéideanna, suíomhanna nó meascán tráchta feithiclí taobh istigh den Fhorbairt Bheartaithe.

Is fearr a léiríonn Crios D (Éire Thuaithe) (EPA) caighdeán an aeir sa cheantar. Tiomsaíodh sonraí monatóireachta bonnlíne ó bhunachar sonraí EPA agus stáisiúin mhonatóireachta atá á n-oibriú ag an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) i dTuaisceart Éireann. Tagann na foinsí truaillithe aeir atá ann faoi láthair gar don Fhorbairt Bheartaithe ó astaíochtaí tráchta ar bhóithre ó na gréasáin bóithre ar na gaobhair, téamh spáis le haghaidh maoine cónaithe, tráchtála agus eile, talmhaíocht, saoráidí le ceadúnáis astaíochtaí agus ionaid chóireála fuíolluisce.

Úsáideadh sonraí logeolaire le gabhdóirí daonna leochaileacha a aithint taobh istigh de 250 m ón Fhorbairt Bheartaithe.

Maidir leis na réadmhaoine (lena n-áirítear scoileanna agus gabhdóirí íogaire eile) atá suite taobh istigh de 100m ón ailíniú atá ann faoi láthair, beidh glanlaghdú ar thruailliú mar thoradh ar an ailíniú ag bogadh ar shiúl ó cheantair is airde dlús mar Leitir Ceanainn, Srath an Urláir agus Bealach Féich. Feicfidh cónáitheoirí agus áitritheoirí na maoine seo laghdú glan ar neamhchosaint ar thruailliú tráchta a bheidh ar scála ó thionchar **neodrach go fíorthairbheach** ar chaighdeán an aeir.

Maidir leis na maoine atá suite ar an ailíniú bheartaithe, beidh glanmhéadú ar an neamhchosaint ó thrácht ar na bóithre. Beidh glanmhéadú ar an neamhchosaint ar thruailliú tráchta ag cónaitheoirí agus áitritheoirí seo a bheidh ó **neodrach go measartha tairbheach** ar chaighdeán an aeir.

Bainfear maolú oibríochtúil amach go príomha trí fheabhsuithe atá bunaithe ar reachtaíocht an AE i dteicneolaíocht breosla agus innill agus as a dtagann laghdú de réir a chéile ar astaíochtaí in aghaidh na próifíle feithicle.

Rinneadh measúnú ar ghabhdóirí éiceolaíochta taobh istigh de 50 méadar ó theorainn an láithreáin. Pléadh an measúnú ar thaisceadh nítrigine agus aigéid ar éiceachórais leochaileacha le cleachtóirí bithéagsúlachta an tionscadail agus meastar go bhfuil tionchair na n-athruithe ar chaighdeán an aeir ar ghnáthóga leochaileacha san Fhorbairt Bheartaithe **beagán díobhálach fadtéarmach**, rud nach bhfuil suntasach i dtéarmaí EIA.

Tá seans ann go mbeidh tionchar carnach ag deannach ar na cónaitheoirí ar an tSrath Bán agus SAC Abhainn na Finne le linn thógáil Chuid 3 agus Nasc N14/N15 go dtí A5. Leis an mhaolú deannaigh fhorordaithe, is tionchar '**gearrthéarmach beagán díobhálach**' an tionchar seo. Maidir le tionchair ar shláinte an duine ó thrácht oibríochtúil, chuir samhaltú astaíochtaí ar scála áitiúil i gCuid 3 san áireamh fosta gabhdóirí cónaithe agus daoine eile soir ón teorainn sa cheantar thart ar an tSrath Bán. Mar atá leis na maoine eile i gCuid 3, meastar go mbeidh tionchar neodrach fadtéarmach ar chaighdeán an aeir ag gach maoin atá suite gar don ailíniú bheartaithe sa tSrath Bán, rud nach bhfuil suntasach i dtéarmaí EIA. Meastar **nach** bhfuil an poitéinseal go mbeadh tionchar trasteorann aige ar SAC Abhainn na Finne **beagán díobhálach** rud **nach** bhfuil **suntasach**.

Ullmhóidh an Conraitheoir Plean Bainistíochta Deannaigh (DMP) lena n-áirítear na bearta maolaithe agus monatóireachta atá sa Chaibidil seo. Cuimseoidh an DMP sonraí faoi chóras monatóireachta ag baint úsáid as tomhsairí caighdeánacha Begerhoff (go caighdeán VDI) ag sraith suíomhanna a aithníodh bunaithe ar riosca féideartha núis deannaigh. Bunófar ceithre shuíomh monatóireachta ar a laghad ar gach ceann de

Chuid 1, 2 agus 3. Beidh ar an chonraitheoir leibhéil deannaigh mhíosúla a choinneáil faoi bhun na treoirlíne de 350 mg/m$^2$/lá (do dheannaigh neamhghuaiseach) mar mheán bliantúil ag gabhdóirí íogaire.

Déantar tábhacht na héifeachta ar chaighdeán an aeir trí mhéid an tionchair agus íogaireacht an ghabhdóra a comhghaolú. Chun críocha an mheasúnaithe seo, socraíodh nach bhfuil aon éifeachtaí a bhfuil leibhéal suntasach beag nó níos lú acu suntasach i dtéarmaí an EIA. Bhí tionchair ar Chaighdeán an Aeir idir **beagán díobhálach** agus **measartha díobhálach**, agus **neodrach** go **measartha tairbheach**.

Maidir leis na maoine atá suite feadh an ailínithe atá beartaithe, beidh glanmhéadú ar an nochtadh do thruailliú aeir ó thrácht ar bhóithre le linn na hoibríochta. Feicfidh formhór na gcónaitheoirí agus na n-áitritheoirí sna maoine seo tionchar a bheidh '**idir neodrach fadtéarmach** agus **beagán díobhálach'** ar chaighdeán an aeir. Beidh tionchar '**díobhálach subsatintiuil fadtéarmach**' ar mhaoin amháin agus beidh tionchar '**fadttéarmach measartha díobhálach'** ar thrí mhaoin eile.

# 13 AIRÁID

Sa chaibidil seo den EIAR meastar na tionchair aeráide a d'fhéadfadh a bheith ag an Fhorbairt Bheartaithe ar an timpeallacht ghlactha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus oiriúnú don aeráid.

D'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí ar an aeráid le linn gach céim den Fhorbairt Bheartaithe, mar shampla an réamhthógáil, an tógáil agus an oibríocht. Scrúdaíodh gach céim den tionscadal chun iad siúd a bhfuil poitéinseal astaíochtaí gás ceaptha teasa acu a aithint.

Measadh astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin go príomha) bunaithe ar ghníomhaíchtaí agus ar ábhair do gach céim den Fhorbairt Bheartaithe. Úsáidtear na hastaíochtaí seo le tionchair aeráide féideartha na Forbartha Beartaithe a mhúnlú. Scrúdaítear bearta maolaithe, tionchair charnacha agus éifeachtaí suntasacha fosta i bhfianaise na n-astaíochtaí carbóin múnlaithe.

Úsáideadh uirlis charbóin dhílsithe TII le hastaíochtaí carbóin ón Fhorbairt Bheartaithe a chainníochtú. Is táirge an uirlis charbóin a bhfuil sé d'aidhm aige astaíochtaí gás ceaptha teasa a mheas, a aithint agus a mhaolú a fhabhraíonn ar thionscadail mhóra bhonneagair bóithre agus iarnróid. I measc na bpríomhghnéithe den Fhorbairt Bheartaithe a mheastar san anailís tá na nithe seo a leanas:

- **Céim Réamhthógála –** Is mar gheall ar thionchair a tharlaíonn astaíochtaí sula dtosaíonn tógáil an bhonneagair. Is iad na príomhghníomhaíochtaí a chuireann le hastaíochtaí carbóin ag an chéim seo ná glanadh láithreáin, athrú ar úsáid talaimh agus carbón corpraithe.
- **Céim Tógála –** Eascraíonn astaíochtaí carbóin a ghintear le linn na céime tógála ó ghníomhaíochtaí amhail tochailtí, úsáid breosla le haghaidh plandaí, úsáid leictreachais agus uisce ar an láthair, bainistíocht dramhaíola, etc.
- **Céim Oibríochta –** Baineann na tionchair seo go príomha le trácht ar an ghréasán bóithre ach chomh maith leis sin foinsí amhail cothabháil bóithre.

Cuireann carbón corpraithe sna hábhair agus iompar na n-ábhar atá de dhíth le haghaidh tógála le 40% den iomlán, agus is ionann sin agus astaíochtaí thar shaolré dearaidh iomlán na Forbartha Beartaithe. Is ionann tógáil agus 52% de na hastaíochtaí uilig. Cuimsíonn Dramhaíl Tógála diúscairt dramhaíola tógála agus iompar dramhaíola tógála, agus is ionann í agus thart ar 6% d'astaíochtaí. Ginfidh úsáid méideanna suntasacha d'acmhainní nádúrtha agus próiseáilte leis na trí chuid den Fhorbairt Bheartaithe a thógáil méid suntasach gás ceaptha teasa a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu.

Tá sraith beart maolaithe molta le húsáid ábhar ísealcharbóin a shainordú amahil stroighin, cruach agus comhiomláin thánaisteacha. Cé gur féidir leis an mhaolú seo leibhéil na n-astaíochtaí a laghdú beagán, ciallaíonn méid agus raon na n-ábhar atá de dhíth nach féidir astaíochtaí a mhaolú go hiomlán, agus meastar go mbeidh tionchar **beagán díobhálach** aige sin ar an aeráid le linn na tógála.

Le linn chéim na tógála, díorthaítear giniúint astaíochtaí gás ceaptha teasa go príomha ó thochailtí, ó ghníomhaíochtaí tógála agus ó ghiniúint dramhaíola. Is iad leibhéil na dtochailtí an rud is mó is cúis le tionchair sa chéim tógála. Meastar go nginfidh Cuid 1 méid níos mó d'ábhair agus astaíochtaí níos airde ná Cuid 2 agus 3. Meastar go mbeidh tionchar **beagán díobhálach** ag céim tógála gach ceann de na trí chuid den bhóthar ar an aeráid i ndiaidh an maolú atá beartaithe a chur i bhfeidhm.

Rangaítear glantionchar astaíochtaí tráchta sa chéim oibríochtúil ar an aeráid mar **Beagán Díobhálach** díreach fadtéarmach a bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith aige mar gheall ar an ghréasán bóithre níos leithne atá múnlaitheil dTuaisceart Éireann, rud nach meastar a bheith suntasach. Cé go bhfuil astaíochtaí réamh-mheasta neamhbhríoch i gcoibhneas leis an chás An Íosmhéid a Dhéanamh, is drochthionchar aon astaíochtaí GHG.

Tá sé suntasach go raibh roinnt mórthionscadail bhonneagair san áireamh sa tsamhaltú Gnó Mar Is Gnách a rinneadh le bonn eolais a chur faoi ullmhú CAP23, CAP24, AGUS CAP25, lena n-áirítear an Fhorbairt Bheartaithe. Léirigh an cleachtadh samhaltaithe a rinneadh le bonn eolais a chur faoi ullmhú na CBTs go bhféadfaí na spriocanna (laghdú astaíochtaí agus laghdú ciliméadar feithiclí) a leagtar amach in CAP23,

CAP24, agus CAP25 (níor athraigh spriocanna in earnáil an iompair sna trí Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide seo) ag léibhéal náisiúnta a bhaint amach ach an Fhorbairt Bheartaithe a bheith san áireamh. Dá bhrí sin, tá seachadadh na Forbartha Beartaithe comhsheasmhach le CBT agus le baint amach na spriocanna atá leagtha amach in CAP25 agus CAP24 ar leibhéal náisiúnta.

Go hachomair, tá an Fhorbairt Bheartaithe comhsheasmhach le CAP24 agus CAP25 ar leibhéal náisiúnta, agus bheadh an Coimisiún Pleanála, agus cead a thabhairt don Fhorbairt Bheartaithe, ag comhlíonadh a fheidhmeanna a mhéid is indéanta, ar dhóigh ata comhsheasmhach le CAP24.CAP25 agus na nithe eile a shonraítear in alt 15 d'Acht 2015.

# 14 TOREANN & TONNCHRITH

Rinneadh measúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar ghabhdóirí íogaire i gcomharsnacht na Forbartha Beartaithe le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochta.

Cuimsíonn an measúnú gabhdóirí atá íogair ó thorann agus tonnchrith feadh bealach gach coda chomh maith le gabhdóirí íogaire in aice le bóithre atá ann cheana féin in aice leis an bhealach atá beartaithe ina laghdaítear sreafaí tráchta 20% nó ina méadaítear 25%.

Tarlóidh **méaduithe ar feadh bomaite, gairid, sealadach agus gearrthéarmach** ar thionchar torainn le linn chéim tógála na n-oibreacha bóthair mar gheall ar an riachtanas gléasra agus innealra trom a úsáid. Chinn an measúnú go mbeidh an torann ó oibreacha tógála faoi bhun na dtairseach torainn atá ag TII de ghnáth. Mar sin féin, tá ócáidí ann nuair a bhíonn an gléasra in aice leis na gabhdóirí íogaire nuair a bheidh tionchar torainn réamh-mheasta níos mó ná na tairseacha torainn agus dá bharr sin beidh tionchar **suntasach diúltach** ag na súiomhanna íogaire torainn sin.

Moltar raon de bhearta maolaithe leis na tionchair torainn a laghdú, lena n-áirítear bearta rialaithe torainn dea-chleachtais a chur i bhfeidhm, uaireanta oibríochta a sceidealú, teorainneacha torainn tógála a chur i bhfeidhm agus monatóireacht torainn le linn gníomhaíochtaí tógála a bhfuil an tionchar is mó acu.

Tarlóidh tonnchirt tógála ón Fhorbairt Bheartaithe le linn pléasctha, agus úsáidfear trealamh trom tógála gar do mhaoine leochaileacha. Déanfar tionchair thonnchreatha le linn tógála a rialú ag baint úsáid as trealamh ísealtionchair agus beidh comhlíonadh luachanna teorainneacha tonnchreatha faoi réir monatóireachta ag na foirgnimh leochaileacha is cóngaraí le linn gníomhaíochtaí tógála a bhfuil an tionchar is mó acu. Le linn na céime tógála, déanfar monatóireacht ar gach gníomhaíocht pléasctha carraige maidir le torann (róbhrú aeir) agus tonnchrith (BuaicThreoluas Cáithníní). Déanfar monatóireacht ag an áit chónaithe is cóngaraí i ngach cás.

Le linn na céime oibríochta, atreoróidh an Fhorbairt Bheartaithe trácht ó na ceantair is mó daonra, rud a fhágfaidh go mbeidh **éifeacht dhearfach** fhoriomlán don Fhorbairt Bheartaithe le líon na suíomhanna atá íogair ó thaobh torainn réamh-mheasta níos mó ná sprioc dearaidh NRA de 60 dB $L_{den}$ ag laghdú. Mar sin féin, beidh éifeachtaí diúltacha mar thoradh ar an Fhorbairt Bheartaithe ag roinnt suíomhanna íogaire le 11 suíomh torainn aitheanta mar shuíomhanna a chomhlíonann critéir TII maidir le maolú do Chuid 1, agus 16 agus 9 gcinn de shuíomhanna gabhdóra atá íogair ó thaobh torann aitheanta mar a chomhlíonann critéir TII maidir le maolú do Chuid 1 agus Cuid 3, faoi seach.

Le torann tráchta ar bhóithre a laghdú don oiread maoine agus is féidir, rinneadh gach bóthar nuathógtha ar gach cuid den Fhorbairt Bheartaithe a mhúnlú mar dhromchlaí bóthair ísealtorainn. Fiú le dromchlaí bóthair isealtorainn suiteáilte don Fhorbairt Bheartaithe, aithníodh an riachtanas maidir le tuilleadh maolaithe agus moladh bearta maolaithe i bhfoirm bacainn/bundaí torainn agus bearta maolaithe tráchta lena n-áirítear srianta luasteorann.

Le bearta maolaithe i bhfeidhm, beidh **éifeacht iarmharach dhearfach chomhiomlán** mar thoradh ar an Fhorbairt Bheartaithe faoi chritéir Mhapáil Torainn END agus Mheasúnú ar Athrú. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil tionchar **suntasach dearfach** ag an Fhorbairt Bheartaithe ina hiomláine ar RTN taobh istigh de limistéar an staidéir. Dá thoradh sin beidh éifeachtaí dearfacha ar an timpeallacht agus ar shláinte an phobail i gcoitinne i limistéar na Forbartha Beartaithe.

# 15 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA: TALMHAÍOCHT

Tiomsaíodh an t-eolas atá de dhíth le measúnú tionchair a éascú ar thógáil agus ar oibriú na Forbartha Beartaithe i dtaca le talmhaíocht /agranamaíocht ó thaighde deisce, suirbhéanna cois bóthair, suirbhéanna úinéirí talaimh agus (nuair is féidir) suirbhéanna siúlóide feirme.

Is iad na príomhchórais talmhaíochta ná Sainchaoirigh (44.9%), Saintáirgeadh Mairteola (32.8%) beostoc féaraigh measctha (10.4%). Tá céatadán de tháirgeadh curaíochta (1.0%) agus táirgeadh déiríochta (2.0%) ann chomh maith. 27.4 heictéar is ea meánmhéid na bhfeirmeacha (Meánmhéid talmhaíochta (AAU), rud atá níos lú ná an meán náisiúnta (33 ha) ach a bheag nó a mhór ar aon dul le meánmheid na bhfeirmeacha sna contaetha teorann sa tuaisceart agus san iarthar.

Tá **Cuid 1** gar do lonnaíochtaí uirbeacha agus purláin Shrath an Urláir agus Bhealach Féich agus clúdaíonn sí cuid de sin. I gCuid 1 tá 99 úinéir talaimh a bhfuil tionchar ag an Fhorbairt Bheartaithe orthu. As na 100 ceann seo tá 41 maoin talmhaíochta ann ina meastar go bhfuil tábhacht an tionchair Mór. Ar na maoine seo, ní féidir leis an fhiontar feirme leanstan ar aghaidh ach le hoibreacha suntasacha cóiríochta agus athruithe bainistíochta. D’fhéadfadh athruithe bainistíochta den tsórt sin a bheith i gceist le hathruithe ar chineál beostoic agus líon na mbeostoc, ar limistéir táirgeachta farae/barr agus ar úsáid áiseanna clós feirme. Níl feirmeacha ar bith ann ina bhfuil an leibhéal tionchair domhain. I gcás na bhfeirmeacha atá fágtha, meastar go bhfuil an leibhéal tionchair Measartha ar 23, Beag ar 20 agus dobhraite ar 15 fheirm.

Tá **Cuid 2** tadhlach agus fite fuaite leis an chomhchathair mhór don réigiún seo, mar atá, Leitir Ceanainn. Tharla athruithe suntasacha in úsáid talaimh ó thalmhaíocht go háit chónaithe nó tráchtála sa chuid seo le fiche bliain anuas agus leanfaidh sin ar aghaidh de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh. I gCuid 2 tá 74 úinéir talaimh a bhfuil tionchar ag an Fhorbairt Bheartaithe orthu. I measc na 74 seo tá 15 mhaoin talmhaíochta ina meastar go bhfuil an tábhacht iarmharach mór. Ar na maoine seo, ní féidir leis an fhiontar feirme leanstan ar aghaidh ach le hoibreacha suntasacha cóiríochta agus athruithe bainistíochta. D’fhéadfadh athruithe bainistíochta den chineál sin a bheith i gceist le hathruithe ar chineál beostoic agus ar líon na mbeostoc, ar limistéir táirgeachta farae/barr agus úsáid áiseanna clós feirme. Tá 9 bhfeirm ann ina bhfuil an leibhéal tionchair suntasach ina bhfuil na tailte uilig a bhaineann leis na gabháltais seo á dtógáil isteach sa scéim. Tá na tionchair shuntasacha ann mar gheall ar thionchar aonair nó comhcheangailte atá ag tógáil talaimh, scaradh/roinnt talaimh agus / nó an tionchar ar fhoirgnimh nó áiseanna feirme riachtanacha. Tá an tionchar chomh mór sin nach féidir le haon mhaolú na héifeachtaí a shárú agus nach féidir le feirmeoireacht leanstan ar aghaidh. Ar na feirmeacha eile meastar go bhfuil an leibhéal tionchair measartha ar 17, beag ar 32 agus dobhraite ar fheirm amháin.

**Cuid 3** an ceann is tuaithe de na codanna uilig. Sa chuid seo tá 86 úinéir talaimh a bhfuil tionchar ag an Fhorbairt Bheartaithe orthu. As na 86 seo tá 20 maoin talmhaíochta ann ina meastar go bhfuil tábhacht iarmharach an tionchair Mór. Ar na maoine seo, ní féidir leis an fhiontar feirme leanstan ar aghaidh ach le hoibreacha cóiríochta suntasacha agus athruithe bainistíochta. Le hathruithe bainistíochta mar sin d’fhéadfadh athruithe sa chineál beostoic a bheith i gceist agus ar líon na mbeostoc, limistéir táirgeachta farae/barr agus úsáid áiseanna clós feirme. As na feirmeacha eile, meastar go bhfuil an leibhéal tionchair measartha ar 35, beag ar 19 agus trom ar 5 fheirm. Tá na tionchair shuntasacha ann mar gheall ar thionchar aonair nó comhcheangailte tógáil talaimh, scaradh/roinnt talaimh agus/nó an tionchar ar fhoirgnimh nó áiseanna feirme riachtanacha. Tá an tionchar chomh mór sin nach féidir le haon mhaolú na héifeachtaí a shárú agus nach féidir le feirmeoireacht leanstan ar aghaidh.

Mar thoradh ar chéim tógála na Forbartha Beartaithe, ginfear torann agus deannach – rud a d’fhéadfadh cur isteach ar fholláine ainmhithe feirme – agus a d’fhéadfadh cur isteach ar thalamh/seirbhísí/draenáil páirce agus / nó rochtain theoranta ar thalamh, le héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith diúltach ar oibriú agus ar bhainistíocht na bhfeirmeacha a bhfuil tionchar acu orthu.

Glacadh le sraith de bhearta maolaithe mar seo z leanas:

- Tabharfar rochtain ar ais chuig tailte ina mbaintear ar shiúl í nó ina gcuirtear srian uirthi, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an úinéir talaimh. Cuirfear sin ar fáil trí rianta rochtana cóiríochta, trí gheataí rochtana páirce nó trí thardhroichid nó íosbhealach a sholáthar.
- Aithneofar gach draenáil a bhféadfaí tionchar nó cur isteach a bheith uirthi le linn na n-oibreacha tógála le linn plé leis na húinéirí talaimh. Déanfar draenacha talaimh, a oiread agus is féidir, a chothabháil le linn na n-oibreacha. Déanfar aon damáiste de bharr na n-oibreacha a shlánú nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe. Dearfar an córas nua draenála lena chinntiú nach mbeidh aon bhaol ann go mbeidh tuile ann mar thoradh ar an Fhorbairt Bheartaithe.
- Déanfar seirbhísí ar bith a gcuirtear isteach orthu de bharr na Forbartha Beartaithe a dheisiú/a athsholáthar gan mhoill mhíréasúnta.
- Nuair is gá, tógfar fálú sealadach fóirsteanach stocdhíonach ar feadh ré na n-oibreacha. Sa chás go ndéantar damáiste do sconsaí, ballaí nó fálta nuair a bhítear ag tógáil na mbóithre seo, déanfar cruthúnas stoic orthu láithreach, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an úinéir talaimh. Críochnófar aon athchóiriú buan riachtanach ar sconsaí, ballaí nó fálta taobh istigh de dhá mhí i ndiaidh chríochnú na hoibre.
- Ceapfaidh an t-údarás áitiúil Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail (PLO). Beidh an PLO mar phríomhphointe teagmhála d'úinéirí talaimh a bhfuil imní orthu nó ceisteanna acu a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu. Chomh maith leis sin, rachaidh an PLO i dteagmháil leis an DVO áitiúil le suíomh tréad ar bith srianta feadh bhealach na Forbartha Beartaithe a bhunú. Sa chás gur cuireadh an PLO ar an eolas faoi thréad srianta ar an bhealach, beidh ar an Chonraitheoir innealrú agus pearsanra a dhíghalrú sula bhfágfaidh sé an talamh lena mbaineann. Laghdófar líon na mbealaí rochtana trasna an spáis oibre go ceann amháin i gcás tailte a bhfuil tréada srianta acu. Socróidh an Conraitheoir matai/folcadáin dhíghalraithe a athlánú le díghalráin, de réir mar is gá.

Chomh maith leis na bearta ginearálta seo, forordaíodh bearta sonracha maolaithe d'fheirmeacha aonair, de réir mar a fhóireann an tionchar/na tionchair a bhfuiltear ag súil leo do gach ceann acu. Ba chóir a thabhairt faoi deara, ag an am seo nár smaoiníodh ar chúiteamh as sealbhú talaimh ná cur isteach. Déanfar na gnoithe sin a chomhaontú, más féidir, le húinéirí talaimh nó lena n-ionadaí/ionadaithe a luaithe a bheidh cead deonaithe don scéim bheartaithe. Mura féidir comhaontú a dhéanamh, déanfar cinneadh ar an chúiteamh sin trí eadránú.

Rinneadh measúnú ar éifeachtaí foriomlána an Tionscadail ar an bhonn go bhfuil an Tionscadal tógtha ina iomláine, I measc na n-éifeachtaí seo tá torann, caighdeán an aeir, trácht, draenáil, cur isteach ar uisce ar stoc, tógáil talaimh, agus scaradh/deighilt. Go hachomair, beidh tionchar diúltach buan iarmharach ag an Fhorbairt Bheartaithe ar 244 úinéir talaimh

Tríd is tríd, ní bheidh tionchar sunatasach ag an Fhorbairt Bheartaithea r thalmhaíocht ó thaobh an chontae de. Beidh tionchar aige ó thaobh feirme aonair de bharr caillteanas talaimh talmhaíochta agus scaradh/deighilt.

# 16 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA: NEAMHTHALMHAÍOCHT

Rinneadh measúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar na sócmhainní ábhartha; neamhthalmhaíocht an cheantair máguaird le linn chéimeanna tógála agus oibríochtúla na Forbartha Beartaithe. I measc na sócmhainní ábhartha a mheastar tá mórfhóntais (leictreachas, teileachumarsáid, soláthar gáis agus uisce agus fuíolluisce) agus dramhaíl (saoráidí dramhaíola agus dramhaíl a ghintear trí Fhorbairt Bheartaithe). Rinneadh measúnú fosta ar éifeachtaí an talaimh a thógtar ó mhaoineneamhthalamhaíochta feadh bhealach na Forbartha Beartaithe mar chuid den chaibidil seo.

## 16.1 Fóntais

I measc na soláthraithe fóntais a dtuigtear go bhfuil seirbhísí acu taobh istigh de lorg na Forbartha Beartaithe nó taobh leis, tá: soláthar leictreachais (Gréasáin ESB agus Eirgrid) seirbhísí uisce (Seirbhísí Uiscí Éireann agus Uisce Dhún na nGall) agus teileachumarsáid (Eir, E-Net, SIRO, Three Networks Ireland agus Bonneagar EXCA). Níl aon ghréasán gáis ann faoi láthair i limistéar na scéime.

Trasnaíonn an Fhorbairt Bheartaithe le bealach ceangail eangaí Fheirm Ghaoithe Leitir Goill, líne 38 kilovolt (kv) (Tagairt Phleanála Uimh.20/51961) ag dhá shuíomh i gCuid 2 agus suíomh amháin i gCuid 3. Tharla comhairliúchán le hionadaithe Fheirm Ghaoithe Leitir Goill lena chinntiú gur féidir an dá cheann a thógáil de réir a gceadaithe.

Meastar go mbeidh an seans go mbeidh tionchair nó cur isteach ar sheirbhísí fóntais le linn na céime tógála de mhéid áitiúil, gairid (níos lú ná lá) nó sealadach (níos lú ná bliain), agus d'inchúlaitheacht ard. Meastar go ndéanfaidh aon tionchar nó cur isteach féideartha difear díreach don tseirbhís fóntais atá i gceist agus nach gcaillfí acmhainn mar thoradh air. Dá bhrí sin, meastar go bhuil an méid **suarach**.

Beidh idirghníomhú le roinnt fóntas, lena n-áirítear: roinnt línte lasnairde lena n-áirítear cáblaí tarchurtha Tionscadal Kelvin (cábla snáthoptaice a nascann Éire le Meiriceá Thuaidh, a mheastar a bheith ina infreastruchtúr ríthábhachtach) agus roinnt píblínte soláthair uisce poiblí. Meastar go bhfuil íogaireacht ard ag na sócmhainní seo. Meastar go bhfuil na sócmhainní fóntais atá fágtha d'íogaireacht mheasartha.

Tríd is tríd, meastar go bhfuil méid an tionchair **suarach** agus meastar go bhfuil íogaireacht na sócmhainní fóntais i limistéar na Forbartha Beartaithe Meánach /Ard. Dá bhrí sin, beidh an éifeacht ar **bheagán díobhála**, rud nach bhfuil suntasach i dtéarmaí EIA.

Mar thoradh ar chomhairliúchán fairsing le soláthraithe fóntais, tá réiteach coimhlinte do gach trasrian fóntais mór. Leanfaidh an comhairliúchán ar aghaidh le linn dearadh mionsonraithe a chur san áireamh do gach trasrian. Ní chaillfear acmhainní ar bith mar thoradh ar chríochnú na Forbartha Beartaithe.

## 16.2 Dramhaíl

Áiríodh sa mheasúnú ar dhramhaíl na cineálacha dramhaíola a aithint a d'fhéádfadh an Fhorbairt Bheartaithe a ghiniúint, chomh maith leis an fhéidearthacht maidir le hábhair a athúsáid. Bhí staidéar deascbhunaithe bunaithe ar an mheasúnú seo lena n-áirítear sainaithint na gcineálacha dramhaíola a d'fhéadfaí a ghiniúint leis an Fhorbairt Bheartaithe, athbhreithniú ar shaoráidí bainistíochta dramhaíola atá ann faoi láthair agus ar shaoráidí bainistíochta dramhaíola atá beartaithe chomh maith le hathúsáid fhéideartha ábhar.

Cuimseoidh bainistíocht dramhaíola prionsabail an ordlathais dramhaíola agus is é an cosc an cur chuige is fearr, agus ullmhú le haghaidh athúsáide agus athchúrsála ina dhiaidh sin. Aisghabháil agus diúscairt eile na roghanna is lú is fearr le haghaidh dramhaíola. Cuirfear na prionsabail sin i bhfeidhm fosta i gcomhréir leis an tSamhail um Gheilleagar Ciorclach le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochta. Cinnteoidh sin go n-íoslaghdófar giniúint dramhaíola.

Foinseoidh an Fhorbairt Bheartaithe ábhair le haghaidh tógála, agus is dea-chleachtas soláthraithe áitiúla a úsáid agus a athúsáid ar an láthair. Íoslaghdaíonn seo an tionchar timpeallachta agus an costas a bhaineann le hiompar dramhaíola agus tacaíonn sin le folláine eacnamaíoch na bpobal áitiúil i gcomhréir le prionsabal na cóngarachta; an prionsabal gur cheart earraí, seirbhísí, agus dramhaíl a bhainistiú chomh gar dá bpointe úsáide nó giniúna is féidir le hastaíochtaí, úsáid acmhainní agus costais a bhaineann le hiompar a laghdú agus agus deiseanna do gheilleagar ciorclach áitiúil a neartú ag an am chéanna.

Beidh modheolaíochtaí tógála éagsúla de dhíth ar an Fhorbairt Bheartaithe a mbeidh giniúint sruthanna dramhaíola éagsúla mar thoradh orthu. Ginfear an chuid is mó den dramhaíl ó scartáil struchtúr taobh istigh de theorainn na Forbartha Beartaithe, tochailtí a thagann chun cinn atá aicmithe mar dhramhaíl, atá ag na bábhúin tógála.

Is dócha go nginfear barrachas ábhar le linn na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Scartáil – lena n-áirítear dramhaíl a ghintear ó fhoirgnimh chónaithe agus tráchtála a scartáil leis an Fhorbairt Bheartaithe a thógáil;
- Tochailt – lena n-áirítear dramhaíl a ghintear ó thochailt carrbhealaigh atá ann faoi láthair, oibreacha tochailte a bhaineann le fánaí géara agus tochailt le haghaidh atreoraithe fóntais agus/nó cosaintí; agus
- Oibriú – lena n-áirítear dramhaíl a ghintear ó ghníomhaíochtaí cothabhála i ndiaidh an Chéim Tógála a chríochnú.

Mar gheall ar roinnt bearta maolaithe le linn na tógála d’ábhair tochailte, carnadh agus bainistíocht talaimh beifear ábalta an Fhorbairt Bheartaithe a thógáil le héifeachtaí teoranta ar an timpeallacht máguaird. Cuirfear na bearta maolaithe seo i bhfeidhm le tionchair dhiúltacha ar dhramhaíl agus ar acmhainní a sheachaint nó a laghdú le linn chéim na tógála, lena n-áirítear diúscairt dramhaíola a laghdú. Lorgófar deiseanna le hábhair seachtháirgí agus dramhaíl a athúsáid le linn chéim tógála na Forbartha Beartaithe. Déanfar sin a bhainistiú tríd an chéim tógála trí Phlean Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola Tógála agus Scartála (WMP) a chur i bhfeidhm.

Is é 2.70 milliún $m^3$ an réamhaisneis iomlán d’ábhar tochailte a ghintear ó Chuid 1 den Fhorbairt Bheartaithe, agus beidh 2.06 milliún $m^3$ de sin ar fáil le hathúsáid mar líonadh innealtóireachta agus thart ar 645 milliún $m^3$ ar fáil le haghaidh úsáidí eile.

I gCuid 2 den Fhorbairt Bheartaithe, táthar ag súil go nginfear thart ar 1.91 milliún $m^3$ d’ábhar tochailte, agus beidh 1.53 milliún $m^3$ de sin ar fáil le hathúsáid mar líonadh innealtóireachta agus thart ar 384,000 $m^3$ ar fáil le haghaidh úsáidí eile.

I gCuid 3 den Fhorbairt Bheartaithe meastar gur 3.35 milliún $m^3$ an t-ábhar tochailte a ghinfear, agus beidh 2.83 milliún $m^3$c de sin ar fáil le hathúsáid mar líonadh innealtóireachta agus thart ar 515,450 $m^3$ eile ar fáil le haghaidh úsáidí eile.

Déanfar an t-ábhar barrachais uilig a athúsáid taobh istigh de na hoibreacha, i limistéir taiscthe ainmnithe nó mar líonadh innealtóireachta eile taobh istigh de na tailte a chuirtear ar fáil. San iomlán tá daichead a cúig limistéar taiscthe suite taobh istigh de theorainneacha ábhartha CPO na Forbartha Beartaithe agus tá suíomh na limistéar taiscthe seo gar do na hoibreacha buana sna ceantair is lú tionchar timpeallachta/éiceolaíochta. Meastar go nginfear thart ar 14,987 tonna de dhramhaíl ó scartáil na maoine aitheanta.

Ní suntasach atá an méid dramhaíola a iarrfaidh aistriú taobh amuigh den tsuíomh le haghaidh athúsáide, aisghabhála nó diúscartha ar bhealach a mbeidh tionchar acu ar na cumasi bhainistíochta dramhaíola atá ar fáil agus a bhfuiltear ag súil leo sa réigiún. Déanfar formhór mór na n-ábhar a ghintear ar an tsuíomh a athúsáid sna hoibreacha agus mar sin ní dhéantar iad a aicmiú mar dhramhaíl. Mar gheall ar an méid measartha íseal de dhramhaíl a shíltear a ghinfear ó thógáil na Forbartha beartaithe, beidh an tionchar áitiúil réigiúnach maidir le spás, fad buan, inchúlaitheacht leanúnach agus íseal. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an méid beagán díobhálach.

Tríd is tríd, meastar go bhfuil méid an tionchair íseal agus meastar go bhfuil íogaireacht an ghabhdóra íseal. Dá bhrí sin, beidh Tábhacht Beagán Díobhálach ag baint leis an éifeacht ag dramhaíl a sheoltar taobh amuigh den tsuíomh, rud **nach bhfuil suntasach** i dtéarmaí EIA.

Is iad na príomhthionchair a d'fhéádfadh a bheith ann ar dhramhaíl agus ar acmhainní le linn na céime oibríochtúla ná dramhaíl a ghintear ó ghníomhaíochtaí cothabhála bóithre i ndiaidh an chéim tógála a chríochnú. Déanfar oibríochtaí cothabhála faoi dhlínse Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus de réir a bpleananna bainistíochta dramhaíola. Meastar gur suarach na tréithe réamh-mheasta a bheidh ag na tionchair a eascraíonn as oibriú na mbóithre mar gheall ar an méid íseal dramhaíola cothabhála a bhfuiltear ag súil leis. Táthar den bharúil go mbeidh sciar ard den ábhar seo ina dhramhaíl ghlas, in-bhithmhillte de nádúr. Ní mheastar go bhfuil gá le bearta maolaithe nó monatóireachta breise. D'fhéadfadh tionchar na dramhaíola oibríochtula a bheith **Díobhálach, Neamhshuntasach** agus **Fadtéarmach**.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe agus rialaithe atá beartaithe, táthar ag súil nach mbeidh tionchair shuntasacha iarmharacha ar dhramhaíl agus ar acmhainní le linn chéim tógála agus oibríochta na Forbartha Beartatithe.

San iomlán, meastar go bhfuil méid an tionchair íseal agus meastar go bhfuil íogaireacht na socmhainní fóntais i limistéar na scéime sóccmhainní ábhartha meánach. Meastar go bhfuil méid an tionchair ar bhainistiú dramhaíola íseal agus meastar go bhfuil íogaireacht an ghabhdóra íseal.

Dá bhrí sin, ní mór d'éifeacht charnach na gcéimeanna tógála agus oibríochta a bheith **de thábhacht bheag dhíobhálach** d'fhóntais agus do bhainistíocht dramhaíola, rud **nach bhfuil suntasach** i dtéarmaí EIA.

## 16.3 Tógáil Talaimh Neamhthalmhaíochta

Rinneadh measúnú fosta ar na héifeachtaí atá ag tógail talaimh ó mhaoine neamhthalmhaíochta feadh bhealach na Forbartha Beartaithe mar chuid den chaibidil seo. Rinneadh cineálacha maoine a chatagóiriú chun críocha an mheasúnaithe (e.g. cónaithe, cónaithe lena n-áirítear talmhaíocht, tráchtáil agus eile). Measann an measúnú oibreacha cóiríochta a tógadh i ndearadh na scéime le tionchair ar ghabhdóirí maoine neamhthalmhaíochta a íoslaghdú.

Éilíodh an Fhorbairt Bheartaithe talamh a thógáil ó 300 maoin neamhthalmhaíochta. Cuireadh íogaireacht agus méid rátála tionchair i bhfeidhm ar gach ceann acu, agus aird ar nádúr agus méid an talaimh shealadaigh agus an talaimh bhuain, saintréithe agus suíomh na maoine atá i gceist. Chuir na rátálacha seo bonn faoi na héifeachtaí iarmharacha a aithníodh. Aithníonn torthaí an mheasúnaithe éifeachtaí móra ar 40 maoin neamhthalmhaíochta, an déine éifeachta is airde a dáileadh. I bhformhór na gcásanna seo, áfach, tá sé beartaithe an plota gábháltais talaimh uilig a fháil agus/nó moltar go leagfar teach cónaithe nó maoin tráchtála leis an Fhorbairt Bheartaithe a éascú.

I gcásanna ina bhfuil gá le talamh a thógáil, cuirfear cúiteamh ar fáil faoi phróiseas CPO do gach úinéir talaimh de réir mar is cuí. Ar an ábhar sin, ní mholtar maolú a bhaineann go sonrach le maoin os cionn an méid a shonraítear sna hoibreacha cóiríochta (e.g. cóireáil teorann nua a sholáthar, oibreacha chuig bealaí isteach).

Tríd is tríd**, níl** an tionchar ar thógáil talaimh neamhthalmhaíochta **suntasach** ó dhearcadh náisiúnta,réigiúnach nó contae. Athraíonn an tionchar ó thábhacht **neamhbhraite go suntasach** ó pheirspeictíocht áitiúil nó aonair.

# 17 OIDHREACHT CHULTÚRTHA

Rinneadh an measúnú tionchair ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha le tagairt do thacair sonraí oidhreachta cultúrtha atá ar fáil, suirbhéanna allamuigh, torthaí measúnaithe seandálaíochta LiDAR agus torthaí suirbhéireachta geoifisiceacha seandálaíochta ceadúnaithe ag suíomhanna roghnaithe. Aithníodh sa mheasúnú. Rinneadh measúnú ar na gabhdóirí i gcomhthéacs chéim tógála agus oibríochta na Forbartha Beartaithe.. Aithníodh éifeachtaí carnacha agus trasteorann chomh maith. Meastar go bhfuil caighdeán na n-éifeachtaí ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha **diúltach.**

San iomlán tá 291 díreach agus 131 indíreach de thionchair sa chéim tógála ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha. Sna tionchair réamh-mheasta sa chéim tógála níl tionchair Shuntasacha ann. Mar sin féin, is dócha go bhfaighfear iarsmaí fo-dhromchla neamhthaifeadta ar fud lorg na scéime le linn chéim na tógála Cuirfear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt air sin. Áireofar leis sin clár de shuirbhéanna geoifisiceacha seandálaíochta agus/nó tástáil trinse agus ina dhiaidh sin caomhnú in situ (seachaint) nuair is féidir agus ina dhiaidh sin caomhnú trí thaifeadadh (tochailt agus taifeadadh seandálaíochta ceadúnaithe) d’aon ghnéithe, taiscí nó déantáin seandálaíochta aitheanta. Chomh maith leis sin, tá soláthar déanta do shuirbhéanna seandálaíochta faoi uisce nó ag spágáil, suirbhéanna braite miotail, suirbhéanna ar fhoirgnimh stairiúla agus suirbhéanna ar theorainneacha baile fearainn, nuair is ábhartha, taobh istigh de limistéar na Forbartha Beartaithe.

**Tábla 17.1 Tionchair sa Chéim Tógála ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha**

| Ciud | Díreach | Indíreach | Gan Éifeacht Réamh-mheasta |
|---|---|---|---|
| 1 | 94 | 52 | 75 |
| 2 | 58 | 12 | 71 |
| 3 | 139 | 68 | 78 |
| **Iomlán** | **291** | **132** | **224** |

Tá 3 thionchar dhíreacha agus 80 tionchar indíreacha san iomlán sa chéim oibríochta ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha. As na tionchair réamh-mheasta sa chéim oibríochta níl tionchar ar bith Suntasach. I roinnt mhaith cásanna, is féidir le tionchar ar shuíomh gabhdóra áitiúil tarlú le linn chéim na tógála agus na céime oibríochta. I dtéarmaí ginearálta, i gcás nach féidir tionchar indíreach ar ghabhdóirí Oidhreachta Cultúrtha a sheachaint, is féidir sin a laghdú trí raon cur chuige idirdhisciplíneach a ghlacadh, lena n-áirítear an úsáid a uasmhéadú ar thopagrafaíocht atá ann faoi láthair agus scagadh nádúrtha ag crainn agus fálta; tírdhreachú báiúil a úsáid agus/nó plandáil/scagadh a úsáid i limistéir amhail claífoirt ardaithe; bacainní torainn agus/ nó réitigh shoilsithe shaorga; agus roghanna inrochtaineachta feabhsaithe a sholáthar do réimsí a bhfuil luach taitneamhachtaí oidhreachta cultúrtha iontu.

**Tábla 17.2 Tiorchair sa Chéim Oibríochta ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha**

| Cuid | Díreach | Indírech |
|---|---|---|
| 1 | 2 | 35 |
| 2 | 1 | 4 |
| 3 | 0 | 41 |
| **Iomlán** | **3** | **80** |

I gcás Chuid 1 tá tionchar **suntasach** Indíreach ar shuíomh rátha Dhún Mhaoile, tobar beannaithe agus iarshíomh eaglaise (lena n-áirítear luach grúpála) ag Droim Bó Íochtarach; teachín dúchasach agus foirgneamh seachtrach ag Droim Bó Uachtarach agus foirgneamh amuigh dúchasach eile ag Cabraigh. Mar bhearta maolaitheachta tabharfar faoi criosanna eisiaimh a sholáthar le linn na tógála agus socrú séadchomharthaí/struchtúir scríofa grianghrafadóireachta sula dtógfar iad chomh maith le rochtain fheabhsaithe do chuairteoirí agus soláthar eolais ar oidhreacht.

Do Chuid 2 níltear ag tuar go mbeidh tionchair **shuntasacha** ann.

I gcás Chuid 3 tá tionchar **an-suntasach** ar Theach Croaghan agus Tionchar Díreach **an-suntasach** ar a dhiméin stairiúil ghaolmhar; agus tá tionchar **Suntasach** Indíreach ar Theach Cavanacor agus tionchar díreach **suntasach** ar a iardhiméin stairiúil ghaolmhar.Chomh maith leis sin, tá tionchar díreach **suntasach** ar theach iar-Mháiistir an Stáisiúin ag Baile an Droichid. Tá tionchair Indíreacha **shuntasacha** ar shuíomh eaglais Naomh Pádraig agus cloigtheach ag Murlach, Mansa Ghort agus gnéithe gaolmhara dúchasacha, foirgnimh amuigh ag Murlach agus foirgnimh amuigh ag Maigh an Dúigh Íochtarach. Mar bhearta maolaithe tabharfar faoi criosanna eisiaimh a sholáthar le linn na tógála agus taifid shocraithe scríofa agus grianghrafadóireachta ar ghnéithe tírdhreacha séadchomhartha/struchtúir/deartha sula ndéantar iad a thógáil, chomh maith le suirbhé geoifisiceach seandálaíochta agus tástáil trinse taobh istigh den lorg forbartha ag diméin stairiúil Theach Croaghan..

**Tábla 17.3 Tábla na hÉifrachta ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha**

| Tábhacht na hÉifeachta | An Chéim Tógála | | | Iomlán | An Cheim Oibríochta | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cuid 1 | Ciud 2 | Ciud 3 | | Cuid 1 | Ciud 2 | Ciud 3 | |
| Trom | 0 | 0 | 0 | **0** | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An-Suntasach | 0 | 0 | 2 | **2** | 0 | 0 | 1 | **1** |
| Suntasach | 7 | 0 | 6 | **13** | 7 | 0 | 6 | **13** |
| Féideartha | 11 | 9 | 17 | **37** | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Measartha | 15 | 9 | 32 | **56** | 9 | 3 | 10 | **22** |
| Éadrom | 73 | 18 | 116 | **207** | 15 | 2 | 20 | **37** |
| Neamhshuntasach | 39 | 43 | 28 | **110** | 1 | 0 | 3 | **4** |
| Dobhraiite | 1 | 62 | 82 | **145** | 5 | 0 | 1 | **6** |

I gcás Chuid 1, tá dhá éifeacht iarmharacha **shuntasacha** ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha ag Dún Mhaoile agus ag tobar beannaithe ag Coillte Chnoc an Tobair (Droim Bó Íochtarach). I gcás Dhún Mhaoile, mar thoradh ar bhearta iarmhaolaithe a bhfuil criosanna eisiaimh ionchorpraithe acu agus tírdhreachú straitéiseach/plandáil agus rochtain fheabhsaithe do chuairteoirí le tionchair ón chéim tógála agus ón chéim oibríochta a laghdú agus le cur ina gcoinne. Maidir leis an tobar bheannaithe bearta iarmhaolaithe a bhfuil criosanna eisiaimh inchorpraithe acu agus taifead scríofa agus grianghrafadóireachta ar shuíomh ag an láthair seo letionchair na tógála agus na céime oibríochta a laghdú agus cur ina gcoinne..

Maidir le Cuid 2, níl aon éifeachtaí suntasacha tuartha ann.

I gcás Chuid 3, tá dhá éifeacht iarmharacha **shuntasacha** ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha ag Teach Croaghan agus Teach Cavanacor. I gcás bhearta iar-mhaolaithe theach Croaghan a bhfuil criosanna eisiaimh ionchorpraithe iontu, mar thoradh ar thaifid oidhreachta tógtha (lena n-áirítear suíomh) roimh an tógáil, suirbhé geolaíoch seandálaíochta agus fiosrúcháin tástála agus tírdhreachú/plandáil straitéiseach le tionchair ón chéim tógála agus ón chéim oibríochta a laghdú nó cur ina gcoinne. I gcás Theach Cavanacor bearta iarmhaolaithe a bhfuil criosanna eisiaimh acu, taifid oidhreachta tógtha (lena n-áirítear suíomh) roimh an tógáil, suirbhé geolaíoch seandálaíochta agus fiosrúcháin tástála agus tírdhreachú/plandáil straitéiseach le tionchair ón chéim tógála agus ón chéim oibríochta a lagdhdú nó cur ina gcoinne.

**Table 17.4 Tábhacht Iarmharach na hÉifeachta ar an acmhainn Oidhreachta Cultúrtha**

| Tábhacht Iarmharach na hEifeachta | Cuid 1 | Cuid 2 | Cuid 3 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Trom | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An-Suntasach | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Suntasach | 2 | 0 | 2 | **4** |
| Féideartha | 11 | 9 | 17 | **37** |
| Measartha | 5 | 0 | 8 | **13** |
| Éadrom | 16 | 7 | 29 | **52** |
| Neamhshuntasach | 23 | 4 | 120 | **147** |
| Dobhraiite | 92 | 42 | 22 | **156** |

# 18 TÍRDHREACH & AMHAIRC

Rinneadh Measúnú Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc (LVIA) leis na héifeachtaí ar thréithe an tírdhreacha, gnéithe an tírdhreacha, gabhdóirí amhairc agus taitneamhachta a aithint agus a chinneadh mar thoradh ar oibreacha a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe. Sa mheasúnú tá fotámontáisí de phríomhdhearcthaí a bunaíodh agus a ndearnadh measúnú orthu mar chuid den LVIA. Rinneadh measúnú ar na héifeachtaí don Chéim Tógála agus don Chéim Oibríochta san Fhorbairt Bheartaithe. Rinneadh measúnú ar na héifeachtaí fosta roimh chur i bhfeidhm rathúil agus bunú maolaithe (plandáil) agus ina dhiaidh sin.

Rinneadh an tírdhreach a mheas agus a rangú i limistéir nádúir tírdhreacha a fhágann gur féidir cáilíocht an tírdhreacha a chinneadh. Déantar measúnú ar chumas an tírdhreacha glacadh le hathrú den chineál atá molta tríd an íogaireacht i ngach limistéar nádúir tírdhreacha.

Rinneadh cuairteanna suímh le measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht atá ann faoi láthair, leis an acmhainn amhairc atá ann cheana féin a bhunú agus le gabhdóirí íogaire a aithint, i.e. maoine cónaithe, ionaid radhairc ghalánta. Baineadh úsáid as cuairteanna suímh fosta le méid na dtionchar tírdhreacha agus amhairc a d’fhéadfadh a bheith bainteach leis an Fhorbairt Bheartaithe a fháil amach.

Tá an Fhorbairt Bheartaithe agus na purláin ghaolmhara taobh istigh de cheantair atá clúdaithe ag Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024, a ndearnadh athbhreithniú air le limistéir de thírdhreacha cosanta nó ainmniúcháin tírdhreacha atá ábhartha don LVIA a bhunú agus a aithint:

- **Cuid 1**: D’aithin an t-athbhreithniú Limistéar Nádúir Tírdhreacha amháin – LCA Ghleann na Finne - gan aon Ghairdíní Stairiúla liostaithe.
- **Cuid 2**: D’aithin an t-athbhreithniú Limistéar Nádúir Tírdhreacha amháin – LCA 15 Inbhear agus Talamh Feirme Leitir Ceanainn – gan aon Ghairdíní Stairiúla liostaithe.
- **Cuid 3**: D’aithin an t-athbhreithniú dhá Limistéar Nádúir Tírdhreacha – LCA 12 Gleann an Lagáin agus LCA 13 Gleann an Fheabhail – agus trí Ghairdín Stairiúla liostaithe - Teach Cavanacor, Teach Croghan agus Otharlann Leifear.

Le linn na céime tógála, táthar ag tuar go dtarlóidh **éifeachtaí suntasacha logánta** do gach limistéar nádúir tírdhreacha atá gar don Fhorbairt Bheartaithe. Táthar ag tuar **nach** mbeidh **aon éifeachtaí suntasacha** ar na codanna eile de na limistéir nádúir tírdhreacha atá níos faide ón Fhorbairt Bheartaithe.

Le linn na céime oibríochta, táthar ag tuar go dtarlóidh **éifeachtaí measartha logánta** agus **éifeachtaí** idir **measartha** agus **suntasach** ag an am a n-osclófar an scéim, mar nach mbeidh limistéir phlandála bunaithe go hiomlán. Ní bheidh aon éifeachtaí suntasacha tírdhreacha ar na codanna eile den tírdhreach níos faide ón Fhorbairt Bheartaithe.

Críochnaíodh fótamontáisí do 38 ionad amhairc san iomlán taobh istigh den Fhorbairt Bheartaithe. Rinneadh measúnú ar na hionaid amhairc seo mar chuid de LVIA. Baineann an chuid is mó de na tionchair amhairc shuntasacha le hionaid radhairc gar don Fhorbairt Bheartaithe:

- **Cuid 1**: Rinneadh measúnú ar 12 ionad amhairc san iomlán. Tá tionchair amhairc **shuntasacha** tuartha do sheacht n-ionad amhairc le linn na céime tógála, agus meastar go mbeidh tionchair amhairc shuntasacha ag cúig ionad amhairc le linn na céime oibríochta, roimh chur i bhfeidhm agus bhunú rathúil na mbeart maolaithe.
- **Cuid 2**: Rinneadh measúnú ar 12 ionad radhairc. Tá tionchair amhairc **shuntasacha** tuartha do naoi n-ionad amhairc le linn na céime tógála, agus meastar go mbeidh tionchair amhairc shuntasacha ag seacht n-ionad amhairc le linn na céime oibríochta, roimh chur i bhfeidhm agus bhunú rathúil na mbeart maolaithe.
- **Cuid 3**: Rinneadh measúnú ar 14 ionad amhairc san iomlán. Tá tionchair amhairc **shuntasacha** tuartha do 14 ionad amhairc le linn na céime tógála, agus meastar go mbeidh tionchair amhairc shuntasacha ag 14 ionad amhairc le linn na céime oibríochta roimh chur i bhfeidhm agus bhunú rathúil na mbeart maolaithe.

Rinneadh measúnú tionchair taitneamhachta amhairc cónaithe fosta mar chuid den LVIA. Leanann an measúnú seo modheolaíocht LVIA agus scrúdaíonn sé conair 500 m ar an dá thaobh den Fhorbairt Bheartaithe. Tugtar faoi deara go mbaineann éifeachtaí réamh-mheasta leis na maoine ata cóngarach don Fhorbairt Bheartaithe:

- **Cuid 1:** Ó na 169 grúpa cónaithe agus maoine aonair a ndearnadh measúnú orthu. Meastar go dtarlóidh tionchair **shuntasacha** do 60 grúpa den chineál sin gan mhaolú.
- **Cuid 2**: Ó na 96 grúpa cónaithe agus maoine aonair a ndearnadh measúnú orthu. Meastar go dtarlóidh tionchair **shuntasacha** do 25 grúpa den chineál sin gan mhaolú.
- **Cuid 3**: Ó na 150 grúpa cónaithe agus maoine aonair a ndearnadh measúnú orthu. Meastar go dtarlóidh tionchair **shuntasacha** do 38 grúpa den chineál sin gan mhaolú.

I ndiaidh na beartaithe maolaithe atá beartaithe (plandail) a chur i bhfeidhm agus a bhunú go rathúil, laghdófar na héifeachtaí tírdhreacha agus amhairc atá tuartha a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe. Mar sin féin, meastar go leanfaidh struchtúir dhroichid agus claífoirt atá cóngarach do thithe cónaithe de bheith ina gcúis le **héifeachtaí fadtéarmacha**, cé go ndéanfaidh na gnéithe seo comhtháthú de réir a chéile leis an tírdhreach máguaird, de réir mar a aibíonn plandáil mhaolaithe, agus amharcfar orthu mar chuid den phatrún amhairc ar an bhealach.

Mar thoradh ar thúir freastail ar na bóithre, comharthaí agus soilsiú ata beartaithe ag acomhail nua, agus ag áiteanna eile feadh na forbartha, bheadh éifeachtaí buana ar thírdhreach agus ar amharc, cé nach meastar go bhfuil éifeachtaí den chineál sin neamhchoitianta ar na codanna den Fhorbairt Bheartaithe a bhfuil conair bhóthair bhunaithe acu.

# 19 IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ & ÉIFEACHTAÍ CARNACHA

Sa chaibidil seo déanta measúnú ar na hidirghníomhaílochtaí agus na héifeachtaí carnacha a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe. Déantar idirghníomhaíochtaí a mheasúnú idir na disciplíní timpeallachta uilig a phléitear san EIAR (**Caibidil 7-18**).

## 19.1 Modheolaíocht

Leagtar amach sa chaibidil seo cur chuige céimnithe maidir le Measúnú ar Thionchar Carnach (CIA).

- Céim 1: Staidéar deisce le tionscadail taobh istigh de limistéar staidéir 5 km a shainaithint (níos mó ná 1.000 tionscadal aitheanta).
- Céim 2: Scagadh tionscadail leis na tionscadail sin a aithint a bhfuil acmhainneacht acu idirghníomhú leis an Fhorbairt Bheartaithe agus tionchair charnacha a sholáthar.
- Céim 3: Measúnú mionsonraithe ar thionscadail scagtha ar fud disciplíní timpeallachta.

Úsáidtear Maitrís Idirghníomhaíochtaí (agus Maitrís Achoimre Éifeachtaí Idirghníomhacha) chun a aithint cá bhféadfadh dhá thopaic timpeallachta nó níos mó idirghníomhú le linn na tógála agus na hoibríochta. Cuimsíonn an chaibidili seo critéir scagthástála, leithdháileadh muiníne sonraí agus táblaí a thugann achoimre ar thorthaí idirghníomhaíochta.

## 19.2 Idirghníomhachtaí

Déantar idirghníomhaíochtaí a chinneadh trí chomhairliúchán idir saineolaithe timpeallachat agus an fhoireann deartha. Cuireadh comhairliúcháin phoiblí agus páirtithe leasmhara i gcrích ag príomhchéimeanna an dearaidh agus chuir ionchur ábhartha bonn eolais faoin mheasúnú ar idirghníomhachtaí. Ar a bharr sin, breithníonn disciplíní amhail Talmhaíocht Sócmhainní Ábhartha agus Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta eolas a sholáthraítear trí chomhairliúcháin le hoifigigh idirchaidrimh talaimh (LLOs) agus úinéirí talaimh.

Measadh idirghníomhaíochtaí aitheanta idir cúinsí le linn chéim na tógála © agus chéim na hoibríochta (O).

Soláthraíonn an chaibidil tuairiscí rannóige do gach disciplín agus déanann sé achoimre ar an áit a bhféadfadh idirghníomhaíochtaí a bheith suntasach:

- **Trácht & Iompar**: aithníodh idirghníomhaíochtaí le Daonra, Sláinte an Duine, Talamh, Ithir agus Hidrigeolaíocht, Uisce, Caighdeánan Aeir, Aeráid, Torann agus Tonnchrith, Sócmhainní Ábhartha 9talmhaíocht agus Neamhthalmhaíocht) agus Tírdhreach agus Amhairc.
- **Daonra**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin san ábhar roimhe seo le Sláinte an Duine, Caighdeán an Aeir, Torann agus Tonnchrith, Sócmhainní Ábhartha (Talmhaíocht agus Neamhthalmhaíocht), Oidhreacht Chultúrtha agus Tírdhreach & Amhairc.
- **Sláinte an Duine**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin sna topaicí roimhe seo le Bithéágsúlacht, Talamh, Ithir & Hidrigeolaíocht, Caighdeán an Aeir agus Torann & Tonnchrith.
- **Bithéagsúlacht (talamh & uisce)**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin sna topaicí roimhe seo le Talamh, Ithir & Hidrigeolaíocht, Uisce, Caighdeán an Aeir, Torann & Tonnchrith agus Tírdhreach & Amhairc
- **Talamh, Ithir & Hidrigeolaíocht**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin sna topaicí roimhe seo le Talamh, Ithir & Hidrigeolaíocht, Uisce, Caighdeán an Aeir, Torann & Tonnchrith agus Tírdhreach & Amhairc
- **Uisce**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin sna topaicí roimhe seo le Caighdeán an Aeir, Sócmhainní Ábhartha (Talmhaíocht agus Neamhthalmhaíocht) agus Oidhreacht Chultúrtha.
- **Caighdeán an Aeir**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin sna topaicí roimhe seo le Sócmhainní Ábhartha (Talmhaíocht).

- **Aeráid**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin sna topaicí roimhe seo le Sócmhainní Ábhartha (Talmhaíocht).
- **Torann & Tonnchrith**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu cheana féin sna topaicí roimhe seo le hOidhreacht Chultúrtha agus Sócmhainní Ábhartha (Talmhaíocht).
- **Sócmhainní Ábhartha (Talmhaíocht)**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu sna topaicí roimhe seo le Sócmhainní Ábhartha (Neamhthamhaíocht) agus Tírdhreach & Amhairc.
- **Sócmhainní Ábahrtha (Neamhthalmhaíocht)**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu sna topaicí roimhe seo le Tírdhreach & Amhairc.
- **Oidhreacht Chultúrtha**: aithníodh idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu sna topaicí roimhe seo le Tírdhreach & Amhairc
- **Tírdhreach & Amhairc**: idirghníomhaíochtaí nár tugadh aghaidh orthu sna topaicí roimhe seo

Le cur I bhfeidhm na mbeart maolaithe molta a bhfuil cur síos orthu i gCaibidil 6 go Caibidil 18, meastar nach dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha díobhálacha mar thoradh ar na hidirghníomhaíochtaí féideartha idir na disciplíní timpeallachta.

## 19.3 Éifeachtaí Carnacha

Déantar éifeachtaí carnacha a mheas le breithniú breise ar thionscadail atá ann cheana féin agus cinn atá faofa a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Fhorbairt Bheartaithe. Ar mhaithe le hiomláine, breithníodh tionscadail áirithe eile a bhí ar feitheamh nó pleanáilte, ach nach bhféadfadh cead pleanála a bheith faighte acu, sa mheasúnú tionchair fosta. D'fhorbair foireann an tionscadail measúnú ar thionchar carnach (CIA) bunaithe ar threoir fhoilsithe, le scagadh a dhéanamh arna tionscadail a bhféadfadh éifeachtaí carnacha suntasacha a bheith acu leis an Fhorbairt Bheartaithe. Mheas an measúnú an leibhéal mionsonraithe atá ar fáil go poiblí do thionscadail, chomh maith leis an fhéidearthacht le haghaidh idirghníomhaíochtaí ar bhonn coincheapúil, fisiceach agus ama.

Breithníodh 98 tionscadal agus forbairt don mheasúnú ar thionchar carnach.  Bhí an seans ann go mbeadh tionchair shuntasacha dhiúltacha maidir le hOidhreacht Chultúrtha ag A5 Conair Iompair an Iarthair (A5 WC). Go sonrach, Foirgnimh Stairiúla (TÉ) Theach Castletown agus lóiste geata Carricklee i gCuid 3. Má thoilítear an A5 WTC do phleanáil, leagfar Castletown House (HB10/08/007).Níl maolaithe breise ann nach féidir a mheas mar chuid den Fhorbairt Bheartaithe leis an leibhéal tionchair ar an ghné Oidhreachta Cultúrtha a laghdú. Ní bheidh éifeachtaí suntasacha mar thoradh ar an Fhorbairt Bheartaithe.

Maidir leis an Bhithéagsúlacht, níorbh fhéidir éifeachtaí suntasacha, gearrthéarmacha, díreacha agus indíreacha ón chéim tógala a chur as an áireamhi ndáil le dhá thionscadal beartaithe ar leithligh a bhfuil dlúth-idirghníomhaíocht acu le Cuid 1 den Fhorbairt Bheartaithe: (1) Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich/Srath an Urláir (i gcéim luath an dearaidh), agus Glasbhealach an Bhearnais Mhóir (i gcéim an deartha agus mheasúnú na timpeallachta).  Cé  nach bhfuil sé tugtha go mbeidh frámaí tógála comhthráthacha ag an dá thionscadal seo atá beartaithe leis an Fhorbairt Bheartaithe, forordaíodh maolú sonrach leis an fhéidearthacht d'éifeachtaí carnacha a laghdú go dtí **neamhshuntasach**.

## 19.4 Éifeachaí Trasteorann

Pléadh an seans go mbeadh éifeachtaí trasteorann ann le ceannairí disciplíní ábhartha. Níor cuireadh san áireamh ach disciplíní a raibh conairí féideartha acu. Tá idirghníomhaíocht fhéideartha le Tuaisceart Éireann ann sa nasc trasteorann atá beartaithe idir an Nasc N14/N15 go dtí an A5, ó dheas ó Leifear, trasna Abhainn na Finne le ceangal leis an chomhéadan le Mórbhóthar T3 beartaithe i dTuaisceart Éireann (a nascann leis an A5 WTC bheartaithe ó dheas den tSrath Bán). Má thoilítear an Mórbhóthar T3 agus an A5 WTC amach anseo agus má tá an nasc N14/N15 i bhfeidhm, beidh nascacht trasteorann ann.

Do gach disciplín, meastar go bhfuil éifeachtaí trasteorann a bhaineann leis an Fhorbairt Bheartaithe **neamhshuntasach.**

# 20 RIOSCAÍ MÓRTHIMPISTÍ AGUS TUBAISTÍ

Sa chaibidil seo den EIAR cuirtear i láthair an measúnú ar na héifeachtaí diúltacha suntasacha a bhfuiltear ag súil leo ón Fhorbairt Bheartaithe ar an timpeallacht a eascraíonn ó neamhchosaint na Forbartha Beartaithe ar rioscaí mórthimpistí agus/nó ar thubaistí atá ábhartha don Fhorbairt Bheartaithe. Breithnítear an measúnú faoi dhá phríomhchás:

1. Sa chás go bhféadfadh mórthimpiste agus/nó tubaiste a bheith ann mar thoradh ar an Fhorbairt Bheartaithe.

2. Sa chás go bhfuil neamhchosaint ag an Fhorbairt Bheartaithe ar ghuaiseacha is cúis le mórthimpiste agus/nó tubaiste.

Níl treoir náisiúnta ar bith ann maidir le measúnú a dhéanamh ar mhórthimpistí agus/nó tubaistí chun críocha EIA. Dá bhrí sin, tugadh aird sa mheasúnú ar an mhodheolaíocht atá leagtha amach in *Major Accidents and Disasters in EIA: A Primer* (IEMA, Meán Fómhair 2020[1]) chomh maith le treoir náisiúnta ábhartha ar mheasúnú riosca.  Sainmhíníonn cur chuige IEMA (2020) "éifeacht shuntasach ar an timpeallacht" mar cheann "*a d'fhéádfadh bás a bheith mar thoradh air, gortú buan agus scrios sealadach nó buan gabhdóra timpeallachta nach féidir a athbhunadh trí mhionghlanadh agus mion-athchóiriú*" agus glacadh leis an tsainmhíniú sin chun críocha an mheasúnaithe seo.

Tá trí chéim sa mhodheolaíocht seo: Scagadh,Scóipeáil, Measúnú.

## 20.1 Céim 1 Scagagh

Sa chéim scagtha aithnítear má tá neamhchosaint ag an fhorbairt ar mhórthimpistí/agus/nó tubaistí agus breithnítear an bhfeádfadh éifeacht shuntasach a bheith ann mar gheall ar fhorbairt. Sa scagadh breithníodh gnéithe tógála agus oibríochtúla den Fhorbairt Bheartaithe.

Nuair a chuirtear san áireamh dearadh na Forbartha Beartaithe, agus bearta maolaithe atá beartaithe, tá an Fhorbairt Bheartaithe socraithe do Chéim 2 do chéim na tógála agus céim na hoibríochta.

## 20.2 Céim 2 Scóipeáil

Rinneadh scóipeáil lena chinneadh an bhféadfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha a bheith ann ar an timpeallacht mar thoradh ar neamhchosaint na Forbartha Beartaithe ar rioscaí mórthimpistí agus/nó tubaistí atá ábhartha don Fhorbairt Bheartaithe.

Glacann scóipeáil cur chuige rioscabhunaithe bunaithe ar na rudaí a leanas:

- **Dóchúlacht go dtarlóidh sé.** Scála 5-phointe ó An-Dóchúil go An-Neamhdhóchúil: agus
- **Tionchar ar ghabhdóirí** (i.e. Daoine, Tosca EIA, Seirbhísí Riachtanacha, agus Sochaí). Is scála 5-phointe é seo chomh maith ó Thionchar An-Íseal go Tionchar An-Ard.

Úsáideadh samhail Foinse-Conair-Gabhdóir (S-P-R) fosta sa scéim scóipeála nuair nach bhfuil bealach chuig an ghabhdóir ag guais ar bith nó nach bhfuil aon ghabhdóir is féidir a scóipeáil amach.

Déantar guaiseacha a mheas trí mheasúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht agus ar an tionchar le leibhéal suntasachta a chinneadh.

Sa chás go ndearnadh measúnú ar ghuais i gcaibidil EIAR eile, is féidir é a eisiamh ón chaibidil seo, e.g. Riosca Athraithe Aeráide i **gCaibidil 13: Aeráid**.

[1] In 2025, d'athbhrandáil IEMA (Institiúid Bainistíochta agus Measúnachta Timpeallachta)  go ISEP (Institiúid na nGairmithe Inbhuanaitheachta agus Comhshaoil).

Mar a thuairiscítear *in Major Accidents and Disaters in IEMA* (lth, 13-16, 2020), treoraíonn an cur chuige scóipeála an measúnú le díriú ar imeachtaí le dóchúlacht íseal ach le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ard.

Sa chleachtadh scóipeála breithníodh roinnt topaicí don chéim tógála agus don chéim oibríochta san Fhorbairt Bheartaithe. Seo thíos iad:

- Mórthimpiste Iompair
- Pobail Áitiúla agus Sláinte
- Díghrádú Timpeallachta/Truailliú
- Imeachtaí Aeráide & Aimsire
- Geoghuaiseacha – Sciorrthaí Talún
- Geoghuaiseacha – Turnamh
- Geoghuaiseacha - Tuilte
- Geoghuaiseacha – Creimeadh Cósta
- Guaiseacha Nádúrtha Eile  - Crith Talaimh
- Guaiseacha Nádúrtha Eile - Falscaí
- Fóntais
- Láithreáin Rialáilte - Seveso/ COMAH
- Láithreáin Rialáilte – Saoráidí Ceadúnaithe EPA, Dramhaíl agus Talamh Éillithe.

Níl ceann ar bith de na guaiseacha/ rioscaí a aithníodh don chéim tógála nó don chéim oibríochta san Fhorbairt Bheartaithe scóipeáilte isteach do Chéim 3: Measúnú.

## 20.3 Céim 3 Measúnú

Céim 3: Soláthraíonn measúnú tuiscint bhreise ar na guaiseacha atá scóipeáilte isteach agus ar riosca mórthimpistí nó tubaistí.

Ós rud é nár scóipeáladh ceann ar bith de na guaiseacha/rioscaí tógála agus oibríochta isteach i gCéim 3: Measúnú, níl measúnú ar bith de dhíth.

## 20.4 Bearta Maolaithe

Ós rud é nár scóipeáladh guaiseacha/rioscaí ar bith isteach do mheasúnú, níl bearta maolaithe breise de dhíth seachas an méid atá clúdaithe i gcaibidlí eile EIAR.

## 20.5 Monatóireacht

Ós rud é nár scóipeáladh guaiseacha/rioscaí ar bith isteach do mheasúnú, níl bearta maolaithe breise de dhíth seachas an méid atá clúdaithe i gcaibidlí eile EIAR.

## 20.6 Éifeachtaí Iarmharacha

Níor aithníodh sa chéim scóipeála den mheasúnú guaiseacha ar bith ar dócha go mbeidh riosca mórthimpiste agus/nó tubaistí mar thoradh orthu.

Le dearadh na Forbartha Beartaithe agus le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe atá beartaithe, déanfar rialú leordhóthanach ar an tseans go mbeidh mórthimpistí agus/nó tubaistí ann. Léiríonn an measúnú nach bhfuil aon fhéidearthacht ann go dtarlóidh mórthimpistí agus/nó tubaistí de bharr na Forbartha Beartaithe agus nach bhfuil an Fhorbairt Bheartaithe neamhchosanta ar mhórthimpistí agus/nó tubaistí a mbeadh éifeachtaí suntasacha díobhálacha ann mar thoradh orthu.

Tabhair do d'aire go n-aistreofar líon mór tráchta ó lárionaid uirbeacha Bhealach Féich, Srath an Urláir agus codanna de Leitir Ceanainn agus Leifear, go dtí na bealaí nua seachbhóthair;  agus ón ghréasán bóithre atá ann faoi bhun an chaighdeáin go dtí na bóithre nua ardchaighdeáin, níos sábháilte, beidh laghdú suntasach ar an bhaol go dtarlóidh eachtraí tromchúiseacha tráchta agus tubaistí le linn na céime tógála.

# 21 SCEIDEAL NA NGEALLTANAS TIMPEALLACHA

Tiomsaíonn Caibidil 21 den EIAR na gealltanais faoi mhaolú agus monatóireacht (gealltanais timpeallachta) a thugtar i gCaibidil 6 go 20.

Ba cheart sonraí iomlána na ngealltanas éagsúil a fháil faoi threoir na gcaibidlí aonair. Cuirfear na bearta maolaithe, na rialuithe, na nódsanna imeachta, na faireachháin agus na ceanglais uilig a thuairiscítear san EIAR agus sa NIS agus coinníollacha ar bith eile a ghabhann le ceaduithe arna ndeonú ag an Choimisiún Pleanála a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.